

Pádraig Standún

Saol agus Saothar

Mórtáchtas M.A. le Seán Ó hEanáin B.A.
a rinneadh faoi threoir ghinearálta an Ollaimh
oir. Uí Fhiannachta.

Stiúrthóir: An Dr. Damien Ó Muirí

Do mo mfuintir

CLÁR

Buíochas		1
Brollach		3

Cuid I

Caibidil 1	Eolas faoin Údar	6
Caibidil 2	An Sagart mar údar agus an Sagart mar charachtar	15

Cuid II

Caibidil 3	<u>Súil le Breith</u> Struchtúr, Plota agus Carachtracht	29
Caibidil 4	<u>AD 2016</u> Suíomh, Struchtúr, Plota agus Carachtracht	64
Caibidil 5	<u>Mná i nGrá</u> Struchtúr, Plota agus Carachtracht	97

Cuid III

Caibidil 6	An Sagart sa saothar	126
Caibidil 7	Ualach na Croise	132
Caibidil 8	An Tráchtairacht Shóisialta	139
Tátal		145
Aguisíní		147
Nótaí		160
Liosta Leabhar agus Alt		176

Buíochas

Ba mhaith liom, mo bhuíochas a ghabháil leis an Athair Ó Fiannachta agus le mo stiúrthóir, An Dochtúir Damien Ó Muirí a dháil a chuid ama agus comhairle orm agus mé i mbun an tsaothair seo.

Táim go mór faoi chomaoin ag an Athair Pádraig Standún a cheadaigh dom amharc ar a úrscéal neamhfhoilsithe agus a thug a bheannacht don tionscnamh seo.

Tá buíochas tuillte freisin ag an Athair Tomás Ó Cadhain a nocht dearcadh an tsagairt *Ghaeltachta* dom ar an saothar agus ag Séamas Ó Scollaí Cló Chonamara a thug cóip den úrscéal neamhfhoilsithe ar iasacht dom.

Táim buíoch freisin de Sheosaimhín Ní Chonghaile a rinne an clóscríobh dom agus de Mháire Uí Áinle a léigh na profaí dom.

Táim an-bhuíoch ar fad do mo mhuintir. Iad siúd a ghríosaigh mé nuair a bhíos ar lagmhisneach.

Mo mhíle buíochas dóibh.

Noda

SLB Súil le Breith

AD AD. 2016

MnG Mná i nGrá

N.B. Tugtar na téacsanna gan c eartú. Tá uimhreacha na leathana-ch ag tagairt do na téacsanna atá foilsithe i gcás Súil le Breith agus AD 2016 agus don lámhscríbhinn neamhfhoilsithe i gcás Mná i nGrá.

Brollach

Déanfar anailís ins an saothar seo ar shaol is ar shaothar Phádraig Standúin. Cé gur díoladh níos mó ná míle cóip dá chéad úrscéal SLB, níl mórán léirmheastóireachta déanta ar a shaothar go nuige seo.

Déanfar iarracht an bhearna sin a líonadh ins an tionscnamh seo. Roinntear an tráchtas i dtrí chuid:

- I. An Réamhrá
- II. Saothar an údair
- III. Téamaí na n-úrscéalta

I An Réamhrá

Pléitear saol an údair go ginearálta i gcaibidil 1. Tugtar achoimre bheathaisnéisiúil mar aon le liosta dá shaothar liteartha. Tu gaim faoina léiriú cén saghas scríobhaí é. Déantar léirmheas ar a iarrachtaí neamhliteartha de réir na gcritéir seo a leanas:

1. Altanna ar an nGaeltacht
2. Altanna ar an Eaglais
3. Altanna ina nochtann sé a dhearcadh i leith na litríochta.

Tugtar cuntas gairid ar an sagart mar údar agus ar an sagart mar charachtar i gcaibidil 2. Roghnaítear údair ón ngrúpa traidisiúnta agus ón lucht nuaimseartha chun bheith cothrom. Déantar é seo chun an Standúnach a mheas i gcomhthéacs sagairt eile atá i mbun an phinn.

II Saothar an údair

Scrúdaítear saothar an údair i gcuid II. Pléitear SLB i gcaibidil 3. AD i gcaibidil 4 agus MnG i gcaibidil 5. Pléitear struchtúr an úrscéil i dtosach agus tugtar achoimre ar an bplota. Déantar anailís ar an éifeacht liteartha atá leo ansin.

Déantar plé ar na carachtair freisin le léirmheas ar na príomhcharachtair agus mionscrúdú ar na

fó-charachtair. Cuardaítear an fhianaise chun an fhorbairt a tháinig ar an Standúnach mar scríobhaí a thuiscint.

II Téamaí na n-úrscéalta

Pléitear roinnt de théamaí na n-úrscéalta i gcuid III. Déantar iniúchadh ar an sagart sna húrscéalta i gcaibidil 6. Scrúdaítear an tSagartóireacht de réir an teagaisc Chaitlicigh i gcómhthéacs na saothar.

Déantar plé ar théama na croise i gcaibidil 7. Téama athfhillteach é seo ina shaothar cruthaitheach. Leagtar béim faoi leith ar an bhféinfhreagracht.

Faightear díospóireacht ar SLB mar fhoinse den stair Shóisialta i gcaibidil 8. Bua aitheanta dá shaothar é seo. Leagtar béim ar na himpleachtaí a ghabhann leis sa chomhthéacs liteartha.

Sonrófar pátrún sa saothar seo. Feicfead feidhm an scríobhaí mar bholscaire ag teacht chun cinn tríd síos.

CUID I

An Réamhrá

CAIBIDIL I

Eolas faoin údar

Is é aidhm na caibidle seo ná cuntas gairid a thabhairt ar shaol an údair agus ar na cúiseanna a ndeachaigh sé i mbun an phinn.

Tá an chaibidil i dtrí ranna. Tugtar an t-eolas beathaisnéisiúil in A. Pléitear samplaí dá shaothar seachliteartha in B agus déantar iniúchadh ar a mheon i leith na scríbhneoireachta in C.

A. Saol an údair

Rugadh Pádraig Standún i mBéal na Carra, Caisleán an Bharraigh ar an ochtú lá de Feabhra 1946. Feirmeoir beag agus pláistéir ab ea a athair. D'fhreastail sé ar an gclochar áitiúil agus fuair sé a oideachas meán scoile i gColáiste Iarfhlatha i dTuaim. Chuaigh sé go Coláiste Phádraig Maigh Nuad i 1964 áit ar oirníodh é mar shagart in 1971. Chaith sé tréimhse ghairid i gColáiste Iarfhlatha mar dhéan sula ndeachaigh sé go hOileáin Árann. D'oibrigh sé mar shéiplíneach ansin ó 1971 — 1975 nuair a aistríodh é go dtí an Cheathrú Rua. D'fhill sé ar Inis Meáin i 1987, áit inar fhan sé go lár 1990 nuair a fuair sé bliain shabóideach fá choinne na scríbhneoireachta. Tá dhá úrscéal Súil le Breith agus AD 2016 foilsithe aige mar aon le dráma Bidfn. Tá altanna scríofa aige in irisí éagsúla. Tá sé ag obair faoi láthair ar an dréacht deireanach dá thriú úrscéal agus ar aistriúchán Béarla de Súil le Breith a bheas ag teacht amach roimh dheireadh na bliana.

Scríbhneoir é an Standúnach nach leasc leis an rud atá ar intinn aige a rá go poiblí. Dearbhaíonn sé go bhfuil sé de dhualgas air é seo a dhéanamh fad is a bhíonn an t-inspreagadh beo ann. Ní staonann sé ón bpeannaireacht de thoradh thionchar na timpeallachta a chuireann isteach air agus é i mbun an phinn:

Níl baol ar bith ann, gur tost deoraíocht agus gliceas silence, exile and cunning atá i gceist i mo dhul thar sáile. Cibé faoin ngleas nó faoin ndeoraíocht níl baol ar bith ann go mbeidh mo bhéal ina thost nó mo pheann tirim.¹

B. Saothar Seachliteartha

Scríobhann sé ar cheisteanna éagsúla. D'fhéadfá a shaothar neamhliteartha a aicmiú mar a leanas:

- I.) Altanna ar an nGaeltacht
- II.) Altanna ar an Eaglais agus an Stát
- III.) Altanna ina nochtann sé a dhearcadh i leith na litríochta.

Pléifear (I) agus (II) anseo. Déanfar iniúchadh ar (III) in C.

I.) An Ghaeltacht

Ní leasc leis tabhairt faoi neamhshuim na bpolaiteoirí i dtaca leis an nGaeltacht. Faightear sampla de sin in alt a scríobh sé faoin easpa airde a thugann siad ar fhadhbanna an oileáin. Deir sé an rud atá ar intinn aige ar bhealach dhíreach agus a thuairimí á nochtadh aige:

*Níl suim dá laghad ag ceachtar de Theachtaí Dála an cheantair ionainn. Ní fhreagraíonn siad litir ón gcomharchumann féin níos mó. TD-anna In Absentia atá anois againn ar nós tiarnaí talún an chéid atá caite.*²

Feictear gné eile de seo in alt a scríobh sé faoi chur i gcéill na bpolaiteoirí maidir leis an tseirbhís fharantóireachta. Tugtar sampla den stíl dhogmach chéanna faoi deara anseo le bolscaireacht aontaobhach — an t-údar ag déanamh a phointe gan rud ar bith fágtha as an áireamh aige. Teastaíonn sé uaidh a mheón a chur ós comhair an tsaoil:

*Bhfuil brí ar bith ionaibh nó nach bhfuil sna hoileáin seo ach Photo opportunities. Ní fiú an sláimín vótaí. Nó an fiú?*³

Tá an méid céanna le sonrú ina ráiteas ar chúrsaí talmhaíochta. Léirítear an tuairim arís gan fiacail á chur ann. Is follasach gur duine macánta é muna n-aontófá leis ar chuile pointe:

*Céad faoi tseirbhís scéim talmhaíochta a Mhicil Uí Chinnéide, Aire Talmhaíochta agus Gaeilgeoir.*⁴

Tugtar sampla eile de le fios nuair a ionsaíonn sé Bord Sláinte an Iarthair as ucht na seirbhíse sna

hoileáin. Déantar an ghnáthbholscaireacht i gcoinne an té nach n-aontaíonn an t-údar leis agus cuirtear os ár gcomhair é go plinc pleanc:

Ach tá go leor gur féidir le Bord Sláinte an Iarthair a dhéanamh gan mórán costais le saol na n-oileánach a dhéanamh níos sláintiúla agus níos compórdaí. ⁵

Mothaítear é freisin sa mhéid a scríobhann sé faoi Theilifís na Gaeltachta. Míníonn sé a thuairim ar an ngnáthbhealach le 'réiteacha' dá chuid fhéin i bhfoirm mholtaí praicticiúla:

D'fhéadfaí monarchanna folmha a athchóiriú mar stuideonna, agus d'fhéadfadh an tÚdarás an méid airgid a chosnaíonn sé orthu seo post a chur ar fáil a infheistiú sa tionscnamh. ⁶

Scríobhann sé roinnt mhaith ar cheartanna sibhialta na Gaeltachta. Chaith sé féin lá agus oíche i Muinseo tar éis dó diúltú fineál airgid a íoc. Déanann sé é ar an dóigh chéanna ag tabhairt amach faoi na rudaí a chuireann as dó. Faightear sampla de seo i litir a scríobh sé chuig an gCuradh Chonnachtach ag déanamh gearáin faoin drochbhail a bhí ar na bóithre:

The roads around here are gone past becoming a joke. For me 1983 will be remembered as the year of the three broken strings. I hope the 4 in 1984 has no special significance. ⁷

Tugtar an méid céanna faoi dear san ionsaí i gcoinne an rialtais in anois. Feictear leid dhíreach dá ghnáthchlaonadh, sampla soiléir é dá fheidhm mar bholscaire ina theannta sin:

Níor mhaith liom féin bheith i mo pháobaire aonphoirt ag síorghearán faoi dhrochbhóithre, ach cén rogha atá ag duine a bhfuil a charr agus a thóin á bhriseadh lá i ndiaidh lae? ⁸

Briseann sé amach freisin ina ráiteas faoi stadas polaitiúil na Gaeltachta. Labhraíonn sé ar an leatrom a fheiceann sé. Feidhmíonn sé mar phraetseálaí ag seanmhóireacht ar cheist dhíreach mar a chonaic muid cheana féin:

Tá sé thar am ag ar bpobal thiar T.D. neamhspléach a thoghadh a sheasfadh an fód dóibh mar a sheasann Tony Gregory do mhuintir lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath. ⁹

Tá sé le feiceáil freisin in alt dá chuid faoi leatrom a rinneadh ar na bochtáin sa chóras dlí agus cirt. Tugann sé miniú ar a bharúil don léitheoir agus fágtar sinn lena sheasamh ar an gceist:

Is fíor don Ath. Peter Mc Verry C.I. nuair a deir sé gurb iad na boicht nó daoine a throidéann ar a son, a líonann ár gcuid príosúin. 10

Scríobhann an Standúnach ar chúinsí sóisialta na n-oileán chomh maith. Níl aon rud úr iontu ó thaobh tuairimí de ach an gnáthchlaonadh. Nochtann sé a bharúil faoi imeachtaí áirithe a chuireann isteach ar an bpobal áitiúil mar a fheictear ina ionsaí faoin 'Spiadóireacht ar an gComharsa':

Is beag níos gránna a d'fhéadfaí a dhéanamh i mo thuairim ná litir gan ainm a sheoladh le greim a bhaint ó bhéal do chomharsan. 11

Feictear téamaí anseo a shonraítear ina shuíocháin cruthaitheach. ~~Ní héisceacht~~ an méid atá scríofa aige ar an saol sóisialta sna hoileáin.

Tugtar é seo le fios in alt a scríobh sé sna seachtóidí ina dtugann sé mion chur síos ar an bhforbairt a thagann ar chúrsaí gno agus talmhaíochta. Feictear an bhéim chéanna in SLB:

Níl aon can ar an oileán. Níl aon áit rófhada le siúl ann. Tá ceithre tarrachóir tagtha isteach anois agus tá siad ag deanamh an-leas ag tarraingt gainneamh le feabhas a chur ar talamh, ach is ar éigean atá na bóithre sách maith dóibh. 12

Taispeántar an téama céanna in alt leis san Irish Times. Díríonn sé aird an leitheora ar na fadhbanna agus ar an réiteach a theastaíonn uathu. Sampla eile é seo den Standúnach mar bholscaire:

Tá feachtas tosaithe ag Comharchumann Inis Meáin le céibh an Chialaidh Mhóir ar an taobh ó thuaidh den oileán a aththógáil gan aon mhór chúnamh Stáit. Táthar ag brath ar airgead stáit le síneadh a chur ar chéibh na Slípe ar an taobh thoir den oileán. 13

(ii) An Eaglais

Tráchtann sé ar ábhar chonspóideacha ina theannta sin. Ní leasc leis tabhairt amach faoi stádas na hEaglaise i saol an lae inniu. Déantar é seo ar an ngnáthbhealach le bolscaireacht á cur in iúl aige.

Tá sé le fáil in alt dá chuid ár an ngá le heaspag faoi leith don Ghaeltacht. Is ionann an chaoi ina

ndéantar an bolscaireacht le tuairim dhogmach á léiriú:

Mar shampla d'fhéadfadh Easpaig Thuama, na Gaillimhe, Cill Ala agus na Mí, easpag cúnta amháin a chur ag freastal ar Ghaeltachtaí a gcuid deoise. Is cuma cén t-ainm a dtabharfaí air — Riarthóir Aspalda nó ainm éigin mar sin — táim cinnte go bhfuil áit dá leithéid sa dlí canónda. ¹⁴

Tugtar an claonadh céanna faoi deara ina thuairim faoina ról féin. Nochtar é go fuarchúiseach. Ionsaítear compord agus stadas oifigiúil na sagart. D'fhéadfá éirí bréan den dógmachas seo a chuireann sé i láthair gan stad:

Is é mo thuairim gurb é an compord is cúis le coimeádachas na sagart agus a dtost den chuid is mó a' fhad is a bhí an tír á bánú ag imirce agus á tochtánú le heaspa oibre. ¹⁵

Feictear é ins an bpointe a dhéantar ar na leasuithe a lean an Chomhairle Vatacáine. Luann sé na buntáistí a bhain lena leithéid gan tagairt do na deacrachtaí. Léiriú maith é ar bolscaireacht na scríbhneoireachta:

Ceann de na hathruithe is fearr agus is deise atá tagtha isteach san Eaglais le blianta beagánuas ná go bhfuil cead ag daoine nach sagairt iad an Chómaoineach Naofa a láimhseáil. ¹⁶

Faightear é freisin sa mhéid a deirtear faoi athstruchtúrú an chórais sagartóireachta in ArdeoiseThuama. Cé nach cáineadh atá i gceist is follasach gur bolscaireacht í ó thaobh cur i láthair na barúla de. Baineann an t-aon-taobhachas céanna leis:

Chuirfí sagairt soir, siar, suas, síos, gan chead ná comhairle gan 'is ea' nó 'ní hea'. Sa lá atá inniu ann téann formhór na n-easpag i gcomhairle lena gcuid sagart sula n-athraíonn siad iad. ¹⁷

Scríobhann sé ar an Eaglais lasmuigh den Ghaeltacht freisin, le gnáthchlaonadh na bolscaireachta. Ionsaíonn an Standúnach dearcadh 'cung' na n-Éireannach mar a fheiceann sé é. Faightear sampla den mheon sin in alt dá chuid ar an reifreann um ghinmhilleadh a chosc. Déantar na pointí arís ar an ngnáth bhealach:

I still fail to see the need for a referendum. It does nothing to tackle the problems caused by unwanted pregnancies and could conceivably put the lives of women who have medical problems in danger. ¹⁸

Briseann macalla den chineál céanna amach in alt ar an gcoibhneas idir Eaglais agus Stát. Pléann sé seasamh morálta na hEaglaise ar chúinsí áirithe ón gcolscaradh go dtí an t-Eacúiméineachas — Tugtar an bharúil le fios ar an ngnáthdhóigh:

I often wonder will the 'issues' of today appear as silly in thirty years time as do the dancing in Lent, mortal sins, or the reaction to the 'Mother and child Scheme' seen today. What negative waste in a church which could have such imaginative potential in the social sphere. It's past time we got our heads out of the sand. ¹⁹

Nochtar an tuairim chéanna sa mhéid a deirtear faoi chleachtaí na Róimhe. Ionsáitear an fhimíneacht a chuireann as don údar. Ní mhilleann debhríochas a iarracht chun pointe a lua. Sampla eile é den bholscaireacht dhogmach:

Is gearr a bhíonn an Róimh ag cur ladar isteach sna gnáithe is lú a bhíonn againn. Tá sé in am acu, éisteacht le breith an phobail faoin gceist seo. ²⁰

Tugtar suntas dó san fhogha a dhéanann sé ar an gComhphobal Eorpach. Léiríonn sé a thuairim i leith an chomhmhargaidh os rud é nach ndéanann sé freastal oiriúnach ar na ceantair neamhfhorbartha de réir a bharúil. Tá sé seo le feiceáil go mór mór ina ráiteas faoi Greenham Common:

Feicim an lá go mbeidh pápa ag dul do Sasana le Bruce Kent agus mná Greenham Common a chanónú mar gheall ar an seasamh atá tógtha acu in aghaidh na bhfearas núicléach. ²¹

Tugtar é faoi deara freisin ins an magadh a dhéanann sé faoin chúrsaí polaitíochta na hEaglaise. Tógann sé air féin tabhairt faoin gcaimiléireacht a fheiceann sé i seasamh an phápa ar an gceist seo:

Is cuma leat dáiríre faoi shagart a bheith páirteach sa pholaitíocht? Céard is féidir liom a rá agus mé féin sáite go muinéal i bpolaitíocht na Polainne agus na hIodáile. ²²

Déantar an rud céanna ina alt ar an Last Temptation of Christ. Tugtar an bharúil phearsanta agus ionsáitear seasamh na hEaglaise ar an ngnáthdhóigh. Sampla maith é dá fheidhm mar bholscaire:

Tuige an gcuireann smaointe úra scáth orainn? Ghlac na hEaglais le Gaillileo agus le Darwin tar-éis cloigne a fholú faoi ghainnimh ar feadh i bhfad. Ná cuireadh Martin Scorsese mórán tríoblóide orainn. ²³

Faightear a chomh maith in alt dá chuid an Caitleachas Protastúnach. Agóid atá ann ina gceistíonn sé seasamh na hEaglaise ar an Eacúiméineachas agus ar cheisteanna gaolmhara. Bolscaireacht í seo gan amhras díreach mar a pléadh cheana féin:

Glacaim leis sin mar mholadh in áit cáineadh mar, cé gur Caitliceach go smíor mé is Caitliceach Protastúnach mé sa chiall agóideach nó protestant den Photastúnachas. ²⁴

C. An Litríocht

Míníonn Pádraig Standún cérbh as ar fáisceadh é in alt a foilsíodh in Faith and the Hungry Grass. A Mayo Book of Theology [Mac Donagh, eag.] (c.f. *Aguisín 1.*) Dearbhaíonn sé gurbh é a chúlra i Muigheo ba chúis lena mheon i leith an tsaoil. Féachann sé air féin mar theagascóir morálta a bhfuil sé de dhualgas air a fhealsúnacht a fhógairt. Cruthu cinnte é seo ina fhocail féin gur bolscaire é go príomha ina shaothar cruthaitheach agus ina iarrachtaí seachliteartha:

What I am really saying is, go out and buy these books if you want to know where I stand in regard to humanity and God. They are my testament. They say what I am unable to say in these few pages because I am too old, too long living and reading between the lines to put in straight forward language where God and I stand in relation to each other. Anyway there is no black and white, and when did God ever stand still. ²⁵

Tugann sé miniú ar an scríbhneoireacht ó thaobh an údair de in alt dá chuid in Anois. Ceapann sé nach bhfuil smacht ag údar ar a charachtair. Ceist chonspóideach í seo mar a fheictear ón gcaoi ina gcuireann an bholscaireacht isteach ar a shaothar. Ach nós maith é ina ainneoin sin tuairim a lua nach léirmheastóireacht í:

Níl aon neart ag an scríbhneoir bocht air, ar ndóigh má chríochnaíonn beirt acu i leaba a chéile, cé go mbíonn na léitheoirí ag cur an lochta ar fad ar an údar. ²⁶

Pléann sé téama den chineál céanna agus An Sagart agus An Scríbhneoireacht faoi chaibidil aige. Tráchtann sé ar na buanna a bhaineann le hoileán ó thaobh an scríobhaí de, an t-uaigneas agus an t-atmasféar a chothaíonn an dúthracht chun na hoibre. Faightear tagairt shuimiúil do na teoirinneacha a chuireann an tsagartóireacht ar a fhuinneamh. Tugann sé léargas úsáideach ar a dhearcadh i leith na peannaireachta ar dheacrachtaí a bhainneann le foghlaimeoir — agus ar na buntáistí a chothaíonn an tsimplíocht ó thaobh na stíle de. Léargas maith é ar a aigne féin agus éagsúlacht í i gcomparáid

leis an tseanmhóireacht a fheictear chomh minic sin:

Tá teorainn leis an méid atá sagart in ann a scríobh. Ní féidir leis rún ar bith a ligean, rún faoistine, nó rún pearsanta. Ach cuireann sé seo iachall air, níos mó smachta a chleachtadh agus dul i muinín na samhlaíochta níos mó. ²⁷

Tugtar eolas úsáideach ina alt faoi Tom Ó Gara. Tíolachadh SLB don duine seo. Cé go mbriseann an bholscaireacht isteach ar an insint, is pointe suimiúil é:

Chuireadh sé i leith na n-údarás (san Eaglais) an rud a dúirt Íosa Críost leis na Fairisínigh. Ceanglaíonn sibh suas ualaí do-iompair agus buaileann sibh ar mhuin na ndaoine iad ach an gcorraíonn sibh méar le cuidiú leo? ²⁸

Léiríonn sé pointe tábhachtach nuair a cheistíonn sé cáilíochtaí na léirmheastóirí (c.f. *Aguisín 2*). Cé nach n-aontófaí leis ar chuile rud, tá an ceart aige nuair a éilíonn sé cáilíochtaí cuí ó éinne a thugann breith ar leabhar. Tráchtann sé ar dhrochléirmheastóireacht a rinneadh i nGaeilge agus i mBéarla. Rinneadh a leithéid lena leabhar féin, AD nuair a tháinig sé amach. D'ainneoin nach raibh cáineadh i gceist, ní raibh na carachtair ainmnithe i gceart fiú. Ní cóir go nglacfaí le drochshaothar den chineál seo:

Ní mór cáilíochtaí na léirmheastóirí a mheas freisin. Ní leor úilleacht ná cáil le breith a dhéanamh ar shaothar a bhfuil blianta curtha isteach ann. Níor cheart d'údair cur suas lena leithéid. ²⁹

Feictear an ghnáthbholscaireacht in alt dá chuid faoi scéimeanna airgid do lucht na hEalaíne. Léirítear an tuairim ar an ngnáthbhealach gan fiacail á chur ann. Sampla maith dá ghnáth chlaonadh:

Theastódh scéim a thabharfadh £2,000, abair, don té a bhfuil bun leagan maith scríofa acu, scéal ar féidir forbairt mar dhráma maith faoi threoir dhuine a bhfuil fios a cheirde aige / aici. ³⁰

Briseann sí amach freisin ins an méid a deir sé faoi mhargadh na leabhair Ghaelacha. Luaitear an ghnáthbholscaireacht gan chothromaíocht ar bith le sonrú i gcur i láthair na barúla. Cé go bhfuil sé ceadaithe tuairim a nochtadh, is claonadh chun leadráin é a fháil an t-am ar fad:

Má dhéantar tagairt ar bith do leabhar nua i nGaeilge is sna token — cholúin Ghaeilge a dhéantar. Táimid sa gheiteo agus fágtar ann muid. ³¹

Conclúidí

Tá sé le sonrú ó **A** gur scríbhneoir é an Standúnach nach bhfuil drogall air an rud atá ar intinn aige a rá amach.

Nochtar tuairimí polaitiúla aon-taobhacha in **B** a bhfuil feidhm bolscaireachta dlúthcheangailte leo. Faightear an claonadh céanna ina ailt ar na ceisteanna sóisialta. Láimhsáiltear na smaointí ar an Eaglais ar an dóigh chéanna le rian na bolscaireachta go tréan iontu.

Is léir ó **C** gur bolscaire é, rud a admhaíonn sé féin a bheith mar aidhm aige. Ní hionadh ar bith é, mar sin go bhfuil rian na bolscaireachta le brath go tréan ar a shaothar liteartha.

CAIBIDIL 2

An Sagart mar údar agus an Sagart mar charachtar.

Déantar iniúchadh ar an sagart mar údar, agus ar an sagart mar charachtar ins an gcaibidil seo. Leagtar béim go príomha ar údair úrscéalta ina bhfuil sagairt mar charachtair iontu.

Tá cúigear údar roghnaithe chun cur leis seo. Scrúdófar gach udar in aonad faoi leith agus déanfar iarracht ar an Stadúnach a mheas i gcomhthéacs sagart eile atá i mbun na ceirde.

Teastaíonn cothromaíocht chun é seo a chur i gcríoch. Feictear triúr ón ngrúpa traidisiúnta — An Canónach Ó Síocháin, Pádraig Uiséir agus Pádraig Ó Fiannachta le hAndrew Greeley agus Micheal Harding ón lucht nuaaimseartha.

Pádraig Ó Síocháin

Tugtar roinnt difríochtaí agus cosúlachtaí faoi deara idir an tAthair Standun agus an Síochánach mar údair freisin.

Pléifear na difríochtaí ar an gcéad dul síos.

Tá an sagart finscéalach difriúil ar shlite áirithe ó na sagairt a fheictear i saothar an Standúnaigh. Cuirtear an bhéim orthu mar chinnirí morálta ar shochaí athartha, rud nach dtarlaíonn in SLB.

Feictear an ghné seo den tsagartóireacht ag pointí áirithe tríd an leabhar. Léirítear í i ndearcadh an Athar. Letherby i leith na ndaoine. Tá sé cosúil le ball den uasaicme. Labhraíonn sé le daoine atá ar leibhéal níos ísle ná é féin. Cuirtear na daoine i láthair mar thuathánaigh a bhfuil ómós acu dá sagairt:

*"Poor little things", he said, it gives them pleasure, and does no harm.
"Then why not bring them in?" I said. "Oh, no" he said..." Besides it
would destroy their heaven. To touch and handle the ideal, brings it
toppling down about our ears." ¹*

Faightear é i gcumhacht an tsagairt sa saol áitiúil. Tá sé ar a chumas tabhairt amach nuair is gá. Labhraíonn sé ar nós tuismitheoir mar a nochtar sa léasadh teanga a tugtar do na baill den chumann

rúnda:

He read out slowly the name of every young man that had been sworn in that secret society in the parish. The young men listened sullenly and swore angrily between their teeth. But they could not deny their betrayal.. ²

Mothaítear é freisin i ndearcadh Father Hanrahan. Tuairim í a bhaineann leis an naoú aois déag. Seasann sé mar chontrárthacht ar shagairt an Standúnaigh. Ceapann sé gur cóir do mhuintir na háite a bheith ag déanamh aithris ar na sagairt in ionad na sagairt a bheith ró-bha.úil leo:

Instead of saying to the people Come up to the level of you priests and be educated and refined, they say... Go down to the people's level as if any priest ever went down in language or habit to the people's level who didn't go considerably below it. ³

Faightear difríocht eile in My New Curate sa bhéim a leagtar ar an saol príobháideach. Leagtar béim ar an bpaidreoireacht agus ar an staidéar. Tá sé seo le sonrú sa chonspóid idir an bheirt shagart ar fhiúntas an staidéir:

Who the mischief spoke about publishing? I replied trying to keep the peace. I only asked you to write, write, write and leave the publishing to God. ⁴

Tugtar sampla eile de le fios sa chomhrá eatarthu níos moille agus an t-ábhar céanna á phlé acu:

Never mind I said. I have been there. But I won't accept these excuses at all. You must work whether you like or not. Now, I am going to take away all excuse. ⁵

Tá roinnt cosúlachtaí idir an bheirt freisin.

Faightear a leithéid sa bhéim a leagtar ar an gcrois in My New Curate. Feictear Alice Moylan le crois dá cuid féin, an galar aicídeach, rud a chuireann as dá cuma agus a fhágann í ag brath ar a muintir. Déantar comparáid idir a galar agus an chrois a leagtar ar dhaoine, móitíf a fheictear in úrscéalta an Standúnaigh:

I hesitated for a moment, then I looked at the wounds of our Lord, and I said firmly I am. ⁶

Tugtar faoi deara é sa chomparáid idir galar Alice agus cruachás an Athar. Letherby, a fhulangáinn as a iarrachtaí ar son an cheantair:

But I looked at father Letherby across the table in the lamplight, and saw his drawn, sallow cheeks and sunken eyes, and the white patch of hair over his ears. I could not help saying to myself. You too have got your stigmata my poor fellow. ⁷

Tá cosúlacht eile idir saothar na beirte in iarrachtaí éagsúla an tsagairt chun cabhrú leis an bpobal áitiúil — sa chonspóid agus san easaontas a bhaineann leo:

"I am a hopeless insolvent" he said. I am security, sole security for those men over at Kilkeel, whom I promised and guaranteed to safeguard. ⁸

Taispeántar sampla eile den bhuaire sa chúntas ar aistear uaigneach an tsagairt agus sinn ag druidim i dtreo dheireadh an leabhair. Cé go réitítear an fhadhb, tá cosúlacht idir Tom agus an tAthair Letherby d'ainneoin go mbaineann siad le haoiseanna difriúla:

Nevertheless, that lonely walk by the sea cliffs that Sunday afternoon was about the most miserable experience in Fr. Letherby's life. He did not know whither to turn. Every taunt and insult of those ignorant men came back to sting him. ⁹

Pádraig Uiséir

Cé gur sagairt iad Padraig Uiséir agus Pádraig Standún araon tá éagsúlacht mhór eatarthu ins an gcaoi ina ndéanann siad cur síos ar shaol agus ar obair an tsagairt.

Feictear an sagart i saothar Uiséir mar thréadaí díreach cosúil le My New Curate, a mhalairt atá i gceist le Tom Connor a léirítear mar bhall dá phobal. Nochtar é in Seans Eile mar dhuine atá níos giorra don teagasc Chaitliceach ná carachtair an Standúnaigh.

Tugtar sampla de seo le fios sa chur síos ar an sagart sa scoil chónaithe. Cuirtear i láthair é mar dhuine atá i gceannas an tslua. Sampla soiléir é den dearcadh aithriúil a bhfuil dlúthbhaint aige le saothar Uiséir:

Shiúil sé thart go fadálach ag déanamh a bhealaigh idir na línte a intinn i bhfad ar siúl ón áit a raibh sé. ¹⁰

Taispeántar an claonadh céanna níos moille sa leabhar nuair a chuireann an gasúr an cheist mhatamaiticiúil air, dearcadh é seo nach bhfeictear in SLB:

M'fhocal air. Fuair mise trí déag as ceithre chéad, an chéad scrúdú a rinne mé anseo. Ní fiú oíche gan chodladh as siocair Ailgéabair. Oíche mhaith agat, a Pheadair.. ¹¹

Cuirtear béim ar bheatha phríobháideach an tsagairt in Seans Eile nach bhfeictear i saothar an Standúnaigh. Ní bhriseann bolscaireacht isteach ach an oiread agus tagann forbairt ar na carachtair.

Luaitear a leithéid sa bhéim a leagtar ar dhílseacht an tsagairt don Easpag de bharr na móideanna a ghlac sé an lá ar oirníodh é:

An lá a rinneadh sagart de, chuiagh sé síos ar a dhá ghlúin os comhair an easpaig agus os comhair altóir Dé agus gheall sé ómós dá easpag go deo na ndeor. Agus ní raibh dul thart ar sin. Ní raibh leoga. ¹²

Feictear an méid céanna i gcaint an tsagairt paróiste tar éis don shéiplíneach óg tabhairt amach faoi dhaoine. Cuirtear béim anseo ar an deighilt idir sagairt agus tuataí. Tagraítear don chinéal iompar a bheifí ag súil leis ón sagairt, rud a bheadh doghlactha in SLB:

Aontaim libh, a athair, sa mhéid is gurb shín a dhéanfaimis dá mba thuataí sinn. Aontáim go díreach. Chuir sin deireadh leis an racht, ar ndóigh. ¹³

Leagtar a lán béime ar obair eaglasta rud a bhfuil dlúthbhaint aici le saol an tsagairt. Déantar é seo sa chúntas air agus é i mbosca an Éistigh. Níl ach trí thagairt don ghné seo den tsagartóireacht in SLB (contrárthacht mhór é seo idir an dá shaothar):

Anseo chaitheadh sé cúig uair a chloig nach mór sa bhosca gach deireadh seachtaine go raibh sé, chóir a bheith ina inneall aspalóide, mar a deireadh siad i Maigh Nuad fadó. ¹⁴

Feictear cosúlacht amháin idir an dá shaothar, déanann an sagart obair shóisialta sa dá leabhar. Ach ní cosúlacht mhór í mar níl conspóid ceangailte le hobair an chléirigh in Seans Eile mar a tharlaíonn in SLB.

Cuirtear an cléireach i láthair mar ionadaí Chríost ag cabhrú leis an bpobal de réir mar a oireann. Tá

a leithéid le sonrú i rith na buamála i mBéal Feirste. Téann an sagart chuig an áit agus ní bhíonn drogall air an ola dhéanach a chur ar na marbháin:

Fuair an sagart na holaí agus amach leis. Bhí sos ann faoi seo boladh dóite achan áit. Ní raibh aon duine le feiceáil agus ar aghaidh leis i ngar do na ballaí, a lámh ina phóca agus greim daingean ar na hollaí aige. ¹⁵

Faightear é freisin i gcuartheanna an tsagairt ar áras na seandaoine. Cé gur obair shoisialta í seo, ní leanann conspóid í nó ní bhriseann raic amach dá thoradh. Ní nochtar a leithéid de chlaonadh in SLB den chuid is mó:

Agus sin ina phóca bhí sé beagnach réidh d'obair na maidine. Ní raibh aon rud le déanamh aige ach a ainm a chur i leabhar na gcuartheoirí agus a fhiafraí den doirseoir an dtáinig aon Chaitliceach eile isteach le seachtain. ¹⁶

Pádraig Ó Fiannachta

Déantar cur síos ar úrscéal Uí Fhiannachta os rud é gur foilsíodh é i ndiaidh SLB.

Léitítear príomhcharachtar Ag Stúil na Teorann mar dhuine aithriúil ina chairdeas leis an bpobal.

Feictear é go luath sa leabhar agus an sagart óg, Seán Ó Néill ar a bhealach go dtí an stáisiún. Labhraíonn daoine leis le hurraim agus le hómós. Ní shonraítear bolscaireacht nó gáirsiúlacht sa chur síos:

D'ardaigh gach fear a chaipín agus bheannaigh Seán go muinteartha dóibh go leir. Chrom Neillí Thomáis a ceann le hómós. Bhí an urraim seo go léir ag cur as do Sheán. ¹⁷

Briseann a leithéid amach freisin ar an gcéad Domhnach Pwheili. Síleann sé go bhfuil sé de dhualgas air labhairt leis an bpobal. Leagtar an bhéim ar an dearcadh aithriúil. Labhraíonn sé mar aoire. Seasann an t-iompar seo mar chontrárthacht ar Tom Connor in SLB:

Leanaí ag rith chuige go muinteartha, ag breith ar lámh air, agus cuid acu ag iarraidh é a phógadh. Lig sé air go raibh seantaithí aige ar sin, ach níl d'ainneoin go dtugann Críost an sampla sin dúinn. ¹⁸

Tugtar an méid céanamna faoi deara sa dearcadh atá aige i leith an lánúin nach bhfuil pósta i súile na

hEaglaise. Cé nach ndaorann sé iad, níl sé a léiriú mar dhuine atá ar chómhchéim leo ach mar athair spioradálta. Seasann sé mar phictiúr den sagart a théann i gcoinne thuairimí an Standúnaigh:

Ní ólaim ach blódh deoch agaibh féin. Ní raibh acu ach tae tar éis an tsaoil. Bhíodar triúr ar a suaimhneas. Ba dheacair gan a chreidiúint go raibh grásta Dé ar an bpósadh seo cheana féin. ¹⁹

Cuirtear a lán beime ar an bpaidreoireacht agus ar an machnamh, nós nach bhfeictear ach go hannamh in úrscéalta an Standúnaigh. Nós é seo a bhfuil dlúthbhaint aige le saol príobháideach an tsagairt. Feidhmíonn an sagart mar ionadaí Chríost. Sampla é den chaoi ina bhfuil cothromaíocht le sonrú in úrscéal Uí Fhiannachta nach bhfaightear in úrscéalta an tAthair Standúin. Cé nach bhfuil mórán ama caite aige lena mhuintir, ní dhéanann sé failí ar a dhualgaisí mar shagart:

Dhún Seán doras an tseomra agus tharraing chuige a phortús. Ní fada a thóg Nóin air, ach bhí dua aige le hEaspairt. Cé méid cuimhneacháin a bhí le déanamh. Nó an raibh aon cheann? ²⁰

Tarlaíonn sé seo i rith an chéad oíche i bPwelli. Tarraingíonn sé a phortús chuige sula dteann sé a chodladh. Sampla eile é den phaidreoireacht a phléitear sa leabhar:

Is fhearr dom mo phortús a chríochnu agus dhein sé amhlaidh. Tuigim anois go gcaithfead labhairt ar an soiscéal amáireach, pé rud eile a déarfad. ²¹

Cuirtear 'beatha cheilte' an charachtair in iúl ar bhealach shásúil. Ligtear d'fhorbairt teacht air. Feictear é sna deacrachtaí leis an easpag agus é ag iarraidh filleadh ar an gCliarscoil. Doimhneacht charachtair é seo a chloíonn le teoiric an úrscéil. Ní bhriseann bolscaireacht isteach in aineoin ráiteas an easpaig. Rud maith é seo a chothaíonn saoirse samhlaíochta agus claonadh chun doimhneachta:

Mise Seán Ó Néill, mac léinn de chuid na deoise. 'Sea tás agam cé hé tú féin. Conas tá an ísláinte? An gcoiméadfair mar mhac léin n don deoise mé? Ní thógfaidh Maigh Nuad thú ná ní bhacfadsa leat. ²²

Tá an claonadh céanna le sonrú agus é ar a bhealach go Baile Átha Cliath. Tugtar cur síos ar na mothúcháin a bhíodh aige i rith na traenála. Sampla maith é seo de nochtadh na 'beatha cheilte' mar a thugann E. M. Forster air — éiríonn leis an léitheoir aithne a chur ar smaointe an charachtair gan stró:

*Nár bh uaigneach a bhíodh LLandybyddr ar an nDomhnach...?
Uaigneach domsa cibé scéal é. Muna mbeadh na Cairmilltigh i
LLanbedr is ar éigean a d'fhéadfainn an dá mhí a sheasamh. 23*

Pléitear obair an tsagairt in úrscéal Uí Fhiannachta ach leagtar an bhéim ar obair eaglasta in ionad cúinsí sóisialta, cé go nochtar iad siúd ó am go ham. Chonachthas an claonadh seo cheana féin i gcás an tSíochánaigh agus Pádraig Uiséir. Seasann Ó Fiannachta leo ar an dóigh sin, rud a léiríonn bearna idir an dream seo agus Pádraig Standún ó thaobh ról an tsagairt maidir lena phobal

Faightear é sa chuntas ar an gcead uair a oibríonn sé mar shagart tréadúil. Ní cúrsaí polaitiúla a phléitear ach gnáthchúraimi a bhaineann le hobair an tsagairt:

Ní raibh portús nó leabhairín aige. Tháinig iarracht d'inní air. Ní raibh údarás éisteachta sa bhaile aige, agus d'fhág sin nach raibh aon fhaoistín riamh éiste aige ach 'faoistín tirim', faoistín chleachtaidh. 24

Feictear é sa chur síos air ag cur ola ar an Athar Ó Faoláin. Gnáthchúraim an tsagairt a fheictear ní pleidhcíocht atá ar siúl:

Rith Seán amach, fuair sé an stóil bheag, a leabhrán agus a choifrín ola as a sheomra féin — bhí an t-uisce coiscrithe agus an deisréad ar an mboirdín ag taobh na leapa. 25

Andrew Greeley

Pléitear Andrew Greeley mar tá comparáid idir é agus Pádraig Standún. Díritear an bhéim ar Thy Brother's Wife.

Pléann Greeley ceist na haontumhachta ina shaothar. Ní chuireann an chonspóid isteach ar fhorbairt na gcarachtar, ámh. Cé go luaitear í mar fhadhb, ní chuirtear an milleán ar an móid fhéin ach ar fhadhbanna a chuireann as don duine.

Léirítear é seo le linn do Sheán a bheith ag caint le Jimmy Maguire faoina ghrá do Nora-in inní Jimmy go ngortfaí Nora de thoradh Sheáin:

I'll never hurt Nora, he siad stubbornly. Excuse my skepticism, said Jimmy. I don't see how you can possible avoid hurting her. 26

Feictear an claonadh céanna i dtuairim Sheáin i rith na cainte le hUachtarán na cliarscoile. Léirítear an grá do Nóra arís. Ach ní thagraítear don mhóid fhéin. Níl ann ach an fonn atá air chun Nóra a choimeád slán óna dheartháir:

And what do I want to do. I want to take Nora away from Paul. That's what I want to do. 27

Tá sé le sonrú freisin nuair a labhraíonn Paul Cronin le Chris Waverly ar an gcoinsias. Dearbhaíonn sé go dteastaíonn fear ceart mar Sheán óna bhean. D'ainneoin nach bhfuil ann ach magadh — sampla soiléir é den chaoi ina bhfuil an bhéim á leagadh ar fhadhbanna pearsanta in ionad na bolscaireachta a fheictear in SLB:

*Your Nora probably needs a man with a very stern conscience.
Someone like my brother Seán .
A Priest?
I'm only joking Seán hardly knows that women exist. 28*

Faightear locht follasach in Thy Brother's Wife sa bholscaireacht ar son na frithghiniúna. Cé nach bhfuil sí chomh dona sin le SLB is laige í a bhriseann amach ó am go ham i rith an úrscéil.

Tugtar an chéad leid le fios i ráiteas Sheáin ar an bhfrithghiniúnt go luath sa leabhar. Cuirtear i láthair é mar choimeádach ag cosaint teagaisc na hEaglaise. Tugann sé seo seans don údar a bholscaireacht a chur in iúl:

He knew from previous arguments that Jimmy thought the pill might be a legitimate Catholic form of birth control. And I'm sure the bishops of the world have no intentions of making exceptions for the pill. 29

Feictear é le linn an chruinnithe sa Róimh. Fulangaíonn Seán ionsaí ó dhiagaire Francach as ucht a bheith gléasta i gcasóg. D'ainneoin nach mbriseann bolscaireacht amach go díreach anseo — sampla é den chaoi ina bhfuil an dearcadh á chur i láthair ag pointí áirithe sa leabhar:

But Monsignor wears a cassock as only the curialists do, and he supports their position, does he not? 30

Tá sé le sonrú freisin san ionsaí a dhéantar i gcoinne Humanae Vitae. Ceistítear críonnacht an phápa as ucht í a sheoladh. Sampla eile é seo den dhogmachas a fheictear in Thy Brother's Wife:

The Encyclical is the official though not infallible teaching of the church I support the teaching while I regret that it was issued before the subject of sexuality in the Church was given an opportunity to achieve greater maturity. 31

Tugtar faoi deara é ina theannta sin san fhogha chinicúil a dhéanann Seán ar chleachtaí na hEaglaise. Tosaíonn sé ag magadh faoi fhimíneacht agus faoin gcur i gcéill a fheiceann sé inti. Bolscaireacht í seo i gcoinne nós mhaireacht an Chliarlathais, cé nach luaitear an fhrithghiniúint go díreach:

We lie to the priests and the laity about how they should enforce such rulings. We even lie to ourselves because of what that Goddam encyclical is doing in our dioceses. 32

Baineann bua leis an leabhar, áfach, san eolas forleathan ar 'bheatha cheilte' na gcarachtar.

Tá sé seo le mothú tar éis do Sheán a chloisteáil go bhfuil a dheartháir ar iarraidh sa Chóiré Thuaidh. Nochtar doimhneacht phearsantachta — éiríonn linn aithne a chur air agus é amhrasach faoina chreideamh:

Life seems to be nothing by heartbreaks. Mother dead. Aunt Jane the way she is. Now Paul probably gone. This Holy Thursday evening I don't think I believe in you at all. 33

Léirítear an méid céanna tar éis dó troid lena aintín. Éiríonn linn an trioblóid a bhaineann leis an tarcaisne a fheiceáil. Bua é seo de réir na teoirice liteartha — tá an t-úrscéaláí ag nochtadh eolais dhoimhin ar aigne an charachtair:

Yet it matter Deep down inside Jane's mysterious comment troubled Seán greatly. 34

Faightear a leithéid nuair a chloiseann sé go bhfuil Nóra tinn Tugtar cur síos dúinn ar a inní dá mba rud é go bhfaighfeadh sí bás. Leiriú réasúnta é ar na mothúcháin inmhéanacha:

Seán's stomach was twisted with fear. It's all in God's hands. Seán echoed the Cardinal's words, searching in the depths of his being for enough faith in God to believe what he was saying. 35

Briseann sé amach arís tar éis dó dul a luí léi. Tugtar cur síos maith dúinn ar a shuaitheadh coinsiasa i ndiadh na heachtra ina bhfaighimid eolas ar a bhuaire aigne:

But the guilt, the torment and the self-contempt he now felt because of their experience, would never go sway, it seemed, nor would the shattering memories of its pleasures. ³⁶

Tugtar le fios go bhfuil a chreideamh cailte ag Seán. Ní thuigeann sé go dtí an deireadh go bhfuil sé aige indáiríre. Ach tá an cur síos ar an nganntanas creidimh úsáideach — léargas maith é ar mhothúcháin na gcarachtar freisin.

Dírítear aird an léitheora ar seo le linn a chómhrá le Nóra. D'ainneoin go n-admhaíonn sé a dheacrachtaí ní dhamnaíonn sí é ach bíonn trua aici dó de bharr na bhfadhbanna:

What kind of priest is it who doesn't pray. It was not a judgment or an accusation but a statement of compassion. ³⁷

Faightear é arís ina fhéinamhras ag tús na Seachtaine Naofa. Déantar é i bhfoirm an suaiththead coinsiasa. Tuiscint mhaith í ar a fhadhbanna pearsanta:

I plug a long at my work. I have almost no faith in you and now even less in the Church and the priesthood. I have no faith in anyone or anything. ³⁸

Tuigeann sé i ndeireadh na dála go raibh dul amú air agus go raibh Dia leis in am an ghátair. Tógann sé diúltú Nóra dá thairiscint phosta chun é sin a chur in iúl dó.

Díospóireacht mhaith í áfach, nach milltear le bolscaireacht nó dogmachas, rud a fheictear in SLB:

Because he had lost his mother, God sent him Nora, the best sign of God's love he would ever have, talk about the twisted lines of God. ³⁹

Micheal P. Harding

Pléann Harding fadhbanna an tsagairt mar a fheictear dó iad ina chnuasach Priest. Cé gur dearcadh diúltach a léiríonn sé, ní chuireann sé seo isteach, ar mhothúcháin na gcarachtar, rud a sheasann mar mhalartú ar SLB.

Tógann Harding air féin an 'coimhthíos a ghabhann le beatha na sagartóireachta a phlé. D'fhéadfá é a lochtú as a bheith aon-taobhach ach ní bolscaireacht dhíobháileach í mar ligtear d'fhorbairt teacht

ar na carachtair.

Feictear é sa chur síos ar an gCanónach. Tugtar le fios gur duine údarásach é. Ach ní mhilltear an insint ar an iomlán — éiríonn leis an léitheoir aithne a chur ar an gcarachtar:

You'd see him up the road ahead of you in a tall black figure surveying the brown fields and the rushes, like a military man. ⁴⁰

Briseann an coimhthíos céanna amach ins an gcuntas ar an sagart a mhúineann sa mheánscoil. D'ainneoin go luaitear é, ámh, is ar na mothúcháin arís atá an bhéim orthu. Níl sé éasca an t-údar a lochtú ó thaobh na healaíne de:

I was thirty-five. Twelve years teaching mathematics to young boys in secondary school. Twelve years wearing the same black suit and Roman Collar. ⁴¹

Nochtar é i meon Gary i leith na cliarscoile. Sampla soiléir é seo den chlaonadh céanna le dearcadh diúltach á nochtadh. Cé go dtarlaíonn sé seo, is léargas maith é ar dhoimhneacht mhothúcháin an charachtair:

(he) knew too that he would come to this chapel in six years, and the chant would still flow over him and it would have become a swell in his stomach and his baptism would never cease to thrust and penetrate him. ⁴²

Faightear é sa chúntas ar an Athair Skewer ag macnamh ar a shaol. Dírítear aird an léitheora ar an gcaoi ina léirítear an 'bheatha cheilte' dúinn. Léiriú réasunta é in ainneoin an diúltachais ó thaobh na hEalaíne de:

He always ended these reveries with the image of child birth , a woman in pain as a child slips into life. Slapping his baby bum, knife through the umbilical cord. Oh mother. ⁴³

Ionsáítear an aontumhacht ins an leabhar Priest. Ach pléitear na mothúcháin in ionad an fheidhm bholscaireachta atá ceangailte le SLB.

Feictear é sa chuntas ar an sagart a smaoiníonn ar bhean a thaithníonn leis. Sampla soiléir é seo den taobh daonna a fhaightear sa leabhar:

After a while her child like form got lost and smothered by the din of clacking plates and silverware and fat men chewing at the roast beef. He could see ... whatever had happened in this secret life until that day was all that would ever happen. ⁴⁴

Tá sé le sonrú freisin i gcéad chruinniú Gary leis an déan. Tagráitear do uaigneas agus compoird an tsaoil shingil ach arís is ar an gcarachtar atá an bhéim curtha, ní ar an bhfadhb féin mar a bhéifeá ag súil leis:

So he recovered from the first week... and found himself at the end of the week in the dean's room, with its precious ornaments and sheepskin rugs and the polished smell of celibacy. ⁴⁵

Tógann Harding ar féin an Alcólacht a lua. Déantar cur síos ar an gcaoi ina gcuireann sé seo isteach ar an sagart aosta George Skewer. Sampla é seo den chaoi ina nochtar fadhb. Ach ní ligtear don tuairimíocht cur as d'fhorbairt na gcarachtar:

No, not at all, he's not mad that stuff about him in the store room is bullshit. He's just a heavy drinker poor bastard. ⁴⁶

Pléitear an homaighnéasacht go macánta i saothar Harding agus ní chuireann an bholscaireacht isteach ar an insint.

Tugtar sampla de seo le fios nuair a théann David a luí le Gary an t-ábhar sagairt. Cé go luaitear an fhadhb, ní bhriseann an tseanmhóireacht isteach. A mhalairt atá fíor in SLB:

There was once later on when David was again riveted by self disgust. He was sitting up in the bed, straddling the boy. His hands were running along the valley of Garry's spine. ⁴⁷

Tugtar leid eile faoi deara sa scéal ar an sagart leis an leanbh óg. Sampla follasach é den chlaonadh céanna mar a shonraítear sa chur síos. Cé nach n-aontófa le chuile rud a deirtear ó thaobh na tuairimíochta de, ní féidir cur ina leith go ndéanann sé aon rud atá neamh-ealaíonta mar a dhéanann Pádraig Standún:

Look a voice said do you have this, what's his name, Henderson's neck stretched pushing his head out. His nostrils distended. Who? Hegarty small little fellow. ⁴⁸

Conclúidí

Feictear bearna idir saothar an tSíochanaigh agus úrscéalta Phádraig Standún. Cé go bhfuil cosúlachtaí áirithe eatarthu, tá i bhfad níos mó béime ar an mbolscaireacht in iarrachtaí an Standúnaigh.

Tá dearcadh níos sine i dtaobh na sagartóireachta de in Seans Eile. Ní bhriseann an bholscaireacht isteach a shaothar, rud a sheasann mar chontráracht ar SLB.

Faightear cothromaíocht ó thaobh theoiric liteartha de le múnla traidisiúnta de shaol an tsagairt in Ag Siúl na Teorann. Cóimheas nach bhfuil ann i saothar an Standúnaigh mar gheall ar an mbolscaireacht.

Baineann locht na bolscaireachta le Pádraig Standún agus Andrew Greeley ar aon. Ach níl sí chomh díobháileach sin i saothar Greeley atá níos substaintiúla sa mhéid go bhfuil forbairt déanta ar smaointe agus mothúcháin na gcarachtar ann.

Feictear an meon diúltach céanna in Priest mar a nochtar in SLB. Ach tá saothar Harding níos ealaíonta le níos lú béime ar an mbolscaireacht ann.

Tugann an fhianaise seo le fios go bhfuil feidhm bholscaireachta ceangailte le saothar cruthaitheach Phádraig Standúin nuair a chuirtear i gcomparáid é le sagart eile atá i mbun na ceirde. Léiríonn sé seo go bhfuil a fheidhm mar bholscaire níos treise ná a aidhmeanna liteartha.

CUID II

Saothar an údair

CAIBIDIL 3

Súil Le Breith, Struchtúr, Plota agus Carachtracht

Déanfar anailís ar struchtúr agus ar phlota an leabhair sa chéad chuid den chaibidil seo agus ar an gcarachtracht sa dara cuid.

Struchtúr

Is é an rud is suntasaí a bhaineann leis an struchtúr ná nach ndéantar an t-úrscéal a roinnt ina chaibidilí. Tá iarracht déanta thíos ar an úrscéal a roinnt de réir na míreanna atá le feiceáil ann.

	<i>lgh</i>	<i>radharc</i>	<i>carachtair</i>
1	1-4	Teach Phaddy	Paddy agus a mháthair
2	4-10	Teach an tsagairt	Tom Connor, Marion
3	10-12	Teach Bhríde	Bríd Hughie
4	13-18	An Bád	Tom Connor, Mick Macken Pádraig Mhicilín
5	19-24	An Séipéal	Paddy McEville, Janet Woods Tom Connor
6	24-27	Teach an tsagairt	Marion Warde
7	28-34	An t-Oileán	Tom Connor, Mary Jack, Jack Phaddy, Muiréad agus Marcas Phaddy
8	34-37	Pálás an Easpaig	Tom Connor, An tEaspag Caulfield
9	37-42	An Teach Tabhairne	Jack Phaddy, Peadar Rua, Jackie Reilly Paddy McEville, Tom Connor
10	42-46	An Teach Tabhairne	Na Fitzgearáltaigh, Tom Connor.
11	46-48	Lasmuigh de theach Bhríde	Na Fitzgearáltaigh, Paddy McEville agus Jackie Reilly
12	48-53	Teach Jack Phaddy	Tom Connor, Jack Phaddy Mary Jack

	<i>lgh</i>	<i>radharc</i>	<i>carachtair</i>
13	53-56	An t-Oileán agus teach an tsagairt	Tom Connor, Patcheen John agus Marion Warde.
14	56-60	An MhórThír	Pádraig Mhicilín, Tom Connor, Tom Jennings
15	60-61	An tóir	Mick Macken
16	61-66	Teach Phádraig	Pádraig Mhicilín, Tom Connor, Cáit Phádraig, Mick Macken, Teresa Phádraig Mhicilín.
17	66-68	Teach an tsagairt agus An Bealach chuig an Oileán	Tom, Marion Marion, Mick Macken, Patcheen John, Jack Phaddy Tomás Máire dubh.
18	68-71	Teach Bhríde	Tom Connor, Patcheen, John, Jack, Phaddy Martha.
19	71-76	Teach Bhríde	Peadar Rua, Paddy McEvilly, Jackie Reilly, Jack Phaddy, Tom Connor, Patcheen John
20	76-80	Teach an tSagairt	Marion agus Tom
21	80-83	An t-Oileán	Jack Phaddy, Mary Jack. Na leanaí agus Jackie Reilly
22	83-88	Teach an tsagairt	Tom, Marion, Mick, Macken
23	86-88	An Fharráige	Mick Macken, Peadar Rua, Patcheen, John
24	86-96	An Halla	Marion, Eibhlín, Mary Phádraig Mhicilín, Bairbre, Paddy McEvilly, Tom Connor, Doc Jennings
25	96-100	An Halla	Bairbre, Jackie Reilly, Mick Macken, Marcas Phaddy, Peadar Rua.
26	100-104	An t-oileán	Bairbre, Paddy
27	104-105	An Trá	Mick Macken, Doc Jennings, Seán Mhicil, Tom Connor.
28	105-109	An t-oileán	Tom Connor, Marcas Phaddy, Paddy McEvilly, Jack Phaddy
29	109-113	An MhórThír	Tom Connor, Tom Jennings, Doc Jennings

	<i>lgh</i>	<i>radharc</i>	<i>carachtair</i>
30	113-116	Baile Átha Cliath	Tom Connor, Patcheen John, Jack Phaddy, Doc Jennings, An tAire agus Paddy McEville
31	117-124	Teach an tSagairt	Marion, Tom Connor
32	124-129	Na hAilltreacha	Tom Connor
33	130-134	Cuairt an Údaráis	An tUdarás, Tom Connor, Jackie Reilly, Paddy McEville
34	133-134	Obair	Peadar Rua, Tom Connor
35	134-141	Teach Jack Phaddy	Mary Jack, Tom Connor, Jack Phaddy
36	141-142	An t-oileán	Jack Phaddy, Patcheen John
37	142-151	An Mhór Thír	Paddy, Bairbre, Cáit, Pádraig Mhicilín
38	151-153	An t-Oileán	Paddy McEville, Patcheen John
39	153-157	An t-Oileán agus An Mhórthír	Tom Connor, Marion, Tom Jennings, Mary Guiney, Bríd McEville
40	157-161	Pálás an Easpaig	Tom agus an tEaspag
41	161-163	Teach Jack Phaddy	Jack, Mary
42	163-167	Teach Jack	Mary, Jack agus an cigire
43	167-171	An Clochar	Paddy, Bairbre
44	171-174	An Mhórthír	Peter Gilmore, Tom Jennings
45	174-175	Inní Tom	Tom, Marion
46	175	Brionglóid Tom	Tom, an tEaspag
47	176-177	Tom sa bhaile	Tom

Achoimre ar an Scéal

Ainmnítear Tom Connor mar shagart i bparóiste beag Gaeltachta mar ní aontaíonn an tEaspag lena idéalachas Críostúil. Tá cuid mhaith den úrscéal bunaithe ar an idéalachas seo agus ar a iarrachtaí chun cabhrú le háit atá ag meath de réir a chéile. Ach tá fadhbanna pearsanta aige, go mór mór i dtaca leis an Aontumhacht. Tá páirt Mharion lárnach sa scéal.

Cuireann comhdháil éagsúil na gcarachtar eile le pictiúr réalaíoch de shaol na Gaeltachta, áit atá ag fáil báis de thoradh na bhfailleanna atá déanta ag an Rialtas. Tá Paddy McEvelly cosúil le Tom, mar déanann sé a dhícheall chun an áit a chur chun cinn. Duine ciniciúil é ach sáraíonn a ghrá do Bhairbre an deacracht sin — feiceann siad dóchas i dtochaí an oileáin.

Seasann Tom mar ancaire an phobail, tá sé gníomhach i ngach ghné den chomhluadar áitiúil. Comhlíonann sé a dhualgaisí mar shagart — i dtaca le cúrsaí eaglasta — Cuireann sé an tóir ar bun nuair a bhíonn Teresa ar iarraidh agus eagraíonn sé an feachtas agóide i mBaile Átha Cliath. Ceapann sé gurb é dualgas an Chríostaí a leithéid a dhéanamh. Ní réitíonn sé le gach gné den Teagasc Caitliceach — diúltaíonn sé glacadh leis an aontumhacht éigeantach. Cuireann toircheas Mharion as go mór dó mar aon lena ról mar bhall den chléir. Carachtar tubaisteach é dáiríre mar déanann sé iarracht an craiceann agus a luach a bhaint amach dó féin, rud nach bhfuil réadúil ar chor ar bith.

Anailís ar an bplota

Déanfar iarracht ar an bplota a mheas i bhfianaise na teoirice liteartha. Déanann E. M. Forster idirdhealú tábhachtach idir plota agus scéal. Cuireann sé níos mó béime ar an bplota ná ar an scéal sa sainmhíniú seo ar phlota thíos:

Let us define a plot. We have defined a story as anarrative of events arranged in their time-sequence. A plot is also a narrative of events, the emphasis falling on causality. ¹

Ainneoin go mbéinn ag teacht le Forster sa mhéid sin, ní chuireann sé aon scéim ar fáil, rud a dhéanann George Lanning agus Robie McCauley.

Cuireann siad béim ar an suíomh mar is léir ón deifinid seo a leanas:

At the beginning there is the establishment of the situation. Characters are defined; they are placed in some kind of relationship (allied, opposed, or simply observational). The situation is in progress; that is, one or more of the characters is supplied with intentions. ²

Tá a léithéid soiléir fiú ó thús SLB. Buailtear le Paddy McEwilly. Deirtear linn gur méirleach é. Beidh seisean lárnach sa phlota tánaisteach. Glacann sé páirt in imeachtaí an úrscéil.

Labhraíonn sé amach ar fhadhbanna an oileáin, cé nach n-éistear leis de ghnáth. Tá a chumas troda soiléir ó thús an scéil:

Bhí roinnt mhaith léite ag Paddy. Bhí sé ráite thart gur communist a bhí ann, go raibh an iomarca tionchair aige ar lads óga an oileáin, é i gcónaí ag taraingt trioblóide faoi aon chineál oibre a chuireadh an Chomhairle Contae ná an Roinn ar bun san áit. ³

Feictear a leithéid arís nuair a bhuaitear le Tom agus Marion. Cuirtear in iúl cén saghas duine é Tom. Léirítear a dhearcadh i leith na hEaglaise dúinn. Bíonn sé ina luí le Marion. Nochtar cuid dá bheatha cheilte dúinn freisin. Breathnaíonn sé air féin mar idirghabhálaí idir lucht an oileáin agus muintir na mórthíre. Beidh an dá ghné seo tábhachtach níos moille. Feictear Tom ag cabhrú lena phobal agus ag diúltú imeacht in ainneoin a iompair. Luaitear an dearcadh fíochmhar i gcoinne na haontumhachta a bhíonn le tabhairt faoi deara tríd an leabhar.

Athraíonn an suíomh arís (lch. 10) nuair a bhuaitear le Bríd Hughie. Cuirtear in iúl go bhfuil sí aonarach uaigneach. Cé nach léir a páirt in imeachtaí an úrscéil anseo táimid ag fáil leide dá feidhm níos moille nuair a fheidhmíonn sí mar shíombail den chaoi ina bhfuil an t-oileán ag meath.

Tugtar Tom isteach arís sula mbíonn a thuilleadh eolais nochtaithe. Locht é seo mar a mhíníonn Ristéard Ó Glaisne:

Tá gach mír ceart inti féin, ach tagann deireadh léi agus tú díreach ag dul go domhain inti — ansin athrú eile. I dtosach báire féachann sé sin ceart go leor, ach dé réir a chéile tosnaíonn sé ag cur isteach ar an léitheoir. ⁴

Taispeántar an locht seo i dturas Tom chuig an oileán. Feictear carachtair eile ag glacadh páirte. Faightear leid eile de thuairimí Tom. Deirtear linn nach dtaithníonn bréag-ghalántacht nó bréagómós leis. Tá a mhalairt fíor. Is é a iarrachtaí ar son na háite is cúis leis an agóid i mBaile Átha Cliath ar ball.

Gabhann locht leis an gcur síos, ámh — an bhéim ar an bhfadhb shóisialta. Ní chuireann sé as do ghluaiseacht nádúrtha na hinsinte, áfach.

Tugtar an rud céanna faoi deara nuair a bhuaitear le Paddy sa séipéal. Méadaítear a ról mar fhear na hógóide. Tugtar le fios gur dhírigh sé aird na meán, cumarsáide ar an oileán. Céim eile den phlota tánaisteach í seo. Curfidh tuairimí Paddy iachall ar an Aire géilleadh do na hOileánaigh níos déanaí. Níl drogall air labhairt amach, rud a fhágann é cosúil le Tom.

Tagaimid ar ais chuig Marion ansin. Nochtar cuid dá cúlra agus de chúlra Tom freisin. Ach tá an méid a deirtear faoin aontumhacht níos tábhachtaí. Cuirtear in iúl go bhfuil Tom ag coilleadh a mhóideanna. Téann sé a luí le Marion:

Ansin, trí mhí ó shoin, plimp mhór, stoirm thoirní i lár na oíche. Í scanraithe, rith sí isteach go dtí leaba Tom. Chuir sé a lámha timpeall uirthi go dtí gur stop sí ag crathadh. Tháinig na beola le chéile ansin. ⁵

Buaitear le Jack Phaddy ina dhiaidh seo. Glacann sé páirt san fho-phlota a bhaineann leis an tráchtairacht shóisialta. Ach gabhann níos mó suntais leis an mbéim ar ghanntanas breithe na háite. Faightear é seo amach ó mhagadh Jack faoina bhean chéile. Eachtra iorónta í seo mar is í Mary Jack an t-aon bhean atá ag iompar clainne de réir dealraimh. Ach gineann sí leanbh marbh i ndeireadh na dála. Déantar an ar síos ar bhealach ghraosta, rud a chuireann isteach ar fheidhm an phlota:

'Is mór an trua nach bhfuil Gearóidín anseo. 'Bhí Jack ag fáil anspraoi ar an gcaint. É ag déanamh aithrise ar Ghearóidín — 'Céard a chiallaíonn 'leagtha suas', a Mhama. Dá mbeadh a fhios aici go bhfuil Mama í féin leagtha suas!' ⁶

Tugtar céim eile isteach sa chuntas ar fhadhbanna Mharcais le Coimisiún na Talún. Faightear léargas ar mheon Tom i leith na háite agus ar a iarrachtaí chun cabhrú lena mhuintir. Méadaítear an bhéim seo i gcaitheamh an úrscéil. Seasann sí mar mhír éifeachtach inti féin dá bharr. Ach baineann

locht leis an bplota anseo. Feictear eachtraí neamhriachtanacha ag cur isteach ar ghluaiseacht na reacaireachta. Locht é seo mar a léiríonn E. M. Forster:

Every action or word in plot ought to count; it ought to be economical and spare; even when complicated it should be organic and free from dead matter. It may be difficult or easy, it may and should contain mysteries, but it ought not to mislead. ⁶

Tugtar an locht seo faoi deara sa chúntas ar iarrachtaí Tom chun an deontas difhostaíochta a fháil. Ní dhéanann sé seo ach cur isteach ar an insint. Claonadh chun leadráin é ina theannta sin:

Cúpla lá ina dhiaidh sin, tháinig litir ón Easpag ag rá leis an t-iarratas a tharraingt siar, cibé áit a bhfuair seisean fios air. Chaithfeadh sé go raibh duine de Ridire Cholumbáin ceangailte áit eicínt sa meall téipe. Sula raibh seans aige aon rud a dhéanamh, fuair sé litir ag rá nár éirigh lena iarratas. ⁷

Feictear an argóint i gcoinne na haontumhachta in agallamh Tom leis an Easpag. Léirítear cuid den mhistéir anseo. Úsáidtear carachtar an easpaig chun codarsnacht a dhéanamh idir liobrálachas an chléirigh óig agus coimeádachas 'cúng' an easpaig. Bíonn an tEaspag níos tábhachtaí ag deireadh an leabhair mar cuireann sé Tom ar fionraí. Gabhann éifeacht leis an mír le fadhbanna Tom a lua diaidh ar ndiaidh. Ullmháitear an léitheoir i gcomhair na n-imeachtaí a tharlóidh ag an deireadh. Faightear an easpa doimhneachta arís sa scéal faoi fhadhbanna Tom. Tagann deireadh tobann leis an gcur síos sula nochtar mórán eolais:

An raibh sé ag úsáid mharion le é féin a shásamh, in ainm an ghrá, á húsáid le hionsaí a dhéanamh ar dhíl na hEaglaise? Ach cé a bhí in ann a rá nach é Dia a thug le chéile iad? 'A Chonnor, a bhastaird,' a dúirt sé leis féin, 'chuimhneofa ar leithscéal do rud ar bith.' Ach chaithfeadh an t-ionsaí ar aontumhacht sagairt a theacht am eicínt. ⁸

Athraíonn an suíomh arís agus tugtar cuid de na fo-charachtair isteach. Úsáidtear an mhír faoin teach tabhairne chun é seo a dhéanamh. Tagann dhá ghné chun chinn.

(a) *Fadhbanna an oileáin*

(b) *Ról Tom mar fhear an phobail*

(a) Tugtar fadhbanna an oileáin le fios san aighneas idir Paddy McEvilly agus Peadar Rua. Labhraíonn Paddy i gcoinne ráitis an tseanfhir mar cuireann siad déistín air.

Faigheann an léitheoir amach nach gcuireann muintir na háite béim air. Cé go gcáineann sé

coinníolacha na háite, ní dhéantar faic go nglacann an sagart páirt san fheachtas. Carachtar tábhachtach é Paddy. Murach é, ní bheadh aird na ndaoine á ndiriú ar na fadhbanna ar chor ar bith. Tá locht ag baint leis an insint, ámh, sa bholscaireacht mar gheall ar fhadhbanna gnéasacha na ndaoine:

Bhí ciúnas ins an áit ar feadh nóiméad. Bhí an oiread oilc ar Phaddy go raibh sé deacair aige greim a choinneáil ar a stuaim. Ach ní thabharfadh sé de shásamh dóibh go bpléascfadh sé. 'Bhreachnaigh orthu' — ba mhaith leis a rá — 'baitsiléirí a leath, róshean le pósadh. Ina suí ansin chuile Dhomhnach le scór nó dhá scór bliain, ag ligean a n-óige tharstu, agus a síol trína gcuid méaracha, is dóigh .⁹

Feictear gné eile anseo — taispéantar Tom mar fhear an phobail. Gríosann sé lucht an oileáin chun na hagóide. Céim eile é seo i ról Tom mar agóideoir. Tá an ghné seo á forbairt ina chómhra le Shamey.

'Cén taobh de Shasana a bhfuil tú?'

'The Brum... Birmingham.'

'Bhí eolas maith agam ar an áit sin fadó.'

'Cén taobh dhó?'

*'Chuile áit ann: Solihull, Saltley, Sparkbrook, Sparkhill, Small Heath, Perry Barr, West Brom — bhí mé ag corrchluiche ansin, agus i villa Park chomh maith.'*¹⁰

Socraíonn na fó-charachtair bob a bhualadh ar Bhríd Hughie. Tá sé deacair feidhm na míre seo a thomhas mar athraíonn an suíomh gan choinne. Sampla eile é seo den chaoi ina bhfuil an plota lochtach.

Feictear Tom agus Jack ag caint arís. Ní cóir go mbeadh gabhlán ag cur isteach ar ghluaiseacht an scéil ach tarlaíonn a leithéid. Téann sé seo i gcoinne na teoirice liteartha.

Nuair a athraíonn an suíomh feictear Tom agus Jack ag caint ar bhánú na háite. Céim eile den phlota í seo mar luaitear an aontumhacht. Ionsaítear an mhóid tríd an ngreann. Tá sé seo éifeachtach mar tugann Jack tacaíocht do Tom níos moille. Faightear d'ospóireacht shuimiúil in ainneoin na bolscaireachta. Tá cómh-nascadh idir an príomhphlota agus an plota tánaisteach.

Tugtar a thuilleadh eolais dúinn ar fhadhbanna na háite. Cuirtear in iúl go bhfuil sí ag meath. Déantar cur síos freisin ar an easaontas a chuireann bac ar an dul chun cinn. Athraíonn an suíomh

arís, ámh, rud a fhágann an plota éadrom.

Téann Teresa Phádraig Mhicilín ar strae tar éis na n-imeachtaí ar an oileán. Buailleann na carachtair le chéile i dteach Phádraig Mhicilín. Ní mír lochtach í seo mar tugtar cuntas ar na heachtraí a bhaineann leis an gcailín. Ní fheictear a leithéid de chothromaíocht i rith an úrscéil, ámh, agus is trua é sin.

Tá an -sufomh beagnach ullmhaithe anois. Táimid á n-ullmhú i gcomhair imeachtaí lárnacha an scéil nuair a éiríonn an plota níos casta. Déantar iniúchadh ar Tom agus nochtar eolas mar gheall ar na carachtair:

*B'fhearr liom gan é sin a thógáil. Glaofaidh mé isteach chuig an teach tar éis an aifrinn go bhfeicfidh mé an bhfuil sí tagtha ar ais. Ná bíodh aon imní oraibh. Beidh sí ann, le cúnamh Dé.'
ní raibh sí ann. Bhí aghaidh Cháit liath leis an imní. 'Gabh i leith uait sa gcarr, a Phádraic,' a deir an sagart. Tóróidh muid na bóithre. ¹¹*

Faigheann Bríd Hughie bás i ndiaidh na heachtra seo. Feidhmíonn a bás mar shiombail den chaoi ina bhfuil an t-oileán ag meath de réir a chéile. Déantar comparáid idir líon na mbásanna agus an easpa breithe. Faightear leid faoin agóid a bheas ar siúl. Briseann raic amach lasmuigh de theach an tórraimh. Tá Paddy freagrach as mar ceapann sé gur cóir bheith cothromach don mharbhán. Tugann sé seo léargas ar Tom nuair a dhéanann sé iarracht cosc a chur leis an troid. Feidhmíonn sé mar fhear na hagóide ag cabhrú lena phobal in am na gearchéime. Tá sé de locht ar seo, ámh, go bhfuil an iomarca béime ar fhadhbanna sóisialta rud a fhágann an plota liobarsnach.

Teipeann ar an údar cóimheas a chruthu idir na snaidhmeanna seachtracha agus na snáithe inmhéanacha.

Cloíonn an chéad chuid den leabhar leis an teoiric liteartha in ainneoin na lochtanna. Ach éiríonn an plota níos casta de réir a chéile rud a tharlaíonn sa 'Rising Action' mar a mhíníonn Lanning agus McCauley:

The next stage of the plot has been called the "rising action." Developments follow the course that has been indicated for them at the beginning and the intentions are pursued not without conflict and opposition, but with seeming success. ¹²

Feictear an gníomh ag éirí nuair a léirítear tuairim Mharion faoin toircheas. Cruthú é seo go bhfuil an bheirt, Tom agus Marion i ngrá. Forbairt thábhachtach í seo mar is í an toircheas is cúis leis na fadhbanna níos móille. Ullmhaítear an léitheoir don eachtra sin. Cuireann Marion ceisteanna ar Tom faoina chumas oibre. Comhartha follasach dá himní é seo.

Tá locht eile le feiceáil sa chúntas faoin Nollaig. Cé go dtugann sé eolas dúinn ar na Cleachtaí sóisialta, ní chuireann sé mórán leis an insint mar athraíonn an suíomh arís

Tagann fadhbanna Mharion chun cinn i rith na Nollag. Tá sí cinnte go bhfuil sí ag iompar clainne. Tá sé ar intinn aici an áit a thréigint roimh an am. Tuigtear é seo óna tagairtí don bhreith neamhdlistineach. Tagann Mick Macken chuig an doras, ámh, le cuma aisteach air. sampla soiléir é seo den chomparáid idir an ganntanas breithe agus líon na mbásanna.

Tá an cur síos faoi na rásanna sásúil le tuarascáil shuimiúil faoi na rásanna rud a thugann léargas ar an saol sóisialta. Ní chuireann si mórán leis an insint áfach.

Mír thábhachtach í an cuntas faoin bhféile mar tagann forbairt ar an bplota. Tá Marion ar a suaimhneas agus níl sí inmíoch faoina cinniúint.

Tarlaíonn eachtra ar an leibheál tánaisteach atá lánach in imeachtaí an úrscéil. Tugtar é seo faoi deara in iarrachtaí Doc Jennings chun feachtas agóide a chur ar bun. Is é seo is cúis le cinneadh Tom chun cruinniú a thionóladh:

'Feictear dhom go bhfuil mé ag déanamh mo dhícheall.'
'Tá, b'fhéidir, ach níl tú dhá dhéanamh san áit cheart. Cé 'tá ag dul ag tabhairt cluaise duit amuigh anseo? Ach tabharfaidh siad cluais duit, nó le slua as an áit, ar steipeanna na Dála.'
Chuimhnigh mé air sin, ach cén mhaith é mura bhfuil na daoine taobh thiar díom.
'Déan tú féin é má tá aon mhuinín agat as. Bhreathnódh mise i ndiaidh thaobh Bhaile Átha Cliath dhe — poiblíocht agus lóistín, dhá dteastódh sé.' 13

Tagann gné eile isteach nuair a mheallann Bairbre Paddy chuici. Forbairt thábhachtach í seo mar feictear le chéile iad don chéad uair.

Tá an t-eolas faoin saol sóisialta éifeachtach. Faightear leid faoi fhadhbanna na mbaitisiléirí. Tagraítear do chruachás Mhick freisin.

Nochtar eolas faoi Bhairbre agus Paddy ansin. Bíonn drogall ar Paddy dul a luí léi. Géilleann sé ámh, nuair a chloiseann sé faoin bhfrithghiniúint. Ullmhaítear an suíomh do na himeachtaí a bheas ag tarlú níos moille nuair a shocraíonn siad ar phósadh:

'Chuir an dochtúir air mé, mar nach raibh mé ag fáil mo chuid periods i gceart. Tá mo chuid fola lag.'
'Ní airíonn do chroí lag ar aon chaoi.' Thug sé póg di agus ba ghearr go raibh siad sníofa ina chéile arís. Ní raibh a gcoinsias ag cur isteach ar cheachtar acu, nuair nach raibh aon bhaol ann go dtabharfaidís páiste ar an saol. ¹⁴

Milltear an insint arís le scéal gan ghá faoi Sheán Mhicíl. Cé go bhfeictear Tom mar fhear an phobail ag an bpointe seo, níl ann ach bac ar ghluaiseacht an scéil. (*SBL lch. 105*) Leanann an plota air ag forbairt agus sinn ag gabháil tríd an scéal. Tugtar é faoi deara i gcruinniú na noileánach. Glacann Tom páirt ghníomhach sna himeachtaí. Gríosann sé iad chun na hagóide. Tagann forbairt shuimiúil ar na carachtair. Cuirtear an ruaig ar an easaontas agus socraíonn siad comhoibriú lena chéile. Feictear é seo go mór mór nuair a thoghtar Paddy mar ionadaí thar a gceann:

Socraíodh go mbeadh bliúchán taobh amuigh de gheata an tséipéil an Domhnach dá gcionn. Rachadh an méid daoine a bhí in ann go Baile Átha Cliath. Píocadh an sagart, Jack Phaddy, agus Paddy McEvilly le labhairt thar a gceann. Bhí iontas ar Phaddy nuair a chuala sé Jackie Reilly á mholadh féin. Ba chomhartha é go raibh muintir an oileáin tosaithe ag tarraingt le chéile. ¹⁵

Feictear a mhalairt i gcruinniú na mórthire. Milleann Tom Jennings éifeacht an fheachtais. Taispéantar an t-easaontas idir an seanfhear agus an cléireach óg. Bíonn sé seo tábhachtach ar ball mar insíonn Jennings an scéal faoi Tom don Easpag. Tugtar le fios anseo, ámh, go bhfuil an siopadóir ar buile de bharr na gceisteanna faoin dhintíúirí polaitiúla:

Bhí an cloigeann liath ag croitheadh le fearg — fearg faoi go gceistneodh duine ar bith a dhintíúirí polaitíochta, go speisialta an sagart. Ba chara leis na sagairt ariamh é. Anuas trí na blianta, níl duine acu nach mbíodh ag imirt cártaí ina theach, oícheanta Domhnaigh. Nach minic a thug sé isteach go dtí an baile mór iad le haghaidh cluiche gairí. Ba mhór an cunamh dóibh na nithe sin nuair nach raibh duine ar bith thart a bhí in ann labhairt leo ar a leibhéal féin. Choinnigh sé ar a gciall iad. ¹⁶

Éiríonn an gníomh níos casta i rith na hagóide i mBaile Átha Cliath. Eilíonn na hOileánaigh a gcearta bunúsacha. Bíonn an lá acu mar géilleann an tAire dóibh. Méadaítear ar thabhacht Phaddy. Roghnaítear é chun labhairt thar ceann na toscaireachta. Tugtar aitheantas oifigiúil dó mar labharaíonn sé ar fhadhanna an oileáin:

B'fhearr liom go n-inseodh Paddy anseo duit iad,' a dúirt an sagart. 'Is fear óg a rugadh agus a tógadh, agus a bhfuil sé ar intinn aige fanacht, ar an oileán. Is fearr atá 'fhios aigesean an scéal ná agamsa a tháinig isteach i mo strainséara san áit. Tabharfaidh Jack anseo cur síos ar céard é leagan amach athar gasúr ar an scéal.' 17

Tagann casadh ar an bpríomhphlota i ndiaidh na hagóide nuair a chuirtear in iúl go bhfuil Marion torrach. Céim thabhachtach í an casadh seo mar a mhíníonn Lanning agus McCauley:

This "rising action" leads to the first great turning point of the plot, one which Aristotle specified as the "reversal of the situation." An event which at first seems to be a normal part of what we have known and seen hitherto suddenly puts a new (and frequently disastrous) face on the situation.. 18

Tá an casadh seo sroichte nuair a fheictear Marion ag iompar clainne. Casadh tábhachtach mar briseann aighneas amach idir na carachtair dá thoradh. Socraíonn Marion ar imeacht gan mhoill ach filleann Tom sula mbíonn seans aici é a dhéanamh. Tá an Eachtra seo iorónta d'ainneoin an scéil faoi na gléasanna ~~fr. thghinnúna~~ (SLB Lch 118) le cás na beirte ag dul in olcas, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar staid na háite:

'Céard faoin mbealach eile, an rogha is follasaí ar fad?'
'Céard é sin?'
'Ná bí ag ligean ort féin go bhfuil tú chomh neamhurchóideach sin. Ginmhilleadh — abortion, má chuala tú caint ariamh air!'
'Ní thagaim leis.'
'Cén fáth nár chuimhnigh tú air sin nuair a bhí tú á dhéanamh.'
'Ná bí chomh cruá sin orm, a Mharion. Tá mé ag iarraidh breathnú go réasúnta ar an gceist.' 19

Feictear athmheisiúnacht an tsuíomh nó an Reappraisal of Situation mar a thugann Lanning agus McCauley air i ndiaidh an chéad chasadh:

A fictional crisis, on the other hand, may be a decisive turning point in a conflict of forces that have already been put into opposition during the "rising action" of the story. 20

Tugtar an t-athbheithiúnas seo faoi deara i suaitheadh coinsiasa Tom. Bhéifeá ag súil go n-imeodh an bheirt go ciúin. Ach ní tharlaíonn a leithéid mar sroichtear an dara casadh — cinneadh Tom chun fanacht agus freagracht a ghlacadh as a ghníomhartha:

Bheadh sé éasca go leor ligean le Marion imeacht mar a bhí sí ag iarraidh a dhéanamh; ní bheadh a fhios ag duine ar bith tada faoi, ach chaithfeadh sé maireachtáil leis féin agus lena choinsias an chuid eile dá shaol. Bheadh sé ag tabhairt droim láimhe dá shliocht féin. Ba threise an ceangal sin ná an mhóid a ghlac sé nach bpósfadh sé go deo. ²¹

Fághtar an plota léamh anseo mar gheall ar an argóint i gcoinne na h-^hatmumhachta. Socraíonn an bheirt chun fanacht i ndiadh an shuite choinsiasa. Bheadh an suaitheadh níos fearr gan bholscaireacht. Tá spuaic an scéil sroichte de réir na teorice — ní tharlaíonn mórán ina dhiaidh seo. Tosnaíonn an gníomh ag isliú de réir a chéile, rud a tharlaíonn sa Falling Action:

Succeeding that, in the classical formula, comes the "falling action," the postclimax events that lead toward the final resolution. ²²

Tosnaíonn sé seo leis an toradh ar an bpicéad i mBaile Átha Cliath. Tagann suirbhéir chun an cás a mheas. Tagann Paddy McEvelly chun cinn arís. Labhraíonn sé i gcoinne an 'leatroid' a rinneadh ar na fir cheana féin. Socraítear nach gcuirfí isteach ar an lucht oibre. Tagann deireadh le feidhm Phaddy mar chlamhsánaí.

Gabhann locht leis an gcur síos faoin obair. Níl baint aige leis an insint ar chor ar bith. Sampla eile é den leadránacht a fheictear chomh minic sin le linn an úrscéil:

Thosaigh an obair ar bhóithre an oileáin ar an triú Luan de mhí na Feabhra. Tugadh obair do chuile fhear a bhí in ann obair a dhéanamh. Roinneadh na foirne go cúramach le nach mbheadh daoine nach dtarraingíodh le chéile ag obair lena chéile. Bhí coimhlint idir na foirne, comparáid dhéanamh sa bpub faoin bhfad a rinne siad sa lá. ²³

Tugtar an t-eolas ar bhás an linbh ina dhiaidh seo. Baineann éifeacht leis mar is í Mary an t-aon bhean atá torrach de réir cosúlachta. Cur síos forónta é le codarsnacht idir brón Jack agus a chlann ar lámh amháin agus fadhbanna Tom ar an taobh eile. Tá an dá scéal meascáithe le chéile anois. Feictear an foróin ach tugtar an bholscaireacht isteach arís sula nochtar mórán sonraí.

Tugtar gabhlán gan ghá isteach san easaontas faoi uacht Bhríde. Tá an iomarca béime á cur ar nithe den tsórt seo nach mbaineann leis an bpríomhphlota. Fágтар an chothromaíocht in easamh — le heaspa forbairte ar eachtraí tábhachtacha:

Níor sheas an suaimhneas agus an tsíocháin a tháinig de bharr chuile dhuine a bheith ag obair i bhfad. tháinig slám, litreacha maidin amháin a thug tine don éad agus don easaontas arís. Fuair gach duine a bhí gaolmhar le Bríd Hughie litir ag fiafraí an raibh siad sásta on cheart a bhí acu ar ghabháltas talún Bhríde a thabhairt suas. ²⁴

Tá snaidhm eile den phlota á ullmhú chun réiteach. Is í an lánúin seo an t-aon chúpla a bhí suim acu sa phosadh. Tá codarsnacht idir a ndearcadh agus meath na háite:

'Bhí chuile dhuine de na McEivillys sin go deas. Bhí mé ag éisteach leis eo ar an radio an t-am a raibh siad thuas i mBaile Átha Cliath. Labhair sé go han-mhaith. Déarfainn gur lad é a bhfuil sponc ann.'
'Is dóigh go dtabharfá an áit dóibh freisin?'
'Cinnté. Bhfuil aon duine den chuid eile a thiocfadh ar ais. Bíodh an áit ag cibé acu a thabharfas aire do Teresa, nuair imeos muide.'
'Ea... Ar dhúirt muid na paidreacha fós?' Bhí 'fhios aige go raibh sé chomh maith dó tabhairt isteach. Bheadh an focal deireanach aici i gcónaí. ²⁵

Tá an fhadálalcht le sonrú arís san easaontas idir Paddy McEivilly agus Patcheen John. Tá an plota ag druidim i dtreo na críche. Ach níl sa chuid seo ach giota neamhriachtanach:

Bhí Patcheen le ceangal. Gheall sé go mbainfeadh sé díoltas as Jack.' Fan go mbéarfaidh an gauger air,' a dúirt sé le Paddy, agus iad amuigh ag faire. 'Tá scéal curtha isteach agam go bhfuil sé ag baint fheamainne agus é ag saighneáil.'
'Cén saghas seafóide atá ort, ag déanamh spíodóireacht ar do chomharsa, fear a mb'éigean dó fanacht sa mbaile de na bóithre mar go raibh a bhean san ospidéal tar éis páiste a chailleadh. ²⁶

Feictear é freisin nuair a insítear an scéal faoi thoircheas Mharion. Tá an sufomh cruthaithe leis an mbeirt ag fanacht leis an gcinniúint do-sheacanta. Ní réitítear an fhadhb, ámh, agus fágтар an bheirt gan an scéal ar feadh tamaill.

Lá dorcha i ndeireadh Aibreáin a bhí ann, lusanna an chromchinn ag fáil bháis, nuair a d'fhógair Tom Connor ag an aifreann san oileán go raibh Marion ag súil le páiste agus gurbh é féin an t-athair. Bhí an scéal pléite aige féin agus ag Marion míle uair ó thús na bliana. Domhnach Cásca, shocraigh siad go bhfanfaidís le chéile cibé céard a tharlódh agus go n-inseoidís an scéal don phobal. ²⁷

Tugtar eachtra eile isteach faoi Mhick Macken, a chuireann lámh ina bhás féin. Nochtar an mhístéir faoina chinniúint anseo. Cé gur sampla é de mheath an daonra ní dhéanann sé ach cur isteach ar ghluaiseacht an úrscéil:

Thóg an sagart an líne as an Soiscéal: 'Tá a peacaí, a mórchuid peacaí, maite dí mar gheall ar mhéid a grá', ag cuimhneamh air féin níos mó ná ar Mhick, b'fhéidir. Chuir siad é in aice lena athair agus lena mháthair i ngaimimh domhain na reilige — deireadh le sliocht eile de chuid na háite. I gceannleathchhead bliain eile, an mbeadh duine ar bith fágtha? ²⁸

Leanann an gníomh ag ísliú in agallamh Tom leis an easpag. Cuirtear de dhualgas ar Tom dul ar chúrsa spioradálta. Tugtar suntas don chodarsnacht idir dearcadh coimeádach an easpaig agus tuairim an chléirigh. Níl ann dáiríre, áfach, ach claonadh chun leadráin, a fhágann an plota éadrom.

'Dá mbreathnófaí mar sin air... b'fhéidir. Ach ní hin é an chaoi a mbeadh sé, ach do dhéine ag rá go bhfuil cead do rogha rud a dhéanamh feasta. Bheadh an craiceann agus a luach agat.'
'Bíonn an "craiceann" agus a luach ag níos mó ná agamsa, ach ní bheirtear orthu. Níl aon pheaca ann, dáiríre, san Eaglais, ach go mbéarfaí ort. ²⁹

Éiríonn leis an údar críoch a chur le gníomhaíocht Jack Phaddy agus a chlann i ndeireadh na dála. Éiríonn le Jack lán tacaíochta a thabhairt dá bhean. Meallann sé chuici féin í agus glacann sí páirt ina fheachtas leis an oifigeach. Ní chuireann an cur síos leis an bplota, ámh, mar a léiríonn Pádraig Ó Fiannachta:

Is dóigh liom go ritheann leis an údar, geall leis, úrscéal sochreidte a scríobh d'ainneoin an easpa cruthaíochta sa phlota agus sa téama. Tá an chaint de ghnáth, breá soiléir nádúrtha, ritheann leis sa chomhrá go maith, ach mar sin féin tá a leithéid seo d'aitheasc i mbéal oileánaigh beagán mí-nádúrtha (is fearr a d'oirfeadh sé i dtráchtas staire.) ³⁰

Tá an gníomh ag ísliú de réir a chéile agus réitítear fomhór na n-imeachtaí sula sroichtear an deireadh. Úsáidtear socrú phósta Phaddy agus Bairbre chun cur leis an aidhm seo:

"Tuigeann sí sin an chraic go maith. Murach a leithéide, bheadh muid maraithe uilig.'
'Níor dhúirt tú fós liom go bpósfaidh tú mé.'
'Shíl mé nach raibh aon chall dom é a rá.'
'Gabh i leith uait amach, mar sin, go gceannóidh muid an fáinne.'³¹

Níl sa chúntas faoin Athair Gilmore ach athrá ar phointí a rinneadh cheana féin. Cuirtear Tom Jennings i láthair mar dhuine mór le rá sa cheantar. Níl ann, ach mír eile gan ghá nach gcuireann leis an bplota.

Fágтар an plota leamh uaireanta de bharr an chlaonta seo mar a mhíníonn E. M. Forster:

*In the losing battle that the plot fights with the characters, it often takes a cowardly revenge. Nearly all novels are feeble at the end. This is because the plot requires to be wound up.*³²

Tugtar a leithéid faoi deara in SLB. Fágтар easpa béime ar iompar na bpríomhcharachtar le hiliomad tagairtí do na heachtraí neamhriachtanacha. Faightear a leithéid nuair a théann Tom ar chúrsa spioradálta. Téann an reacaireacht ar aghaidh gan dul isteach sa scéal. Fágann sé sin an mhír seo neamhfhorbartha rud a dhéanann lochtach é.

*B'fhéidir nach mbeadh an saol chomh dona sin dá bhfágfadh sé na sagairt. Léadh cuid de na hiarshagairt Aifreann príobháideach chuile lá, th'réis go raibh siad imithe go hoifigiúil, agus pósta. Ní raibh a chead acu ná níor iarr siad é, ach ní raibh siad sásta maireachtáil gan an tAifreann a rá mar gur shagairt aid go brách, 'ar nós Mheilcizidic.' Ní bheadh an saol ródhona dá mbeadh an tAifreann' aige.*³³

Sroichtear an t-athrú i ndiaidh na míre thuas. Níl fágtha anois ach cinniúint Tom. Feictear Tom ag brionglóidí sa chéad chuid. Ach nuair a dhuisíonn sé, tá sé fágtha gan an craiceann ná a luach. Cuirtear ar fionraí é agus teipeann air teacht ar Mharion. Sampla eile é seo den easpa cothromaíochta a fheictear chomh minic sin in SLB.

*Bhí litir ón Easpag roimhe i dteach a aint agus a uncaíl á chur in iúl dó go raibh sé curtha ar fionraí. Ní raibh cead aifrinn ná Faoistine aige. Bhí an teach ina raibh sé ag teastáil le haghaidh sagairt a bhí ag dul isteach sa bparóiste ina áit. Bhí brón ar an Easpag nach bhféadfadh sé labhairt leis, ach bhí air imeacht ar saoire, ar fhógra gairid, ar mhaithe lena shláinte.*³⁴

Conclúidí

Pléitear ábhar go macánta in SLB. Ní drogall ar an údar tuairimí a nochtadh ar cheisteanna éagsúla trí mheán an úrscéil.

Feictear claonadh chun leadráin, áfach, de thoradh na bolscaireachta i gcoinne na haontumhachta. Éiríonn sé seo tuirsiúil i rith an úrscéil. Níl an plota domhain go leor in áiteanna. Téann sé ó mhír

go mír sula mbíonn seans ag an léitheoir dul níos doimhne sa scéal.

Cuireann eachtraí gan ghá isteach ar an insint amanta, claonadh a fhágann léarnh é. Tá codarsnacht le sonrú idir é seo agus an clábhsúr tobann — rud a léiríonn easpa cothromaíochta ó thaobh láimhseáil an phlota de.

Fágtar an plota liobarsnach dá bharr.

An Charachtracht

Déanfar anailís ar charachtracht an úrscéil ins an gcuid seo den chaibidil. Déanann E. M. Forster idirdhealú idir an carachtar cruinn agus an carachtar maol. Úsáideann an Standúnach carachtair mhaola go príomha seachas roinnt eisceachtaí anseo is ansiúd. Ach cad is brí le carachtar maol? Tá an sainmhíniú seo ag E.M Forster air:

We may divide characters into flat and round. Flat characters were called 'humours' in the seventeenth century, and are sometimes called types, and sometimes caricatures. In their purest form, they are constructed round a single idea or quality; when there is more than one factor in them, we get the beginning of the curve towards the round. The really flat character can be expressed in one sentence such as 'I never will desert Mr Micawber'.³⁵

Déanfar anailís ar na carachtair de réir na teoirice sin. Scrúdófar na príomhcharachtair in **A** agus déanfar anailís chuid de na fo-charachtair in **B**

(A) Príomhcharachtair

Tom Connor

Feidhmíonn Tom mar phríomhcharachtar **SLB**. Tá coinsias sóisialta aige. Faightear a lán eolais ar an ngné seo dá charachtar i rith an úrscéil. Nochtar é seo agus é ar a bhealach chuig an oileán. Ní thaitníonn an t-ómós a tugtaí dos na seansagairt leis. Déanann sé iarracht bheith cáirdiúil lena phobal:

Níor thaitnigh sé leis go mbeifí ag déanamh lady de, mar a chuir sé féin é. Ba dheacair a dhéanamh amach an as ómós dáiríre a dhéantaí é, nó as ómós bréige do chineál boicín, mar a thugtaí do na tiarnaí talún fadó.³⁶

Déanann sé a dhícheall do Mharcas Phaddy nuair a fhaigheann sé an litir bhagrach. Faightear cúntas ar an litir bhagrach. Faightear cúntas ar an méid atá déanta aige féin leis an áit a chur chun cinn. Léirítear é mar fhear an phobail. Milltear an bua seo, ámh, le bolscaireacht i gcoinne na hEaglaise nach gcuireann lena fhorbairt a bheag ná a mhór.

Feictear é seo sa chúntas ar an agóid a rinne sé an bhliain roimhe sin go mór mór sna tagairtí do 'Ridírí cholumbain agus a gcomhleachaithe sa mhaorlathas':

Chuir sé féin isteach ar an dole an bhliain roimh sin. ní fhaca sé fáth ar bith nach bhfaigheadh sé é, dá gcuirfeadh sé bailiúcháin an tsagairt

*isteach i gCiste an tSéipéil. Bhí súil aige, ar an mbealach sin, aird a tharraingt ar fhadhbanna na háite, áit a ribh chuile dhuine ach múinteoirí, an siopadóir, agus an sagart ag brath ar an dole.*³⁷

Níl drogall air bheith cáirdiúil leis na gnáthdhaoine. Taispeánann a iompar sa teach tabhairme é seo. Téann sé ann agus labhraíonn sé leis na daoine in ainneoin na cúthaileachta. Líonann sé an bhearna idir é agus muintir na háite. Teastaíonn sé uaidh bheith cáirdiúil leo. Éiríonn leis a bheart a chur i gcríoch (*SLB lch. 45*)

Ní leasc leis labhairt le Jack Phaddy nuair a dhúisítear é i rith na hoíche. Pléann siad na 'ceisteanna tábhachtacha' todhchaí agus cinniúint na dúiche maguaird.

Déantar cuntas ar bhuairt Tom faoin áit. Sampla é dá shuim i gcúrsaí sóisialta a fheictear i gcaitheamh an úrscéil:

Is muide an ghlúin dheireanach, ar aon chaoi. Bhfuil maitseannaí agat, a Chonnor...? Las an diabhal den choinneal sin agus beidh muid ag caint.'
'Céard tá ort. An anois atá tú ag teacht abhaile?'
'Is muide an ghlúin dheireanach,' a dúirt mé, 'the last generation, sa teanga sin atá agaibhse.'
'Sssi, nó dúiseoidh tú an chéad ghlúin eile.'
'Ní bheidh leithéidí muide ann arís go deo.'
'B'fhéidir nach fear a bheith.'
*'Ná habair é sin, a Chonnor.'*³⁸

Feictear a choinias freisin nuair a théann sé isteach sa scoil. Téann drochbhail an oileáin i bhfeidhm go mór air. Léargas maith é ar a dhearcadh i leith na háite:

*B'fhurasta aithint ar an scoil go raibh drochbhail tagtha ar phobal an oileáin. Chúig ghasúir déag — as trí chomhluadar — istigh i gcoirnéal den seomra ranga. Bhí an dá sheomra eile fágtha folamh. Fiche bliain roimhe sin bhí beagnach céad gasúr ann.*³⁹

Cabhraíonn sé leis na daoine nuair a bhíonn Teresa Phádraig Mhicilín ar iarraidh. Cé nach réitíonn sé go maith le Tom Jennings an siopadóir áitiúil, tagann siad le chéile in am an ghátair. Glacann Tom páirt ghníomhach sa himeachtaí (*SLB lgh. 57-58*)

Comhlíonann Tom a dhualgaisí freisin tar éis bháis Bhríd Hu ghie nuair a chuireann sé an ola

dhéanach uirthi agus sa chaoi go gcabhraíonn sé leis na hullmhúcháin don tsochraid. Déanann sé iarracht cosc a chur leis an troid lasmuigh de theach an tórraimh mar cuireann easaontas agus rí rá as dó:

Brisigf suas é, a lads.' Sheas an sagart idir an bheirt a bhí ag troid, é dúisithe as a chodladh ag duine eicint ag a fhuinneog ag fógairt: 'Tá siad ag marú a chéile, a Athair, thiar ag teach an tórraimh.'
*'Fan amach as seo, a Chonnor,' a bhéic McEvilly. 'Réiteoidh muid idir muid féin é. Féadfaidh tusa do ghnaithe a dhéanamh nuair a bheas an bastard maraithe agam.'*⁴⁰

Tugtar suntas dá choinsias nuair a labhraíonn sé le Doc Jennings. Déanann sé cur síos ar a iarrachtaí leis an áit a chur chun cinn. Glacann sé le moltaí Doc chun feachtas agóide a chur ar bun. (*SLB lch. 94*)

Bíonn sé gníomhach san agóid. Molann sé do na hOileánaigh a gcearta bunúsacha a éileamh. Ní deachtóir é, áfach — tugann sé seans do thuataí labhairt ar na fadhbanna atá ag cur as dóibh. (*SLB lch. 115*)

Feidhmíonn sé mar fhear an phobail i rith chuairt an tsuirbhéara. Cé go gcuireann a chúrsaí pearsanta as dó, ní leasc leis cás na n-oileánach a chur chun cinn:

*Clagfharraige a bhí ann. Bhuail tinneas farraige cuid de na státseirbhíisigh, agus bádh go craiceanniad. Thug sé sin an-sásamh do Tom Connor a bhí ag taisteal in éineacht leo. Thuigfidís na fadhbanna níos fearr dá bharr.*⁴¹

Tugtar a lán eolais faoi choinsias sóisialta Tom anois déanfar anailís ar ghnéithe eile dá charachtar.

Moráltacht

Tá moráltacht le sonrú in iompar Tom. Nuair a chloiseann sé an scéal faoi Mharion socraíonn sé chun freagracht a ghlacadh as a ghníomhartha. Seasann sé mar cheannaire tréadúil ar an bpobal. Ceapann sé go bhfuil sé de dhualgas air a chrois a iompar.

Oibríonn sé amach an fhadhb ina chloigeann féin. Ach diúltaíonn sé imeacht. Tá baint ag an gcinneadh seo leis an bhféinfhreagracht. (Déanfar é a phlé i gcaibidil a seacht):

*Ag breathnú air ar bhealach eile, bheidís ag déanamh de réir an phrionsabail gur cheart do dhaoine a bheith freagrach as gach a ndéanann siad. Cé acu ab fhear dósan ligean do Mharion imeacht agus í ag tógáil an pháiste léi féin, ná seasann sí léi agus freagracht a ghlacadh as a ghníomh féin. Bheadh an chrois níos troime, ach bheadh an t-ualach roinnte idir an bheirt acu. Dá gcaithfidís imeacht, d'imeoidís.*⁴²

Briseann an cinneadh amach arís in agallamh Tom leis an Easpag. Ceapann an tEaspag go n-imeoidh Tom go ciúin ach cuireann freagra Tom ionadh air. Tá diongbháilteacht Tom le tabhairt faoi deara san fhreagra in ainneoin na bolscaireachta faoin Eaglais. (*SLB Lgh 158-159*)

Is é an trua, ámh, nach bhfuil a thuilleadh eolais nochtaithe faoi in bhfadhb phearsanta agus níos lú ar a ról mar fhear poiblí. Teipeann orainn aithne a chur ar a phearsantacht de bharr an chlaonta seo, rud atá glan in éadan thuairimí Forster, mar shampla:

It is the function of the novelist to reveal the hidden life at its source: to tell us more about Queen Victoria than could be known and thus produce a character who is not the Queen Victoria of History. ⁴³

Ní thugtar seans dúinn aithne a chur ar bheatha cheilte Tom, ámh, de bharr dhá ghné:

- (A) An bhéim ar an gcoinsias sóisialta.
- (B) An Argóint i gcoinne na haontumhachta

An Bholscaireacht - *Legends*

Pléadh (a) thuas, anoís níor mhiste féachaint ar an bhfeidhm bolscaireachta a bhaineann le Tom sa leabhar.

Ceapann léirmheastóirí áirithe gur locht é seo mar a mhíníonn Caoilfhionn Nic Pháidín:

Cé acu is tábhachtaí don údar carachtar Tom Connor a léiriú nó Tom Connor a chruthú chun tuairimí áirithe a chur in iúl? Bíonn smaointe agus mothúcháin ag gach scríbhneoir, ach cé chomh dlisteanach mar litríocht nó mar Ealaín atá an Saothar cruthaitheach atá faoi réir ag teagasc. Féachaimís ar an deighilt a choinnigh Ó Cadhain i gcónaí idir a chuid carachtair liteartha agus a chuid tuairimí mar fhear agóide. ⁴⁴

Briseann an bholscaireacht isteach gan choinne ag pointí tábhachtacha. Ní locht í an stíl dhogmach inti féin. Ach an cóir ligint di díobháil a dhéanamh?

Feictear an bholscaireacht ag tús an leabhair nuair a bhuailear le Tom ar a bhealach chuig an Séipéal. Cuirtear eolas os ár gcomhair ar an gcéad uair a bhuaile sé le Marion. Briseann an bholscaireacht isteach, ámh, sula n-éiríonn an scéal ró-dhoimhin (*SLB Lch 9*)

Feictear smaointe inmheánacha Tom ceart go leor ach cuireann an bholscaireacht isteach air agus é ag iarraidh ceisteanna a phlé. Ní ligtear don léitheoir aithne a chur ar a phearsantacht:

Ní hé go bhfaca sé mórán céile in aontumhacht éigeantach na sagart. Ní mórán a chreid sé sa móid ariamh. Bhí sé ag iarraidh a bheith ina shagart. Ní raibh aon rogha aige ach glacadh le celibacy mar chuid den mhargadh. An raibh aon mhaith le móid a déanadh faoi bhrú den chineál sin?

Bhí tuairim láidir aige le fada an lá nach n-athrófaí an dlí sin nó go mbeadh an oiread sagart ag maireachtáil in éindí le mná is go gaithef é a athrú.⁴⁵

Tá sé le feiceáil freisin sa chuntas ar oirniú Tom mar fho-dhéagán. Ní argóint lóighiciúil í ach dogmachas aon-taobhach i gcoinne na haontumhachta éigeantaí. Ní phléitear aon ghné eile rud a fhágann leamh é:

Chuimhnigh sé siar ar an lá sin i Maigh Nuad, an lá ar ghlac siad an mhóid sin, lá na fódhiagántachta — ord a scrios an Pápa roinnt blianta ina dhiaidh sin, ach a raibh aontumha sagairt ceangailte leis ag an am. Bhí siad i Séipéal Naomh Muire. Bhí gunna bréige tugtha isteach ag Stan Cunnane ón Aula Maxima. Shuígh sé taobh thiar den chuid eile, an gunna ina lámh aige. 'Beidh sibh in ann a rá,' a dúirt sé, 'gur thóg sibh an mionn seo agus gunna leagtha arbhur ndroim.'⁴⁶

⇒ Léirítear an argóint i gcoinne na haontumhachta i bhfocail Jack Phaddy. Cuirtear an bhéim uile ar an aontumhacht agus ní thagann forbairt ar na carachtair. Fágtar éadrom iad dá bharr:

Le bheith ffrinneach leat a Tom Connor, ní cheapaim gurb é creideamh na ndaoine atá ag cur as chomh mór sin duit, chor ar bith, ach céard a cheapfaidís fút féin, an sagairtín lách, an sagairtín álainn, nach raibh a léithéide anseo againn cheana riamh.⁴⁷

Tá sé de thuairim ag sagairt áirithe gur fear dá aois é Tom i.e. go mbaineann sé le glún na seascaidí. Tá sé seo le sonrú in iompar Tom i láthair an easpaig. Oirníodh an tEaspag sa tSean Aimsir nuair a bhíodh diansmacht ar na hábhair sagairt. D'fhág Tom an Coláiste tar éis imeachtaí na Comhairle nuair a bhí na leasúiche ag teacht chun cinn. Ghabh éiginnteacht lena leithéid. B'fhéidir gurbh é an éiginnteacht ba chúis le cuid den easpa doimhneachta i gcarachtar Tom. Ach tá an bholscaireacht freagrach as freisin. Ní thagann forbairt air le linn an úrscéil rud a fhágann leamh agus éadrom é.

Marion Warde

Déanfar anailís ar fheidhm Mharion thíos.

Feictear Marion i gcuideachta Tom i dtosach báire. Leagtar an bhéim ar Tom. Tugtar an t-eolas

fúithi trí shúile Tom. Níl mórán doimhneachta le fáil inti, ámh:

Bhí Marion Warde ag srannadh go hard i dtámhchodladh suaimhneach. Í ina luí ar a droim, láimh amháin trasna ar a bathais, a gruaig fhada i bhfáinní timpeall uirthi. Níor chodail sí mar sin cheana leis na blianta. Ina luí dó in aice léi, ag caitheamh bun toitín na hoíche roimhe sin, b'fhacthas do Tom Connor, ag breathnú uirthi, go raibh sí níos dathúla ná mar a shíl sé ariamh cheana. ⁴⁸

Feidhmíonn sí mar uirlís na bolscaireachta. Ní nochtar mothúcháin nó smaointe ach cuirtear in iúl go gcodlaíonn sí le Tom. Tugtar le fios go bhfuil a mhóideanna coillte aige. Fágтар Marion leamh de thoradh na bolscaireachta a chuireann as dá carachtar:

Tá mé ansé le bliain, beagnach. Bhí Marion ag caint os ard léi féin, rud a dhéanadh sí go minic nuair nach mbíodh aon duine eile thart. Bhí an-lá caite go leisciúil aici — ina luí ar an leaba, ag léamh scaití, ag smaoineamh, ag caitheamh corrhoitín. Dhéanfadh sí gan béile go tráthnóna. ⁴⁹

Nochtar a thuilleadh eolais faoina tréimse i Londain. Tugtar le fios go raibh dhá ghinmhilleadh aici. Déantar cur síos ar a beatha ceilte freisin. Taispeántar a feidhm de réir a chéile. Ach déantar é ar bhealach éadrom a fhágann léamh í de réir na teorice liteartha:

D'aithin sé í ar an bpointe. Bhí sé cúthail go dtí go raibh cúpla deoch ólta aige. Í ag comhrá leis... Ag damhsa. Níor dhamhsaigh sí céim leis na cianta. Ní raibh sí ag iarraidh a dhul ar ais go Londain; bhí sí ag iarraidh í féin a chur i dtoll a chéile tar éis an dara ginmhilleadh. An ghráin aici ar fhir. An dearg-ghráin aici ar Londain. D'fhiafraigh sí de an raibh aon duine ag obair aige; bheadh suim aici in obair den sórt sin a choinneodh tamall in Éirinn í. Bhi sí cinnte ina hintinn féin go bhféadfadh sí maireachtáil ar nós bean rialta. Ní bheadh sé in ann mórán a íoc. Ba chuma léi ach áit a bheith aici, áit a mbeadh sí neamhspléach an thuismitheoirí. ⁵⁰

Treisítear an tuairim níos déanaí nuair a bhuailtear léi arís. Ceapann sí go bhfuil sí ag iompar clainne ach níl sí cinnte go fóill. Sampla eile é seo dá feidhm mar bholscaire:

Bhí Marion mí-shuaimhneach. Bhí fuadar fúithi ag nóchán, ag scuabadh, ag cócaireacht, ag iarnáil. Bhí imní uirthi. D'airigh sí a cíocha níos cruá ná ba cheart dóibh a bheith. Bhí cineál dinglise iontu ar nós mar a bhí iontu nuair a bhí páiste á iompar aici cheana. ach ní fhéadfadh sé.... Cén chaoi a mbeadh? Nach raibh siad cúramach? ⁵¹

Cuireann sí ceistanna ar Tom chun a thuairim a fháil. Sampla eile den ghnáthphraetséalafocht í an argóint i gcoinne na haontumhachta. Taispeántar nach duine scrupallachí. Tagann an bolscaireacht isteach arís, rud a chuireann bac lena forbairt mar charachtar:

D'fhiafraigh sí de Tom: 'An mbeadh tú in ann thú féin a fheiceáil ag déanamh aon ní eile, ach a bheith i do shagart?'

'Cén t-údar atá leis an gceist sin?'

'Údar ar bith. Rud eicint le rá.'

'Tá faitíos orm nach mbeinn in ann aon rud eile a dhéanamh ag an aois a bhfuil mé anois. nach bhfeileann an collar mé ar aon chaoi, mé cosúil le asal ag breathnú thar claf?'

'Á, a Tom, bí dáirtre. Ní óinseach mé.' 52

Feictear an fheidhm chéanna nuair a chuireann sí ceist faoi bhreith neamhdlistineach Íosa. Tá an fhadhb a bhaineann lena toircheas ag méadú. Ní luaitear aon ghné eile dá pearsantacht, áfach, rud a fhágann leamh í:

Bhí Marion cinnte ina hintinn féin faoin am seo go raibh sí ag iompar. An t-aon seans a bhí anois aici ná go gcruthódh an scrúdú, a bheadh aici tar éis na Nollag, nach raibh. D'imeodh sí i gceann cúpla mí amach glan as a bhealach. Ní gá go mbeadh a fhios aige go deo faoin bpáiste. Chaithfeadh sé go raibh sí i ngrá leis. Tar éis an imní a bhí uirthi, ní raibh aon mhileán aici air. 53

Faightear leárgas eile ar a meon le linn na féile san halla. Cé gur grinnneas dearfach é, ní fhágtar é gan rian na bolscaireachta. Sampla eile é seo dá gnáthfheidhm:

...d'airigh sí í féin sa mbaile. Ní raibh mórán maitheasa di a bheith á crá féin go dtí go bhféadfaí gheadh sí scéala cinnte ón dochtúir. 54

Luaigh mé ráiteas Forster ar an mbeatha cheilte i gcás charachtracht Tom. Tá an locht céanna anseo de bharr na béime ar an aontumhacht. Nuair a bhuaitear léi arís tá sí ar tí imeacht. Céim eile í seo dá gnáthfheidhm, mar níl ár n-aird dírithe ar a pearsantacht ar chor ar bith. Léirítear a buairt ach leagtar níos mó béime ar an mbolscaireacht.

'Bhuel, chaithfeadh sé gur phléasc ceann de do chuid "cosaintí". Cheap mé, go raibh aithne agat orm. Cheap mé nach bhféadfá cuimhneamh fiú go raibh mé le aon duine eile, an fhad is a bhí mé mór leatsa... mé pósta leat, is beag nach bhféadfá a rá. Is mór is fiú go bhfuil mé ag imeacht. Mar a chéile thú féin is chuile fhear eile: Have your fun and run!' 55

Níl aon fhorbairt déanta ag an údar ar phearsantacht Mharion, trua é seo dáiríre mar bheadh sé seo níos fearr ná an bolscaireacht aon-taobhach.

Tá Marion sáinnithe ina cruachas. Duine truamhéileach í nach bhfeiceann aon dul as ach imeacht. Ní thagann forbairt ar an gcruachas seo, ámh, de bharr na lochtanna a chuireann as dá charachtar (*SBL lch. 123*)

Cruthaítear é seo i ndiaidh na tagairte thuas nuair a smaoiníonn sí ar chás Tom. Déantar ionsaí fíochmhar ar an aontumhacht éigeantach sa mhéid a deirtear faoi bhean na cléire. Comhartha soiléir é seo dá feidhm mar bolscaire:

Is mó go mór an díol trua é na mé féin , cheap sí agus é ag imeacht. Bheadh an páiste aicisean mar chuimhneachán ar a ngrá. Ní bheadh aigesean ach a Eaglais sheasc. I gcreideamh eile, chuirfeadh an nuacht go raibh bean chléirigh ag iompar páiste ríméad, ní amháin orthu féin, ach ar an bpobal ar fad. Ach san Eaglais Chaitliceach. ⁵⁶

Faightear cruthú cinnte de seo i mbrionglóid Tom sular gcuirtear ar fionnraí é. Nuair a cheapann sé go bhfuil sé ag filleadh ar Chill Chrónáin, cuireann sé ceist mar gheall ar thodhchaí Mharion. Sampla eile é seo dá gnáthfheidhm. (*SBL lch. 176*)

Paddy McEvelly

Feidhmíonn Paddy Mar ^{complawer} chlamhsánaí. Ní thaithníonn drochstádas na háite leis agus déanann sé breithiúnas fuarchúiseach ar fhadhbanna an cheantair. Feiceann sé géarghá le réiteach orthu. (*SBL lch. 3*)

Tá suim aige ina áit dhúchais. Ní thaithníonn caint sheafóideach leis. Feictear é seo nuair a labhraíonn sé amach i gcoinne Pheadair Rua. Ní ghlactar lena thuairimí, ámh. Tá rian na bolscaireachta le sonrú ina a chuid cainte, rud a fhágann lochtach é (*SBL lch. 40*)

Úsáidtear Paddy chun cur le bolscaireacht an údair. Ní mhilleann sé seo é mar charachtar, áfach mar tagann forbairt air le linn an úrscéil. Nuair a shocraíonn na buachaillí ar bhob a bhualadh ar Bhríd Huighie, déanann sé gearán. Ceapann sé gur cóir dóibh gan bacadh léi. Sampla dá chineáltas é seo.

Tugann an Eachtra léargas ar a fheidhm mar ghearánaí. Téann sé i gcoinne an tslua, rud a dhéanann sé go hiondúil:

*'Á, ná bac léi. Céard tá sí ag cur as díbh?' arsa Paddy McEivilly.
'Éistigf leis an naomh, le aingeal Dé é féin. Cheapfá nach ndearna sé tada as bealach ariamh. níor leag sé cláchoaí, ná ní hé a stop an obair ar na bóithrí. Tá 'fhios againn go maith go bhfuil féar Bhrid ag fear do dheirfiúre. 57*

Labhraíonn sé amach chomh maith le linn an tórraimh. Cuireann sé isteach ar na himeachtaí lena chúisithe. Ceapann sé nach bhfuil cothrom na féinne faighte ag an tseanbhean. Sampla eile é seo dá ról mar agóideoir:

'Níl 'fhios agamsa é,' a thosaigh Paddy McEivilly arís, 'ach gur fhág beirt atá anseo an sceach gheal san oíche Dé Domhnaigh le "rise" ,mar a thug siad air, a bhaint as Bríd Hughie. Fritheadh cailte í lá arna mhárach nó an mhaidin dár gcionn. 'Séard 'tá mise á rá gur cheart go mbeadh na gardaí anseo le breathnú isteach sa scéal. 58

Níl meas aige ar éinne. Ní thugann sé mórán airde ar an sagart ná ar a iarrachtaí chun cosc a chur leis an troid. Teastaíonn sé uaidh dul i gcoinne an bhochtanaís. Glacann sé páirt san agóid i mBaile Átha Cliath. Tuigeann sé nach dtabharfaí aird air féin agus fanann sé ina thost le linn an chruinnithe. Cuireann aontas na ndaoine ríméad air. (*SLB lch. 108*)

Tá na claonta céanna le sonrú ina iompar in oifig an Aire. Roghnaítear é chun labhairt thar ceann na toscaireachta . Bagraíonn sé go rachaidh na hOileánaigh ar stailc ocrais muna bhfaighidh siad sásamh:

'Ná bí ag ceapadh go bhfuil muid le ceannacht le brandaí,' arsa Paddy McEivilly. 'Tá sibh ag cuir suime anois ionainn nuair atá poiblíocht faighte againn. Níl an dara rogha agaibh — ar fhaitíos go gceapfadh daoine go bhfuil sibh ag déanamh leatroid ar cheann de na háiteacha is boichte sa tír. 59

Déanann sé a leithéid freisin i rith chuairt an tsuirbhéara. Labhraíonn sé i gcoinne an mhaorlathais agus bagraíonn sé a thuilleadh tríoblóide air. Cáineann sé an dúshaothrú a rinneadh ar na hoifbrithe. Bolscaireacht phearsanta an údair í seo. Cáintear an coras, ach ní phléitear an taobh eile den scéal. (*SLB lch. 131*)

Tá taobh eile ag Paddy, ámh, tá pearsantacht aige a fheictear anseo is ansiúd i gcaitheamh an úrscéil. Faightear é ag tús an leabhair nuair a thugann sé an tae dá mháthair. Léirítear an cinéaltas agus an grá sa ghníomh sin mar is follasach ón insint:

Bhreathnaigh sí sean ansin sa leaba, a cuid gruaige, nach bhfaca sé stoithneach riamh, timpeall uirthi ar an bpiliúr. Bhí fuarbholadh sa seomra. Chuimhnigh sé den chéad uair ariamh go raibh sí ag éirí sean. Tháinig tocht ina scornach agus dheifrigh sé amach. Cén fáth nár chuimhnigh sé ar rud eicínt mar sin a dhéanamh cheana ariamh? ⁶⁰

Tugtar suntas dó freisin sa chúntas ar a ghrá do Janet Woods. Faightear amach go réitíonn sé leis na mná, cé go dteipeann air greim a choinneáil orthu:

Bhí sé ag cuimhneamh ar Janet Woods, iriseoir a chaith cúpla seachtain ar an oileán an Samhradh roimhe sin. Chuir duine eicínt, an sagart is dóigh, go dtí Paddy í — duine a bheadh in ann tuairim an duine óig a thabhairt ar céard a bhí i ndán don oileán. Ní raibh sí óg agus ní fhéadfá a rá go raibh sí dathúil, ach bhí rud eicínt ag baint léi a thaitnigh leis. Cailín mór i ngeansaí gorm agus jeans a bhí inti. ⁶¹

Níl Paddy gan locht ach tagann forbairt air le linn an úrscéil. Taispeánann a ghrá do Bhairbre é sin (*SLB lch. 100*) Níl ann i dtosach ach caitheamh aimsire. Caitheann siad an oíche i dteannta a chéile. Ach athraíonn an scéal diaidh ar ndiaidh. Téann siad amach in éindí i rith na Cásca. Éiríonn le Pádraig Mhicilín cosc sealadach a chur leis an iompar seo, ach géilleann sé i ndeireadh na dála. Taispeántar foighne Phaddy ag an bpointe seo mar ní théann sé i gcoinne athair Bhairbre. (*SLB lch. 150*)

Briseann sé seo amach ina aighneas le Patcheen John. Cuireann iompar an fhir eile déistín air rud nach leasc leis a chur in iúl dó. Léiríonn sé seo pearsantacht atá níos doimhne ná mar a cheapfaí ar an gcéad amharc.

Smaoiníonn sé ar phósadh i ndeireadh na dála. Socraíonn an bheirt chun fanacht ar an oileán. Comhártha dóchais é seo d'áit atá ag meath de réir a chéile:

'An bpósfaidh tú an samhradh seo mé?'
'Tá tú dháirtre?'
'Má tá tú sásta seans a thógáil ar an saol in éineacht liom, cén mhaith fanacht?' ⁶²

Bairbre

Tá Bairbre ciallmhar in ainneoin na hóige, cé go mbíonn sí ceandána anois is arís, ní duine leanbaí í. A mhalairt atá fíor. Ní bhíonn drogall uirthi ceisteanna a chur le linn na gcúrsaí spioradálta, rud a léiríonn a taithí ar chúrsaí an tsaoil.

Cintíonn sí go mbíonn Paddy aici i ndeireadh na dála, beart a chuireann sí i gcríoch:

'Taobh amuigh de chorrphóg is barróg taobh thiar den halla tar éis céiliú sa samhradh, is beag baint a bhí aici le buachaillí agus is beag a bhí sí a iarraidh orthu go dtí seo. Ach ní hin é an chaoi a mbeadh sé le Paddy McEvilly. Bhí sí i ngrá leisean.' ⁶³

Taispeánann a hiompar le linn na Nollag é seo freisin. Bíonn gach rud ullmhaithe aici i gcaitheamh na hoíche. Cuireann a taithí ríméad ar Phaddy. Feidhmíonn sí mar scáil — ní mar phearsan neamhspléach — ní dhéanann sí aon rud lasmuigh de chomhlúadar Phaddy:

Cén fáth?'
'Fáth ar bith.'
'D'fhéadfadh sé tarlú.'
'Ní tharlóidh.'
'Tá tú an-chinnté.' ⁶⁴

Leantar leis an gclaonadh seo le linn na Cásca. Ólann siad póitín agus feictear i dteannta a chéile iad. Ní bhíonn drogall uirthi a suim sa chreideamh a léiriú. Ach fásann a ngrá ina ainneoin sin. Socraíonn siad dul chuig an gcaisleán. Cé go gcuireann a dearcadh as do Phaddy, ní thagann deireadh leis an gcáirdeas:

Phléasc sí ag gáirí. 'Mise, cosúil le nun? Dá gcloisfeadh mná rialta an chlochair s'againne thú!'
'Níl sé chomh haisteach sin, 'chor ar bith. Is ar éigean a fhágann tú an séipéal 'chor ar bith ó tháinig tú abhaile, agus, níos measa ná sin, tá tú ag cur iallach ormsa dul ann chomh maith.'
'Ní dhéanfaidh sé dochar ar bith duit.' ⁶⁵

Ceapann sí gur cóir do Phaddy í a chosaint óna hathair. Cuireann a iompar déistín uirthi. Grinneas é seo ar a dearcadh i leith Phaddy. (*SLB lch. 150*)

Feictear nach duine páistiúil í nuair a bhualtear léi arís. Tá a croí briste mar tá a grá imithe. Cuireann sé seo as di agus socraíonn sí chun fanacht amach ó na fir as sin amach:

Ní ligfeadh sí d'aon fhear eile a croí a bhriseadh arís an fhad is a mhairfeadh sí.

Ag dul síos an halla go dtí seomra na gcuartheoirí di, bhí a hintinn déanta suas aici léasadh maith teanga a thabhairt dó. ⁶⁶

Taispeántar a stuacántacht arís nuair a ghlacann sí le tairiscint phósta MhceVilly. Cé gur duine éirimiúil í, tá sí sásta socrú síos, d'ainneoin a muintire agus an tsaoil mhóir.

(B) Na fo-charachtair.

Déanfar anailís ar chuid de na fo-charachtair mar a fheidhmíonn siad in SLB. Tosnófar le Jack Phaddy.

Jack Phaddy

Tá Jack brodúil as a fhearúlacht ach tá sé cineálta, contrárthacht é seo ar bhealach ach léiríonn fianaise an leabhair a leithéid. Faightear an dearcadh trí shúile na mná céile Mary:

Bhí a fear, Jack Phaddy, beagán tugtha don ól, ach bhí sé cineálta agus d'oibríodh sé go cruu. ⁶⁷

Achoimre é seo air. Feictear é ag caint le Tom Connor, mar fhear atá ar chomhchéim leis. Tá graostacht le sonrú sa chaint, ámh, le tagairtí don toircheas, ach feictear a ghrá dá bhean ag an am céanna. (SLB lch. 29)

Tugtar suntas do na claonta céanna ina iompar sa teach tábhairne. Cuireann sé cosc le hóráid Phaddy. Ní thaithníonn caint sheafóideach leis agus coisceann sé a leithéid. Tarlaíonn sé seo uair no dhó le linn an úrscéil:

'Éist, a mhac,' arsa Jack Phaddy. 'Ní ag cruinniú den choiste Pobail atá tú anois.' Chuir sé sin ina áit féin é. ⁶⁸

Tugtar na tréithe céanna faoi deara ina chaint le Tom Connor. Léiríonn sé a ghrá, dá bhean. Déantar bolscaireacht i gcoinne na haontumhachta, áfach, rud a chuireann isteach ar an gcur síos. Dá ainneoin sin, tá cothromaíocht le sonrú i ndearcadh Jack nach bhfaightear go minic in SLB:

Tá cúpla mí nó trí ann fós. 'Bhfuil fhios agat, tá mé chomh rímeádach. Buíochas le Dia. Tá rímeád an domhain orm. Dháirtre, ní 'magadh atá mé anois, ach is mór an trua nach bhfuil an seans seo ag sagart, an rud

*seo a aireachtáil páiste a aireachtáil ag corraí istigh i mbroin mná.
Nach iontach an rud é.* ⁶⁹

Tá na tréithe céanna le tabhairt faoi deara nuair a fhaigheann Bríd Hughie bás. Cé nach réitíonn Jack go maith le Patcheen John — cabhraíonn sé leis chun an sagart a thabhairt i dtír. Sampa soiléir dá chneastacht é seo:

Bhí a fhios acu go raibh ar a laghad sos cogaidh san achrann idir an bheirt seo, le go gcuirfl an fhoireann ab fhearr ar an oileán amach ag iarraidh an tsagairt. Bhí an gaol céanna ag an mbeirt acu le Bríd, ach is é Patcheen a chuir cluain ar Bhríd, agus shaighneáil sí an talamh dó. ⁷⁰

Tagraítear don 'ghnéas léir' nuair a bhíonn sé ag magadh faoi Pheadar Rua. Milltear an insint de thoradh na bolscaireachta. Ní droch-chlaonadh ann féin é, ach bhéifeá ag súil lena thuilleadh forbairte in ionad dogmachas aon-taobhach:

*'Nach bhfuil 'fhios agat go bhfuil an cór seo sa Róimh a gcaitheann tú
'bheith coillte le fáil isteach ann?'
'Inis ceann eile dhúinn.'
'Is fíor dhom é. Coinníonn sé an guth ó bhriseadh, ionas go mbeadh do
ghlór ar nós glór cailín. Ní ligtear bean a bith isteach sa Vatican, tá
'fhios agat.'* ⁷¹

Cuireann sé cosc leis an aighneas lasmuigh de theach an tórraimh. Síleann sé go bhfuil gá le caighdeán moráltachta le linn sochraide. Léargas úsáideach é seo ar a phearsantacht. (*SLB lch. 76*)

Fanann sé sa bhaile le linn na Nollag. Tá a fhearúlacht le sonrú sna heascainí a ligeann sé as nuair a thagann Jackie Reilly mar Dhaidí na Nollag. Taispeánann an Eachtra gur carachtar dá thaobhach é. (*SLB lch. 82*)

Tugtar suntas dá thréithe san easaontas idir é agus Patcheen John. Éiríonn leo é a shárú i gcaitheamh na sochraide. Sampla eile é seo den fhearúlacht meascáithe leis an gneastacht (*SLB lch. 86*)

Tá siad le sonrú freisin ina mholtaí go gcuirfí picéid ar an Dáil. Úsáidtear Jack chun bolscaireacht phearsanta an údair a chur i láthair claonadh a fheictear maidir leis i rith an úrscéil:

*Mol Jack Phaddy go gcuirfidís picéad ar Dháil Éireann. Ní chorróidís
go dtiocfadh Aire na Gaeltachta nó aire eicint eile amach le labhairt t*

leo. Thabharfaidís trí mhí dhóibh le taispeáint go raibh siad dáirtre faoina gcuid geallúintí. Mura mbeadh rud ar bith déanta faoin am sin ghabhfaidís ar stailc ocrais. ⁷²

Feictear iad chomh maith le linn na hAgóide, nuair a mholann Patchen John dóibh dul isteach sa teach tabhairne cuireann sé cosc leis go tapaidh. Cé go bhfuil sé tugtha don ól, ní chuireann sé sin as dó nuair atá gnó le déanamh aige. (*SLB lch. 113*)

Cuireann sé as dó nuair a ghineann Mary páiste marbh. Tugtar an bheirt, Tom agus Jack, faoi deara ag plé na ceiste i gcaitheamh na hoíche ach tá an taobh eile ann freisin. Nuair a insíonn Tom an scéal faoi Mharion dó. Geallann Jack tacaíocht dóibh. (*SLB lch. 139*)

Feictear na tréithe céanna freisin ina iarrachtaí chun bob a bhualadh ar an oifigeach.

Faightear an dá-thaobh dá phearsantacht anseo. Tá an chneastacht le sonrú ina chineáltas do Mhary. Éiríonn leis í a mhealladh chuicí féin. Léirítear an taobh eile ina phlean chun dallamullóg a chur ar an oifigeach. Ach tá an bholscaireacht ceangailte lena iompar, áfach. Labhraíonn sé i gcoinne an mhaorlathais. (Locht é seo mar a mhíníonn Pádraig Ó Fiannachta féach lch. 43 thuas):

'Éist liomsa thuas. Mar a fheicimse é, is féinchosaint é troid a chur suas le do chuid dole a choinneáil, mar níl aon tsíl mhaireachtála eile againn san áit seo. Má dhéanaim cúpla punt ar shlata mara agus ar choirleach mar chuidiú leis sin, cén dochar? Tuige nach ndéanfainn? Nach fearr a bheith dhá dhéanamh ná suí ar do thóin ó mhaidín go tráthnóna? Nach fearr? ⁷³

Mary Jack

Ní carachtar domhan í Mary. Leirítear í mar bhean tá i ngrá le Jack in ainneoin a iompar. Feiceann sí na lochtanna in iompar Jack, ach ní chuireann siad as di. Taispeánann an dearcadh seo gur duine foighdeach í. Tá a grá do Jack fite fuaite ina saol. (*SLB lch. 28*)

Tá sé ar a cumas srian a choiméad air. Déanann sí iarracht a gnáthchúraimí a chomhlíonadh ag an am céanna. Feictear a leithéid sa mhéid a deir a fear fúithí. (*SLB lch. 30*)

Feictear é freisin nuair a chuireann sí isteach ar an mbeirt, Tom agus Jack, agus an áit á plé acu. Léirítear í mar bhean phosta ach tá sí tuisceanach ag an am céanna. Tuigtear é seo ó ráiteas Jack mar

gheall uirthi:

Isteach leat anseo go bhfeicfidh muid thú. Seod í mo chailínse, a Chonnor, mo Pheatasa, an bhean is fearr in Éirinn. 74

Nochtar a leithéid arís le linn na Nollag. Éiríonn léi dul i bhfeidhm ar Jack. Baineann suntas lena hiompar mar úsáideann sí an míneadas lena beart a chur i gcríoch. (*SLB lch. 83*)

Taispeántar a foighne nuair a ghineann sí páiste marbh. Cuireann brón Jack as di. Cé go bhfuil sí tinn, tá inní uirthi faoina fear:

'Tá 'fhios agat féin Jack. Beidh sé ceart go leor an fhad is a bheas rud le déanamh aige. Fan in éineacht leis anocht, má fhéadann tú. Seans go mbrisfidh sé amach anois, agus níor ól sé aon deoir ó thús an Charghais.' 75

Tugtar cuntas faoina buairt nuair a fhilleann sí ón ospidéal. Éiríonn sí cantalach de bharr na breithe.

Méadaíonn an scéal faoi Tom a brón. Ach nochtar a cneastacht freisin. Maitheann sí an *peacach* ^{te} *noch* dtaitníonn an peaca léi. Glacann sí páirt i bhfeachtas Jack leis an oifigeach. Tá an roth casta anois le Jack i gceannas ag iarraidh í a mhealladh chuici féin:

Bhí Jack Phaddy ag faire ar an ngauger le tamall, mar go raibh sé cloiste aige go raibh scéala curtha isteach ag Patcheen John ag cur ina leith go raibh sé ag saothrú airgid ar fheamainn agus ag tarraingt an dole ag an am céanna. Mar gheall ar Mhary a bheith tinn tar éis di an páiste a chailleadh, ní dheachaigh Jack ar na bóithre in éineacht leis na fir eile. 76

Comhlíonann sí a geallúint i rith na cuairte. Glacann sí páirt mar aisteoir ag comhoibriú lena fear céile chun slí mhaireachtála a bhaint amach. Léiriú maith é ar mhothúcháin na gcarachtar in ainneoin na bolscaireachta. (*SLB lch. 164*)

An tEaspag Caulfield

Deir an tÚdar go bhfuil carachtar an easpaig bunaithe ar a thaithí agus é ag deileáil leis an údarás le blianta anuas. 77

Ní thuigeann an tEaspag an sagart óg. Ceapann sé gur cóir do Tom cloí leis an dearcadh traidisiúnta.

Ní thaitníonn an méid a scríobhann Tom leis ach an oiread mar tá aird na meán cumarsáide á diriú air. Tá an deighilt idir na glúnta freagrach as cuid den easaontas eatarthu. Baineann Tom le glún na seascaidí agus teipeann ar an Easpag a iompar a thuiscint d'ainneoin a cháil mar fhear 'thuisceanach':

Bhí clú agus cáil bainte amach aige mar shagart pobail mar fhear iontach ag bailiú airgid agus ag tóigeáil séipéal sula déanadh easpag de. Fear slachtmhar a bhí ann, súile meabhracha ag damhsa ina cheann. 78

Feictear an fhadhb chéanna nuair a chloiseann sé an scéal faoi Mharion. Cé go bhfuil sé foighdeach níl sé ábalta an t-iompar a thuiscint. Ceapann sé gur cóir do Tom imeacht ionas nach mbeidh scanall ann. Cuireann dearcadh Tom ás dó. Carachtar aon-taobhach é an tEaspag a munlaíodh sa tseanaimsir, cé go nglacann sé leis an bhfealsúnacht nuaaimseartha. Ní ligtear dó tuiscint níos fearr a fháil de bharr a chúlra.

Cuirtear aithne níos fearr ar an easpag ná mar a bheifeá ag súil leis ar dtús. Ach ní pearsa domhain é.

Tom Jennings

Feidhmíonn Tom ar an leibhéal soisialta (*c.f. cabidil a hocht*) Ach tá sé tábhachtach mar charachtar ann féin freisin.

Ní réitíonn sé go maith leis an sagart óg. Ní thaitníonn an tSochaí cheadaitheach leis ar chor ar bith, cé go gcabhraíonn sé leis in am an ghátair. Sampla é den charachtar maol. Ní dhéanann sé aon rud a chuireann ionadh orainn agus ní fheictear aon ghné dá phearsantacht lasmuigh den choimeádachas:

Bhí a fhios ag an sagart go mbeadh, cé nach ró-mhaith a tharraingíodh sé féin agus sean-Tom lena chéile. Ach i gcás mar seo bhíodh dearmad déanta ar chuile shórt ach ar an duine bocht a bhí i dtrioblóid. 79

Seasann sé mar choinsias an phobail. Ní thaitníonn an saol nua-aimseartha leis. Baineann sé níos mó leis an seansaol ná leis an dearcadh nua-aimseartha. Teastaíonn sé uaidh dul i bhfeidhm ar an bpobal. Déanann sé a leithéid le linn an chruinnithe mar cuireann sé ina lúf ar mhúintir na mórthíre nár chóir dóibh a bheith páirteach san fheachtas agóide.

Fear den seansaol a bhí ann — caitliceach den chéad scoth, ancaire choinsias an phobail, é níos coimeádaí ná na sagairt, continuum san áit a raibh siadsan ag teacht is ag imeacht. ⁸⁰

Tugann inní Tom Connor grinneas dúinn ar mheon an tsiopadóra. Ní bhíonn éinne ag súil lena thuilleadh uaidh ach an coinmeádachas cúng:

Céard faoi sheanchosantóir choinsias an phobail é féin — Tom Jennings? Cara le heaspaig agus le taoisigh? Bháfadh sé iad ar nós cat beag. ⁸¹

Tugtar na tréithe céanna faoi deara tar éis dó an scéal faoin sagart a chloisteáil. Déanann sé iarracht an scéal a phlé lena chustaiméirí. Comhartha follasach dá thréithe é seo:

Rinne Tom Jennings cúpla iarracht an scéal a phlé lena chuid custaiméirí, ach is beag freagra a fuair sé seachas 'sea' is 'ní hea'. ⁸²

Feictear é freisin ina chomhrá leis an Athair Gilmore. Déanann sé gearán faoi iompar Tom, ós rud é nár bhain sé le saol na seansagart. Léiríonn sé a mhí-shásamh freisin, nár cuireadh ar fionraí é, tar éis dó gearán a dhéanamh faoi (*SBL lch. 172*)

Na Carachtair eile

Tá na claonta céanna le sonrú maidir leis na carachtair eile. Ní bhaineann mórán doimhneachta leo agus is fearr a fheidhmíonn siad ar an leibhéal sóisialta. Ní bhacfar le mionanailís orthu dá thoradh lasmuigh de mhionphointe amháin.

Tugtar drocheagarthóireacht faoi deara i gcás bean chéile Phatcheen John. Téann an tÚdar amú leis na hainmneacha anseo. Glaotar Martha uirthi ag tús an leabhair (*SLB lch. 7*) Ach athraíonn an t-ainm níos moille nuair a tugtar Nóra uirthi (*SLB lch. 55*). Lúb ar lár é seo a léiríonn an gá atá le heagarthóireacht.

Conclúidí

Tá na príomhcharachtair ceart go leor ar an leibhéal sóisialta. Tá doimhneacht easnamhach iontu i rith an úrscéil, rud a mhilleann iad. Ní thagann forbairt orthu ach amháin i gcás Phaddy.

Tá na fo-charachtair maith go leor. Carachtair dáthaobhacha iad gan aon phearsantacht dhomhain
Tugann siad léargas úsáideach dúinn ar na cúinsí sóisialta ar leibhéal tánaisteach.

Tá Carachtair SLB lochtach de bharr na bolscaireachta a scriosann i gcaitheamh an úrscéil í.

CAIBIDIL 4

A.D. 2016. Suíomh. Stuchtúr. Plota agus Carachtracht

Déanfar anailís ar shuíomh, ar struchtúr agus ar phlota an úrscéil ins an gcéad chuid den chaibidil agus scrúdófar an charachtracht ins an dara cuid.

Úrscéal na freanairce é A.D. Feictear a lán tagairtí dó sin tríd an leabhar.

An Suíomh

Cuirtear a lán beime ar an suíomh in úrscéalta faoi leith. Ní haon eisceacht é AD ar an dóigh sin.

Gné thábhachtach é an suíomh de réir na teoirice liteartha:

Place encompasses a story or novel; it is the mountains or hills or plains, the houses people live in, the streets of a town or city, the quality of the local life. ¹

Éiríonn an léitheoir bréan den úrscéal má bhaintear an iomarca úsáide as. Tarlaíonn sé so in AD de thoradh na béime a leagtar ar an mbolscaireacht.

Baintear úsáid as an suíomh ar chúig shlí i gcomhthéacs an úrscéil dar le McCauley agus Lanning.

Feictear iad siúd ó am go ham in AD:

Broadly speaking, it is possible to distinguish five uses of place or setting:

- 1. Place as character.*
- 2. Place as destiny.*
- 3. Place as narrative element.*
- 4. Place as period.*
- 5. Place as backdrop. ²*

Feictear 3 thuas in SLB sa tagairt do hallaí Mhaigh Nuad. Ní thugtar mórán eolais sa chuntas lasmuigh de na sonraí a theastaíonn chun cur leis an insint.

Tá sé le fáil freisin nuair a bhíonn Teresa Phádraig Mhicilín ar iarraidh. Déantar cur síos faoin tóir a chuirtear ar bun ach ní leagtar mórán béime uirthi mar eachtra inti féin.

Tá 4 thuas le tabhairt faoi deara in AD i gcás Sheosaimh. Sampla é Seosamh den cheistitheoir

fiosrach (The curious questioner) a fhaightear in úrscéalta uaireanta. Léirítear é seo sna ceisteanna a chuireann sé ar Phádraig faoi chúrsaí conspóideacha na linne. Ní úsáidtear an uirlís seo ach amháin in úrscéalta atá léamh ó thaobh na litríochta de. Sampla é AD den chlaonadh seo de bharr thionchar na bolscaireachta.

Tá 5 thuas le sonrú go minic i rith AD. Déantar é seo trí mhéan na nuachta a chuireann isteach ar an insint amanta. Seasann sí mar fhoinsé eolais dúinn ar an gcúlra ginearálta ach ní chuireann sé cosc le forbairt an phlota.

Déanfar anailís thíos ar fheidhm na huirlíse seo i gcomhthéacs an úrscéil. Tugtar tábla i dtosach báire ina luaitear na samplaí den ghléas. Déanfar scrúdú orthu ina dhiaidh sin.

An áit mar chúlra in AD

- | | |
|----------|--|
| lch. 1 | Ag cruthú cúlra ginearálta an <u>leobhair</u> |
| lch. 44 | Ag cur eolais breise ar fáil |
| lch. 64 | Agóid na n-aonduchtóirí |
| lch. 71 | Raiteas na n-Easpag ar an gcomóradh, ag cur leis an gceangal idir an eaglais agus an Stát. |
| lch. 85 | ag cur leis an suíomh arís |
| lch. 138 | eolas breise ar an gcomóradh a chuireann leis an suíomh |
| lch. 165 | Tuairisc ar imeachtaí an chomórtha agus tagairt d'Éirí Amach na nÚltach |

Anailís ar na samplaí

Feictear a leithéid ar lch. 1 d'AD i Nuacht an Lae. Tugtar eolas faoin gcóras polaitíochta atá le fáil in Éirinn i 2016. Gné thábhachtach í seo mar cruthaíonn sí an bhunsraith pholaitiúil, rud a bhriseann amach chomh minic sin i gcaitheamh an úrscéil mar a shonraítear sna d'fospóireachtaí idir Pádraig agus an bheirt.

Tuigtear an méid céanna ó lch. 44. Nochtar eolas faoin Stát seirbhís. ní rud lárna ch é seo ann féin ach cuireann sé le feidhm bholscaireachta an úrscéil sa chaoi go bhfuil cuid mhaith d'AD bunaithe ar an leatrom a dhéantar ar dhaoine de bharr an choibhnis idir an Eaglais agus an Stát.

Tá an claonadh céanna le fáil sa tagairt ar lch. 64. Luaitear an agóid a bheas ar siúl ag na haonduchtóirí. Eachtra éifeachtach í seo mar tugann sé le fios nach bhfuil chuile dhuine sásta leis an gcóras riaracháin sa tír. Cuireann sé seo leis an insint nuair a fheictear é i gcomhthéacs ráitisí an phríomhcharachtair.

Mothaítear é freisin i ráiteas na n-easpag. (lch. 71) Léiríonn an cur síos go bhfuil tionchar ag an gClarlathas ar chúrsaí na Tíre. Cuireann sé seo leis an úrscéal — sampla soiléir é den ghaol idir an Eaglais Chaitliceach agus an Stát.

Feictear cuid den chlaonadh ins an gcuntas faoi 'Eaglais na mBan' (lch. 85) Cé nach bhfuil ann ach fo-eachtra, tá sé tábhachtach ann féin, mar is sampla eile é den fheidhm bholscaireachta atá chomh tréan in A.D.

Tá an patrún le fáil freisin san eolas a tugtar faoin gComóradh ar lch. 138. Eolas úsáideach é seo a chothaíonn cúlra an úrscéil. Feictear an fheidhm bholscaireachta arís sna tagairtí do na 'deasghnátha eaglasta'

Briseann sé amach freisin sa sampla ar lch. 165. Cuireann an cuntas seo leis an insint gan dabht. Tá an casadh a fhaightear ins an tagairt d'Éirí Amach na n-Ultach thar a bheith éifeachtach.

Struchtúr an leabhair

Níl an leabhar roinnte ina n-aonaid faoi leith. D'fhéadfadh sé sin cur as don léitheoir. Dá bhrí sin, déanfar iarracht thíos ar an leabhar a roinnt de réir na míreanna atá le feiceáil ann.

	lgh	Radharc	Carachtair
1	2	An Brú	Pádraig, Seosamh agus Muiréad
2	8	An Brú	Pádraig
3	14	An Brú	Pádraig, Seosamh agus Muiréad
4	17	Cnoc Mhuire	An Triúr
5	28	Eolas faoin ^o b'eirt	Pádraig
6	32	Pádraig ag smaoineamh	Pádraig

	Igh	Radharc	Carachtair
7	37	Clár Chluinne Mhuiris	Pádraig agus an bheirt
8	40	An Bricfeásta	Pádraig
9	41	An Bealach	Pádraig
10	44	Pálás an Easpaig	Pádraig, Tom Connor
11	62	Pádraig	Pádraig
12	64	Teach Alison	Pádraig
13	72	An t-Ospidéal	Pádraig agus Stan
14	86	An Bealach	Pádraig
15	96	An Staisiún	Pádraig agus Seosamh
16	102	An Bhrionglóid	An triúr
17	103	An Bealach	An triúr
18	118	An Bealach	An triúr
19	119	ar bhealach	An triúr
20	131	An Bhrionglóid	An triúr
21	132	An Bealach	An triúr
22	139	An oíche	Pádraig agus Muiréad
23	144	An Bóthar	Pádraig agus Muiréad
24	150	An Bealach	An triúr
25	155	Cill Choca	An triúr
26	158	Maigh Nuad	an triúr
27	164	Bás Phádraig	Seosamh agus Muiréad

Achoimre ar an scéal

Tosaíonn an tÚrscéal le turas réamhbháis Phádraig. Socraíonn sé dul ar oilithreacht chuig comóradh 1916 i mBaile Átha Cliath. Buaileann sé le Seosamh agus Muiréad. Déanann sé iarracht ceacht a mhúineadh dóibh ar dhrochstáid na tíre. Míníonn sé a bharúil ar an gcoibhneas idir an Eaglais agus an Stát.

Scarann siad ar a mbealach agus téann Pádraig ar cuairt ar a shean chara, An tArd Easpag Tom

Connor. Téann sé chuig Alison freisin. Tairgíonn sí aire dó ach d'átaíonn sé di. Buailleann sé isteach chuig Stan Cunnane freisin, iar-chara dá chuid. Cé gurbh é Stan an chéad sagart a sheas in olltoghchán in Éirinn, níl a chreideamh cailte aige. A mhalairt atá fíor maidir le Pádraig agus Tom.

Buailleann sé leis an mbeirt, Seosamh agus Muiréad arís agus leantar leis an ngnáthsheanmhóireacht ar chúrsaí na tíre. Cabhraíonn an bheirt leis go dtí go sroicheann sé Maigh Nuad, an áit ina bhfaigheann sé bás. Críochnaíonn an scéal le cur síos ar an athrú i ndearcadh na beirte agus le tagairt d'Éirí Amach na n-Éilítach in ionad Éirí Amach 1916.

Anailís ar an bplota

Tosnófar le bunadh na gcarachtar. Feictear an chéad charachtar, Pádraig ar a bhealach go Baile Átha Cliath. Ullmháitear an suíomh. Léirítear an frithchléireachas agus an dearcadh i leith an chliarlathais shóisialta. Coimhlint í seo a bhfuil baint aici le healaíon an fhathscéil mar a mhíníonn John Dominic Crossan:

Story establishes World in myth defends such established world in apologue, discusses and describes world in action, attacks world in satire and subverts world in parable. ³

Déantar inléachadh ar seo go luath in AD sa difear idir saol Phádraig agus imeachtaí 'cunga' na tíre:

*Na náisiúntóirí oifigiúla, ar ndóigh. Dhéanfaidís de m'uireasa, mar a rinne siad ariamh, ach ní fhéadfainn ligean leo an iarraidh seo. Ní leo an náisiún. Is linne uiliog é náisiún na hÉireann...*⁴

Leanann an claonadh seo ar aghaidh nuair a thagann Seosamh agus Muiréad isteach sa scéal. contrárthacht é seo mar creideann an bheirt go dlúth i dteagasc na hEaglaise. Seasann sí mar mhúnla moráltachta dóibh. Cuireann an t-iompar seo déistín ar Phádraig:

'Murach grásta Dé is tacaíocht na hEaglaise... Beir ar na bróga sin, maith an fear.' Shéigh sí ar an leaba agus bhí spraoi acu ag tarraingt na bróga móra siúil de chosa a chéile. 'Déan deifir anois, nó ní bheidh muid in ann corraí amárach.' Bhuaíl sé ar an tóin í. 'Brostaigh. Thiocfadh linn a bheith ag caint anseo ar feadh na hoíche.' ⁵

Tá an taobh eile den choimhlint le mothú i ndearcadh Phádraig i rith na hoíche. Déantar forbairt ar an argóint i gcoinne na hEaglaise. Cruthaítear an suíomh anseo nó an Setting up of Oppositions ⁶

rud a chloíonn leis an teoiric liteartha:

Nach iontach an ghreim,' a dúirt sé leis féin, 'atá ag an Eaglais ar an dream óg. Dhá scór nó leathchéad bliain ó shoin, ní mar sin a bheidís — Hippies, Yuppies... saoirse ó thaobh grá is collaíochta...' ⁷

Feictear an tEasaontas nuair a luaitear Pádraig i láthair na beirte. Tosaíonn sé ag magadh futhú, iompar nach dtaitníonn leis an mbeirt. Ní chuireann sé cosc leis dá ainneoin sin. Cé gur magadh atá i gceist — sampla eile é den choinbhleacht idir liobrálachas an tseanfhir agus coimeádachas na beirte:

'Tá tóig orm é, ach cuireann an cineál sin cainte fonn múisce orm.'
Tuige?'
'Níl 'fhios agaibh céard é peaca.'
Rómhaith atá 'fhios againn.' *Dhírigh an buachaill é ina chathaoir.*
Cuirfidh mé geall nár rinne ceachtar agaibh peaca ⁸

Leanann ar plota ar aghaidh go sroictear na scéalta neamhriachtanacha. Locht mór é seo nach gcuireann leis an phlota (féach lch. 35 thuas.). Tá locht eile anseo san easpa cothromaíochta ó thaobh an ama de. Tá an bhéim ar an am atá caite agus ar an todhchaí agus ní ar an am i láthair.

Bhí tarbh dubh ar muintir de Róiste, agus ceann buí a muintir de Búrca. Bhí an ceann dubh míle uainn agus a ceann eile dhá mhíle. D'iarr mo mháthair orm lá budóg thabhairt go dtí tarbh na mbúrcach mar gur laoi buí ba mhaith linn. Bhí an bhudóg caol agus bheadh sé deacair aici laoi dubh den chineál Aberdeen Angus a thabhairt ar an saol. Bhí an lá meirbh, agus gan mórán fonn siúil orm. Thug mé go dtí tarbh na Róisteach í. Bhí an jab déanta agus mé ar ais sa mbaile taobh istigh d'uair an chloig. ⁹

Ní féidir úrscéaláí a lochtadh as tuairimí a nochtadh chomh fada is nach milleann siad an insint. Ach tarlaíonn a leithéid in A.D.

Leantar ar aghaidh le bunú na gcarachtar agus tugtar eolas fúthu. Tá an bhéim ar an mbolscaireacht rud a choisceann claonadh chun doimhneachta:

Bhí móid tugtha aici — ar nós go leor dá haois — fanacht ina maighdean go mbeadh sí cúig bliain fichead. Thug Eaglais an nós sin isteach thart ar thús an chéid. Glac leis le linn cóineartaithe chomh maith le geallúint staonadh ón ól meisiciúil agus ó dhruaí. Bhí sé ráite go raibh toradh le feiceáil sna póstaí a rinne a leithéid, tar éis dóibh an féinsmacht a chleachtadh go dtí sin. ¹⁰

Cé go bhfuil an chuid seo den phlota níos fearr, níl sé gan rian na bolscaireachta. Eascraíonn coimhlint idir an bheirt faoi thuairimí Phádraig. Sampla eile é den choinbhleacht a pléadh thuas:

*'Cá bhfuil do ghrá dia?' Bhí Muiréad ag magadh.
'Bhuel, cheap mé nach bhféadfadh ach an diabhal teacht idir mise agus tusa.'
'dheamhan dochar ann. tá an fear bocht uaigneach. ní sé go maith ina shláinte, déarfainn. Féach an bolg atá air. Shílfeá gur ag iompar cúpla atá sé. Ní fhéadfadh sé sin a bheith folláin.'
'Ata ag préataí, b'fhéidir, nó ag fuisce. Ní bheadh sé ag siúl go Baile Átha Cliath muna mbeadh sé ar fónamh' 11*

Nochtar cuid de bheatha cheilte Phádraig in dhiaidh seo. Cuid thábhachtach í seo mar ba é a ghrá d'Alison ba chúis leis an gcaoi inar chaith sé a shaol. Mínítear an mhístéir a ghabhann léi. Ach fágtar muid gan an scéal iomlán fúithí ar feadh tamaill. Gnáth uirlís an phlota í an mhístéir. Taispeántar rian den fháthscéal sa chur síos ar mhuintir Phádraig mar a léiríonn an insint:

Buachaillí maithe a bhí iontu, ach ar nós na ndaoine fad, bhíodar meallta, millte ag an Eaglais, iad cúng, coimeádach ina n-aighe agus ina n-intinn. Ní raibh siad ábalta comhrá a dhéanamh gan Dia agus a Eaglais a tharraingt isteach ar a dtaobh féin den argóint. 12

Tá an rud céanna soiléir ó chuairt na beirte ar Chlár Chluinne Mhuiris. Ní fhágtar an cuntas gan tagairt mhaslach don Eaglais mar a thaispeánann brionglóid Phádraig. Léirítear an chomhlint i ndearcadh na beirte arís:

*'Bhfuil croí ar bith ionatsa! Bíonn tú i gcónaí ag caint ar chreideamh, ach ní fheicim go ndéanann tú mórán don té atá thíos.'
'Nach beag atá 'fhios agatsa fúm... Lean ort... Maslaigh mé. Cá bhfios duit céard a dhéanaim? Bhfuil fhios agat caidé an fáth nach mbíonn mórán airgid agam?' 13*

Leanann cumadh na gcarachtar ar aghaidh nuair a thagann Tom Connor isteach. Tá sé ina Ardeaspag anois. Ach tá an insint íorónta le coimhlint idir Aindiacháí ag lorg Dé agus Ard Easpag gan chreideamh.

Truailítear an plota anseo i dtéarmaíocht Crossan. Cé gur coimhthíoch é Pádraig, níl difríochtaí idir an bheirt, iad scartha ón gcreideamh, gan suim sa saol. Feictear é seo sa scannán Budawanny 14 go háirithe i suaitheadh coinsiasa an Easpag atá ar thóir Dé. Tá an t-aindiacháí ag lorg eolais ar

leibhéal amháin. Ach tugann sé faoi deara go bhfuil a chreideamh cailte ag an easpag. Sampla soiléir é seo de thruailliú an phlota a ghabhann le healaíom an fháthscéil (AD lch. 49)

Briseann claonadh chun scéalta gan ghá amach arís sa chuntas ar na hEaspaig i gConamara.

Gabhann an gnáth locht leis an mhír, rud a fhágann an plota liobarsnach:

"Ask him," arsa an t-easpag leis an sagart a bhí ag aistriú, "ask him who's the Pope." Bhí mo dhuine ag cuimhneamh ar feadh tamaill agus ag breathnú timpeall an tséipéil.

"Deamhan fhios agam," a dúirt sé sa deireadh, "murab é an boc mór sin thall é," ag claonadh a chinn i dtreo an Ardeaspaig.

"Did he answer correctly?" arsa an t-easpag. "He did," arsa an tAthair Geoffrey.' ¹⁵

Glacann Alison páirt sa mhír ina dhiaidh seo. Cé nach bhfeictear É ag glacadh páirte dírf as seo amach, baineann tábhacht léi. Chonachthas gurbh é a diúltiú do thairiscint phósta Phádraig ba chúis le patrún a shaol. Ach cuirtear a lán béime ar a ghrá di freisin. Léirítear iad mar lánúin atá pósta leis na cianta. Feictear Alison ina bhrionglóidí i gcaitheamh an úrscéil. Ní drochmhír í seo — ligtear do na mothúcháin teacht chun cinn rud nach dtarlaíonn go minic in AD (AD lch. 70).

Téann bunú na gcarachtar ar aghaidh leis an gcuntas faoi Stan Cunnane. Tá bolscaireacht ceangailte leis an insint-Duine fadbhreathnaitheach é Stan a bhfuil tuairimí dá chuid fhéin aige. Ach cuireann eachtraí neamhriachtanacha isteach ar an insint, go mór mór sna tagairtí do nósmaireacht na hEaglaise i gcúrsaí polaitíochta:

'Árbh é an Polannach a bhí ina Phápa an uair sin? Nach raibh seisean an-mhór i gcoinne sagairt a bheith páirteach sa bpolaitíocht?'

'Bhí, agus é féin sáite go dtí a mhuineál i bpolaitíocht a thíre dúchais féin! In aghaidh pholaitíocht na bpáirtithe agus ag seasamh i dtoghcháin is mó a bhí sé.' ¹⁶

Ní bhaineann mórán doimhneachta le Stan lasmuigh dá fheidhm mar bholscaire. Fágann sé seo an plota éadrom. Tá rian na coimhlinte le sonrú ina dhearcadh i leith an chreidimh. Cé nach ionann an saghas coinbhleacht é agus coimhlint Phádraig, tá sé ann sa chodarsnacht idir cineáltas Stan agus formad an phríomhcharachtair (AD lch. 75).

Milltear an insint le scéal faoin mboc. Drochchlaonadh é seo leis an insint á bhriseadh, iompar a

théann i gcoinne na teoirice liteartha:

Sagart a bhí i mo dheoise féin fadó — paróiste aige nach raibh i bhfad ón áit arb as thú féin — ní raibh sé ag réiteach go rómhaith leis an easpag. "An Boc" a thugadh sé i gcónaí air. Bhíodh sé ag caint ón altóir faoin mBoc agus is maith a bhí 'fhios ag an bpobal cé a bhí igceist aige. D'fhanadh sé ar a leaba nuair a bhíodh an t-easpag sa bparóiste ag cur na ngasúr faoina láimh. 17

Briseann an bholscaireacht isteach freisin rud a fhágann leamh é. Ní locht é an stíl dhogmach chomh fada is nach gcuireann sé isteach ar fhorbairt an phlota. Ach tárlaíonn a leithéid anseo san ionsaí ar nosanna na ndéagóirí:

'Ní thabharfainn bréagchráifeacht air, mar tá a bhformhór lándáiríre. Ní dóigh liom go raibh neart ag a gcuid tuismitheoirí air. Séard a tharla gur lónadh an cliarlathas Caitliceach le heaspag choimeádacha an t-am a raibh an Polannach ina Phápa. Bhí níos mó suime acu sin iachall a chur ar dhávine ná iad a mhealladh. Tháinig deireadh leis an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin, dávine ag gabhail de réir coinsiasa agus ag foghlaim le seasamh ar a gcosa féin.' 18

Leanann an choinbhíocht ar aghaidh agus Pádraig ar a bhealach. Feictear parailéalachas idir cruachás Phádraig agus páis Íosa. Cé gur aindiachaí é tá suim aige sa chreideamh. Sampla é seo de thruailliú an phlota. B'fhachthas dúinn an bhearna idir mian shaoirse Phádraig agus coimeadachas na sochaí ach déantar rud difriúil anseo le béim ar a dhúil chun Dia a bhaint amach. Críochnaítear bunú na gcarachtar agus tosnaíonn an gníomh ag éirí (sa Rising Action):

Dhíbreodh an breán den státse iad, lucht an ghaisce criogtha ag an mboladh bréan! 'Cuirfidh mé mo dhiabhal ina ndiaidh, mo nathair nime len iad a chloí.' Tháinig rann nár chuala sé le fada trína intinn: 'Faoi mar a ardaíodh suas an nathair nimhe sa bhfásach, is mar sin a bheidh Mac an Duine ardaithe suas.' 19

Éiríonn an plota leamh le scéalta gan ghá ag briseadh isteach arís. Miltéar an t-eolas a tugtar faoin 'mbeatha ceilte' de bharr an lochta seo:

Smaoinigh sé ar an am ar cailleadh Liam Ó Flaithearta thart ar dheich mbliana fichead roimhe sin, sagairt agus eile ag déanamh mórtais as go ndearna sé réiteach leis an eaglais roimh a bhás. 20

Dírítear an bhéim ar an bplota ina dhiaidh seo. Feictear an choimhlint in intinn Phádraig arís.

Sampla eile é de thruailliú an phlota (AD lch. 91)

Baineann dhá locht leis na scéalta a shonraíodh i ndiaidh na míre thuas:

(A) Gabhann séans leis na scéalta, rud atá an lochtach de réir thuairimí Forster.²¹

(B) Níl na scéalta eacnamaíoch freisin. Cuireann siad isteach ar ghluaiseacht na reacaireachta, claonadh a théann i gcoinne na teoirice liteartha. (féach lch. 35 thuas)

Déantar an méid céanna sa bhrionglóid ina mbuaileann Pádraig le Dia. Fághtar an plota leamh de thoradh na fadálachta:

*Déarfainn go bhfuil sé deacair, ceart go leor, duine a phiocadh as beirt.
'Ni bheadh beirt féin ródhona.'
'Tá tú i ngábh, ceart go leor. Cé mhéid acu ann?'
'Tá mé i ngrá le chuile dhuine. Sin é mo chruachás. 'Sé an tubaiste ná gur mó grá atá agam don té nach bhfuil ag réiteach liom ná don té atá mór liom.'*²²

Críochnaíonn an mhír le coimhlint inmheánach Phádraig.

Leanann an gníomh ag éirí de réir a chéile. Feictear Pádraig i dteannta na beirte arís. Taispeántar an choinbhleacht i ndíospóireacht na beirte ar an gcrois. Pléascann Seosamh de thoradh ráiteas Phádraig. Míníonn Pádraig a thuairim ach tugtar an bholscaireacht isteach arís.

Sroichtear céim thábhachtach ina dhiaidh seo. Tarlaíonn eachtra shuntasach nuair a thugann an cailín aire dó. Ní chuireann sé as ró-mhór do Sheasamh ach an oiread. Seo é an chéad chasadh den phlota:

*Rug Seosamh ar láimh air. 'Goitse mar sin. Coinnigh do mhisneach. Buailfidh muid bóthar i gcuideachta a chéile.'
'Céard tá suas agus é seo bheith déanamh mór liom?' Chaoch Pádraig a shúil ar Mhuiréad.
'Shíl mé i dtosach nach raibh ionat ach seanfhear gránna. Feicim anois nach bhfuil an tsláinte go maith agat.'
'Seanfhear mé, atá dhá oiread níos gráinne anois, mé brocach amuigh agus taobh istigh.'*²³

Leanann claonadh na coimhlinte ar aghaidh sa díospóireacht faoi óige Phádraig. Claonadh chun leadráin é a mhilleann gluaiseacht na hinsinte. Tugtar tuairimí ar an rialtas agus ullmháitear an

léitheoir d'athmheisiúnacht an tsúimh:

*'Sin í bolscaireacht an rialtais agus na hEaglaise slogtha agat focal ar fhocal, a Sheosaimh. ní tír Chríostaí ach tír Chaitliceach í seo. Nach Críostaithe iad na Protastúnaigh freisin? Tá siadsan ag rá nach bhfuil siad ag fáil cothrom na féinne sa tír seo. Níl an tsaoirse acu a saol a chaitheamh mar ba mhian leo.'*²⁴

Feictear í sa chonspóid faoin eaglais. Cur síos fadalach é seo de bharr na bolscaireachta. Nochtar an tsean chonspóid agus faightear an chéad leid den athrú i ndearcadh na beirte:

Tá sé éasca é sin a rá, ach nuair a bhí mise beag ní raibh cead agiann, gabhail ag spraoi sna páirceanna poiblí ar an Domhnach.'
*'Rialtas an tEaglais a bhí i gcumhacht ó thuaidh, go mórmhór le linn cúig bhliana an UDI, ach an dtugann sé sin cead dúinne siúl anois orthu?'*²⁵

Aontaíonn Muiréad leis ar cheist na saoirse. Aighneas faoin gcreideamh é seo. Ba choimeádaigh iad Seosamh agus Muiréad i dtosach báire ach athraíonn a n-iompar de réir a chéile:

Níl sé oibríthe amach i gceart i mo chloigeann fós agam. Níor mhaith liom dtospóireacht a thosnú le ollamh nó le léachtóir gan an t-ábhar cainte a bheith an-soiléir i m'intinn féin. Ní bheidís sin i bhfad ag déanamh ceap magaidh dhíom...'
'Ach, deir an Eaglais...'
*'"Deir an eaglais", "deir an Eaglais..." Sin é réiteach na ceiste i gcónaí. Ní chloiseann muid tada sa tír seo ach "deir an eaglais".'*²⁶

Taispeántar locht eile i ndiaidh na hathmheisiúnachta. Bheifeá ag súil leis an dara casadh anseo, ach ní tharlaíonn a leithéid. Insítear scéal faoin homaighnéasacht ina ionad:

*Bhí fhios aige ón nóiméad sin nach raibh luí ar bith aige le hómáighnéasacht. D'éirigh an jabaire, é ina dhuine uasal go smíor. Ní raibh sé spréachta leis, an chosúlacht air gur iomaí buil e a bhí faigthe aige ar an gcaoi chéanna. Ghabh sé leithscéil Phádraig agus d'fhág ansin é. náire agus cloigeann tinn an toradh a bhí aige ar lá an aonaigh.*²⁷

Baineann locht leis an scéal. Sampla eile é den locht a luadh cheana féin. Ní oireann a leithéid de theoiric an úrscéil dar le hE. M Forster (féach Ich. 35 thuas). Tá locht eile le sonrú san imeartas focail le cumas grinn ag brath ar an mBéarla amháin. Feictear a leithéid in úsáid frásaí mar The Boozum of Abraham²⁸ agus His barque is Worse than his bite²⁹

Bheifeá ag súil lena thuilleadh in úrscéal Gaelach. Milleann an Béarlachas an cumas grinn rud a fhágann an iarracht leamh. Tá scéal teagascach le sonrú laistigh den fháthscéal ag an bpointe seo. Sampla follasach é seo den tseanmhóireacht:

Tá beirt ar an mbóthar in éineacht liom, buachaill agus cailín, ag siúl go Baile Átha Cliath. Bhfuil teagasc ar bith agaibh dhóibh, comhairle ar bith ba mhaith libh a chur orthu agus iad ag bualadh faoin saol?"
'Gan ligean don soal ná don chreideamh an iomarca inní a chur orthu," arsa Peadar. "Nach bhfeiceann siad muide, an dá latchyco — an dá scabhaitéir — is mó dhá raibh ann, ach d'éirigh linne le grásta Dé, an áit seo a bhaint amach ar deireadh."
"Den chéad uair ariamh, b'fhéidir," arsa Pól agus é ag gáirí, "aontaím le mo dhuine."³⁰

Sroichtear an dara casadh ina dhiaidh seo. Forbairt thábhachtach í — bíonn an triúr cáirdiúil as seo amach. Tosnaíonn an gníomh ag isliú go dtí go dtarlaíonn an gníomh deireanach, ach maireann coinbhleacht inmheánach Phádraig.

Leantar ar aghaidh le claonadh na scéalta agus sinn ag druidim i dtreo an deiridh. Tosnaíonn an tÚdar ag ullmhú chun críche rud a dhéanann sé ar a chonlán féin.

Luaitear a leithéid sa diospóireacht faoin domhan. Islítear caighdeán na hinsinte le gabhlán neamhriachtanach ag cur bac ar an bplota. Drochchlaonadh é seo a fhágann an mhír léamh:

*'Ainm núicléacha. Bhí siad ag cur leis an stór in aghaidh na bliana suas go dtí lár na nóchaidí. Ach baineadh cor as de réir a chéile mar ní raibh daoine na cruinne seo sásta go gcuirfí deireadh leis an domhan agus leis an duine. Thóg sé i bhfad ar an rialtas tabhairt isteach, ach d'athraigh an port nuair a thosaigh na toghcháin ag gabhail ina n-aghaidh, daoine a bhí i gcoinne na n-arm núicléach dhá dtoghadh i go leor tíortha.'*³¹

Léirítear grá Phádraig i bhfoirm na brionglóide. Feidhmíonn Alison mar bhanaltara inti. Sampla eile den ghnáthlocht é seo (AD Ich. 131).

Cloítear le claonadh na scéalta le linn an Falling Action, cé go dtugtar eolas faoi 'bheatha cheilte'. Phádraig, níl baint aige leis an ábhar anseo. (AD Ich. 133)

Tá an laige chéana le fáil sna scéalta faoin bhfuil agus faoin máthair ab. Níl aon rud iontu ach

gníomhaíocht Sheosaimh. Ní ghabhann doimhneacht leo lasmuigh de sin.

Níl feidhm an phlota soiléir ar feadh tréimse de bharr dhá ghné:

(A) *An deireadh le piúratánachas Mhuiréid*

(B) *Tinneas Phádraig ag dul in olcas.*

(A) Feictear Muiréad agus í idir dhá chomhairle. Déantar cur síos ar a suaitheadh coinsiasa. Socraíonn sí ar fhuisce a ól chun maireachtála. Téann sí isteach sa mhála le Pádraig. Déantar plé ar fhadhbanna an charachtair gan an iomarca bolscaireachta. Ach ní chuireann sé leis an bplota. Níl ann ach athrú ar phointí a rinneadh cheana féin.

(B) Éiríonn tinneas Phádraig níos measa. Ní bhíonn fonn air an oíche a chaitheamh leis féin. Bíonn sé ar nós linbh atá ag brath ar a mháthair.

Briseann an bholscaireacht isteach arís. Ní locht mór é ach sampla é den ghnáthchlaonadh.

Leanann an gníomh ag isliú mar a fheictear i gcinneadh Phádraig. Socraíonn sé gan fios a chur ar shagart. Léiriú maith é seo ar an Falling Action. Cuirtear réiteach na coimhlinte inmheánaí in iúl agus tagann deireadh le gné amháin den phlota:

Bás gan ola gan aithrí... ach má bhíonn mé gan ola, ní bheidh mé gan aithrí.... aithrí atá ar bun agam ó d'fhág mé an baile... aithrí a oilithrigh... mé ag cuartú Dé... é timpeall orm deirtear... é i súile chuile dhuine, deirtear, ach ní fhaca mise é.... Ní bhraithim é... Ní mhothaim é... ní airím é... Ní aithním é. Tá sé uaim ach níl mé uaidh, is cosúil... Chaithfidh mé mo chos bhacach a tharraingt i mo dhiaidh ar leacracha lasta Ifrinn. 32

Cloítear eis an gclaonadh nuair a nochtann sé na hullmhúcháin dá shochraid. Nochtann sé na nithe a dteastaíonn uaidh ar bhealach loighiciúil. Grinneas maith é seo ar a phearsantacht nach bhfaightear go minic le linn an úrscéil:

'Déanaigí sin... Tá cúpla rud ba mhaith liom a rá sula mbeidh sé ródheireanach, ionas nach mbeidh oraibh ceisteanna a chur. Níl mé ag rá go mbeidh sibh liom nuair a thiocfas sé, ach má bhíonn — ná cuirigí fios ar shagart. An darna rud — créamadh, mé a dhó, atá uaim. Níl mé ag iarraidh mé a chur. Tá áit amuigh i nGlas Naíon, an socrú déanta agus chuile shórt loctha cheana féin. Déanfaidh siad féin an chuid eile, ach scéala a chur chucu.' 33

Tá an ghnáthlaige le feiceál sna scéalta faoi George Moore agus James Fitzgerald Kenny. Níl iontu ach claonadh chun leadráin.

Tugtar an méid céanna le fios sa chúntas ar an tréimhse i gCill Choca. Nífeidhm na míre sásúil agus ní chuireann sé mórán leis an insint lasmuigh de pharailéalachas na croise (c.f. caibidil a seacht)

Tá an mhír dheireanach tábhachtach. Faigheann Pádraig bás i ndeireadh na dála. Sampla follasach é de laige an phlota. Bhéifeá ag súil lena thuilleadh eolais anseo, ach cuireann an bholscaireacht bac ar an bhforbairt:

Tá 'fhios agat mar sin gur ainm cleite a bhí i bhFrank, gur Michael O'Donovan a baisteadh air. Coicíos sular bhásaigh sé tugadh cuireadh dhó theacht isteach anseo le labhairt le cumann litríochta. Ní raibh baol ar bith go ligf a leithéid isteach anseo ag an am, ach nuair a hiarradh ar an Uachtarán cead a thabhairt do Mhicael O'Donovan labhairt linn, ní raibh trioblóid ar bith ag baint leis — ní raibh droch-cháil ar Dhonabhánach ar bith. ³⁴

Tugtar an locht céanna faoi deara sa mhéid a deirtear faoin t-*heirt* a chuir lámh ina mbás féin. Mír eile í a fhágann an plota leamh. Críochnaíonn sí le cuntas ar shocraid Phádraig:

'Cuirfimid a luathreach isteach i mbosca litreach an G.P.O., Dé Luain. Nach in a bheadh uaidh?'
'Narbh fhear é fhágáil anseo mar tá sé. Ní fhéadfimid é a chartadh amach go Glas Náion.'
'nár gheall muid...?'
'Tuigfeadh sé. Nach anseo a bhí a chroí ariamh?'
'Tiocfar air...'
'Cé bheas ag breathnú i gcónra Uí Ghramhniagh?' ³⁵

Luadh tréithe an fhathscéil cheana féin. D'ainneoin go bhfuil an choinbhleacht réitithe, tá an plota truaillithe ag an deireadh mar a léiríonn Crossan:

A Strong element of parable is asking us why things might not be just as well some other way rather, than the way we expected and presumed.' ³⁶

Tá sé seo soiléir ag deireadh an leabhair. Léirítear Pádraig mar sheanfhear aonarach a ionsaíonn coimeádachas na sochaí ag tús an úrscéil. Ach tá an roth casta anseo. Athraíonn iompar na beirte agus briseann Éirí Amach na n-Ultach amach. Sampla soiléir é de thruailliú an phlota le domhan na finscéalaíochta bun os cionn.

Conclúidí

Níl drogall ar an údar tabhairt faoina **Conspóid in AD**.

Cuireann bolscaireacht neamhriachtanach isteach ar an bplota, rud a chuireann constaic ar an doimhneacht.

Briseann scéalta gan ghá isteach ar ghluaiseacht na hinsinte. Fágann sé seo an plota leadránach leis an bpointe céanna á nochtadh an t-am ar fad.

Ní fheictear aon dul chun cinn ó thaobh na scríbhneoireachta de in **AD**. A mhalairt atá fíor. Fágann na lochtanna an plota éadrom.

An Charachtracht

Déanfar anailís ar charachtracht an úrscéil ins an gcuid seo den chaibidil i bhfianaise na teoirice liteartha.

Úsáideann an Standúnach carachtair mhaola in AD mar a dhéanann sé in SLB.

Scrúdófar na carachtair go mion. Déanfar scrúdú ar fheidhm na bpríomhpearsna in A agus déanfar anailís ar na fo-charachtair in B.

A.

Na Príomhcharachtair

Pádraig.

Feidhmíonn Pádraig mar phríomhcharachtar AD. Seanfhear é atá ar thuras réamhbháis. Baineann lochtanna leis mar charachtar, áfach — úsáidtear é chun bolscaireacht a dhéanamh. Cuireann sé seo bac ar a fhorbairt le linn an úrscéil mar a mhíníonn Gearóid Denvir:

Is é toradh na tuairimíochta seo go n-airíonn an léitheoir an iomarca den tseanmhóireacht, an iomarca de bhlas na litterature d'ides, ar an saotha.¶ agus ar an ábhar sin teipeann go minic ar Standún fuil agus feoil a chur ar a chuid carachtar. 37

Feictear é nuair a bhailtear leis don chéad uair. Cé go bhfuil sé i mbaol bháis, tá rian na bolscaireachta le mothú ar an insint. Ní nochtar mórán dá phearsantacht de bharr an lochta seo:

Ní fhéadfainn pardún a thabhairt don Eaglais, ach cé dúirt gur ionann Dia agus an Eaglais? B'fhéidir nach dtaitníonn sí le Dia ach an oiread...

Fanfaidh mé ins an áit seo anocht. Ní mé an chéad Phádraig a tháinig thart, de réir na scéalta. Seod í an áit nár fhás an tseamróg ariamh ann, a deirtí. D'eitigh siad deoch do Noamh Pádraig — b'fhéidir go raibh a dhóthain ólta aige. Ní eiteofar deoch don Phádraig seo — tá an buidéal i mo phóca agam. Ólfaidh mé deochín anseo sa stáisiún. 38

Léirítear é mar choimhthíoch. Ach ní dhéantar forbairt ar na ngné sin. Tugtar suntas dó seo le linn dó a bheith sa bhfí. Tugtar cuntas ar an gcoibhneas idir an Eaglais agus an Stát. Ní labhraíonn sé gan rian na bolscaireachta ar a chaint:

Ach sháraigh na Caitlicigh iad ar fad ag cothú na díograise is na

dílseachta ina lucht leanúna. D'éirigh leo chuile dhuine a thabhairt leo, ach an fíorbheagán a bhí sásta seasamh ina n-aghaidh — bhí tú leo nó bhí tú ina gcoinne. B'iontaí fós ná sin gur éirigh le muintir na hÉireann an Ghaeilge a thabhairt ar ais. Cén bhliain í sin a raibh Bliain na Gaeilge acu? 39

Tagann forbairt air tar éis dó labhairt leis an mbeirt. Labhraíonn sé ar cheisteanna a óige agus ar phiseógacht a chomhleacaithe. Locht é seo freisin, mar ní bhactar le forbairt a dhéanamh air. Cuireann an tSeanmhóireacht bac as a phearsantacht:

Bhí daoine ariamh anall ag tairngreacht go raibh deireadh an tsaoil buailte linn. Bhíodar dhá rá sa mbliain míle A.D. Bhíodar dhá rá aríst sa mbliain dhá mhíle, agus níl dabht ar bith ach go mbeifear dhá rá sa mbliain trí mhíle. Is maith leis an dream sin figiúirí deasa cruinne mar sin, nó dátaí ar nós lá breithe nó lá báis Chríost — dhá mbeadh 'fhios ag duine ar bith an dáta. Ach is é deireadh an tsaoil chomh fada is a bhaineann sé leis an duine aonair.' 40

Tá an méid céanna le fáil sna scéalta a insíonn sé d'fhonn aigne na beirte a oscailt. Sampla eile é den ghnáth chlaonadh mar a léiríonn an chaoi ina láimhsáiltear é:

'Fionn agus na Fianna... Fan anois go bhfeicfidh mé... Bhí dathacha fiacal ar Fhionnuair. Bhí sé céasta ceart acu. Chuaigh sé chuig an bhfiacloir agus tharraing sé roinnt dhá chuid fiacla. Bhí Fionn cailte le trua dhó féin. Cé casadh air ach Niamh Chinn Óir. "D'fhéadfadh i bhfad níos measa ná sin a bheith tarraingthe asat," ar sí leis. "Stop," a dúirt sé, "chailfí uiliog mé dá dtarraingneofaí é sin asam." "Tarraingníodh ceann acu asamsa ar ball," ar sí, "agus níor cailleadh mé." 'Éirigh as anois, nó beidh tú ag siúl leat féin.' 41

Tugtar eisceacht faoi deara sa chuntas ar a ghrá d'Alison. Nochtar an grá agus na fáthanna ba chúis lena imeacht ón gcliarscoil. Ach briseann an bholscaireacht isteach arís. Trua é seo dáiríre nárbh fhéidir linn aithne a chur air. (A.D. lch. 35)

Úsáidtear é chun tuairimí an údair a chur i láthair. Tagraítear don Chomhairle Vatacáine. Ach baintear feidhm as ar bhealach níos measa ná sin chun ionsaí a dhéanamh ar chleachtaí eaglasta nach dtaitníonn leis:

'Bhí saoirse acu freisin, is dóigh.'
Tabhair saoirse air. Ní raibh folach ar chúrsaí gnéis. Is minic nach raibh mórán ceannas ceann orthu, máithreacha gan phósadh agus mar

sin de, roinnt ag gabhail go Sasana le fáil réidh lena gcuid páistí, ach ba é an beagán é. De réir a chéile, bhí daoine ag teacht ar an tuiscint nach gcomhairíonn aon chineál smachta ach an féinsmacht sna cúrsaí sin." ⁴²

Tá an méid céanna le tabhairt faoi deara óna bhrionglóid i gClár Chluinne Mhuiris. Buaileann sé le hAlison ins an mbrionglóid agus téann sí a luí leis. Cuireann an gnáthlocht as dá fhorbairt, rud a fhágann éadraom é de réir na teoirice liteartha: (AD lch. 38)

Feictear a leithéid sa chuairt a thugann sé ar Thuaim. Déanann sé ionsaí ar an scoil chónaithe inar chaith sé blianta na meánscoile. Sampla eile é dá úsáid mar úirlís na bolscaireachta:

Bhí Tuaim roimhe amach, baile a raibh sé idir dhá stól faoi, a chuid mothúchán measctha ina thaobh. Bhí sórt tarraingte ar an áit ag a chroí, ach chuir sé déistín air ina dhiaidh sin. Ní mar gheall ar an áit ná mar gheall ar na daoine, ach mar gheall ar na blianta a chaith sé sa gcoláiste ansin, coláiste Iarfhilatha — na blianta ba mheasa dá shaol, b'fhacthas dó. ⁴³

Tugann sé cuairt ar an ArdEaspag chun a ghnóithe a réiteach leis. Tagraíonn sé go ciniciúil don chomhnáscadh idir rialtas agus Eaglais. Nochtar cuid dá 'bheatha cheilte' sa chuntas faoi Alison. Gabhann bolscaireacht leis na tagairtí don fhaisisteachas agus do lochtanna eile na hEaglaise. Cuireann an fhadálacht seo bac ar léiriú na mothúcháin:

'Ach bhí an tír ag lorg suaimhnis, freisin. Theastaigh rialtas láidir, eaglais láidir, smacht. Bhí an saol ag gabhail ó rath.'
'Fascism a thug siad air céad bliain ó shoin.'
'Ní féidir an chomparáid sin a dhéanamh. Cá bhfuil na campaí báis?'
'Níl sé folláin, rialtas agus eaglais in aon leaba, i bpóca a chéile — i ngreim tónach ina chéile.'
'Tá an tír suaimhneach.' ⁴⁴

Taispeántar na lochtanna céanna agus é ar a bhealach go Baile Átha an Rí. Ní phléitear aon gné eile ach a dhéistín faoi dhrochstáid na tíre:

Éire Nua a tháinig i gcomarba orthu sin, agus b'iad a bhí ag rialú ó shin — páirtí poblachtánach a raibh cuid acu a bhain le traidisiúin Fhianna Fáil, an mhórchuid le traidisiúin Shinn Féin, faoi stiúir Mhic Ádhaimh. Bhí an Conradh a déanadh idir rialtas na heite clé agus na nAontachtóirí ag tús an chéid caite in aer, an Conradh briste agus na fabhair lenár mealladh an hAontachtóirí leo curtha ar ceal na náisiúntóirí in uachtar. ⁴⁵

Tagann feabhas sealadach ar an scéal nuair a bhuaileann sé le hAlison. Pléitear a ghrá di ach ní leagtar mórán béime air. Cuireann an bholscaireacht bac air — teipeann ar an léitheoir teacht ar thuiscint níos fearr sula n-imíonn sé ar aghaidh.

Cailltear seans nuair a dhiúltaíonn sé do thairiscint Alison. Cruthú soiléir é seo go bhfuil feidhm bholscaireachta aige. Ní dhéantar mórán forbairte ar an ngné seo dá phearsantacht (A.D. lch. 70)

Faightear an gnáthlocht in a chaint le Stan. Leagtar an bhéim chéanna ar an tseanmhóireacht, rud a fhágann an iarracht leamh. Feictear codarsnacht idir dearcadh críostúil Stan agus meon ciniciúil an phríomhcharachtair. D'ainneoin gur sampla é den ioróin, Milléann na lochtanna a héifeacht. (A.D. lch. 75)

Briseann sé amach freisin sa chúntas faoin bPápa. Bholscaireacht thréan í nach bhfuil gá léi ó thaobh na carachtarachta de. Níl ann ach claonadh chun leadráin. Tá sé seo le mothú sna hionsaithe a dhéantar trí charachtar Phádraig (AD lch. 77)

Tá an téama céanna le sonrú sa bholscaireacht faoi Liam Ó Flaithearta. Ní ligtear don' fhorbairt teacht air — leagtar an bhéim uile ar an argóint aon —taobhach (AD lch. 91). Cuireann an easpa cothromaíochta seo bac ar Phádraig agus fágtar amscáil é dá bharr.

Tugtar faoi deara é freisin ina agallamh leis an diabhal. D'ainneoin gur sampla é dá shuaitheadh coinsiasa, baineann locht leis an bhfeidhm teagaisc a scriosann forbairt na mothúcháin:

"Tá seans fánach ann go dtiocfaidh duine eicint as áit eicint, duine atá chomh dona sin amach is amach nach féidir é nó í a scaoileadh isteach san áit thuas, duine a shéanann Dia chomh mór sin go gcaithfidh Dia a rá leis nó léi: "Bíodh an diabhal agat! Mura bhfuil tú do m'iarraidh, déan do chomhairle féin go dtí an deireadh." 46

Tugtar suntas dó freisin ina 'chaint' le Dia. Leagtar an bhéim ar an ngnáthlocht arís. Sampla é seo dá ghnáthlocht claonadh.

Faightear é freisin ina chaint le Seosamh agus Muiréad. Bhéifeá ag súil le forbairt anseo, ach briseann an bholscaireacht isteach san aighneas faoi Veronica. Fágtar Pádraig le constaic ar a

fhorbairt, rud a dhéanann leamh é ó thaobh na teoirice de. (AD lgh 100-101)

Éiríonn sé tinn i rith na hoíche rud a léiríonn go bhfuil an bás gar dó. Ní fhágtar an cur síos gan rian na bolscaireachta mar a fheictear i bhfocail Sheosaimh:

Dhírigh Seosamh é féin suas ar a uilinn sa leaba nuair bhí Muiréad ag freastal ar Phádraig. 'Ghlan Veronica éadan Íosa,' a dúirt sé. 'Glanann Muiréad tóin an diabhair.' Ní raibh 'fhios acu an ina chodladh nó ina dhúiseacht dó. Luigh sé siar ar an dhroim arís agus é ag srannadh.'⁴⁷

Déantar trácht air freisin sa mhéid a deir sé faoi chúrsaí polaitiúla na tíre — Tráchtann sé ar an 'leatrom' a rinneadh ar Phrotastúnaigh. Éiríonn an cuntas tuirsiúil leis an ngnáth sheanmhóireacht á brú ar an léitheoir.

*'Bhí 'fhios, ach ní hin le rá nach polasaí leataobhach a bhí ann, polasaí seicteach, má théann sé go dtí sin. Níorbh fhéidir iad a bhualadh mar bhí an dream a vótáil dóibh chomh leataobhach leo féin. Cleas soiniúil a bhí ann ó thaobh an rialtais dhe, creidim. Ní hé go raibh an oiread sin suime ag go leor acu i gcreideamh, ach ba phlean mhaith polaitíochta é a mbrat a thairneáil ar chrann seoil na hEaglaise.'*⁴⁸

Tugtar macalla de le fios sa 'cheacht' a mhúineann sé do Sheosamh. Déantar é ar bhealach fháitchiallach le comparáid idir lucht tacaíochta na bpolaiteoirí agus lucht an tsacair. Ní ligtear d'aonghné eile teacht chun cinn:

'An dtagann siad abhaile go hÉirinn, do chuid col ceathracha?'
'Tágann siad go minic ar na haerbhusanna.'
'An Éireannaigh nó Sasanaigh iad?'
'Tá canúint Shasana orthu, ar ndóighe, ach airíonn siad gur de bhunadh na hÉireann iad.'
*'Is cosúil le múinteoir scoile thú,' arsa Muiréad, 'atá ag iarraidh ceacht a mhúineadh do ghasúir.'*⁴⁹

Feictear an gnáthlocht sa tagairt don homaighnéasacht. Glacaim leis nach argóint ar son na homaighnéasachta nó ina aghaidh atá ann ach gabhann locht leis an gcaoi ina gcuireann sé isteach ar fhorbairt an charachtair:

Bhí cur síos mór acu, ag caitheamh siar deochanna, iontas ar Phádraig go raibh fear chomh hoilte agus chomh sibhíalta ag jabaireacht beithíoch. Thit an tsugaíl air an-sciobtha. Bhí sé ar bholg folamh, agus é ar an mbóthar lena chuid beithíoch ón a tri a chlog ar maidin. níorbh airigh sé faic na ngrást nó gur dhúisigh sé am eicint amach san oíche,

an jabaire ag cuimilt a lámha dá cholainn nocht, agus ag iarraidh é a phógadh ag rá leis go raibh sé i ngrá leis. 50

Tugtar an méid céanna le fios sa scéal a insíonn sé faoi Neamh. Fáthscéal é ar bhealach, ach níl sé gan rian na bolscaireachta. Ionsaítear gnáthdhearcadh na hEaglaise leis an moladh chun taitneamh a bhaint as an saol:

Sin é an réiteach is fear le déanamh le haghaidh na háite seo." Thugadar bóthar ansin dhom,' arsa Pádraig, ag cur deireadh lena scéal. 'Níl 'fhios agam ab in é do theagasc féin nó teagasc na n-aspal,' a dúirt Muiréad leis, 'ach fair play dhuit. An-pharabal go deo!' 51

Faightear an bholscaireacht arís agus é ar a bhealach. Pléann an triúr ceisteanna moráltachta. Bíonn brionglóid ag Pádraig le linn na hoíche. Tugtar cuntas ar a ghrá d'Alison. Chuirfeadh sé go mór leis dá mbeadh a thuilleadh samplaí de seo sa leabhar. Úsáidtear tagairtí graosta le leideanna don ghnéas léir. Ach ní chuireann sé seo bac iomlán ar léiriú na samointe:

Bhí beirt ag brathnú air, dianstaidéir ar siúl acu, dochtúir agus banaltra. San ospidéal a bhí sé. Nach maith a d'éirigh leis an jabaire uasal sin a bheith in dhochtúir, spéaclaí na Comhairle Contae air, nó arb in ór a bhí iontu? Bhí an cochall síoda casta timpeall ar a bhéal aige le haghaidh Pádraig, nó a bhod, a raibh an dochtúir ag cur an oiread sin suime ann, a chosaint ó na fridíní. Alison a bhí mar bhanaltra aige, éadach mná rialta uirthi. Péintéir a bhí inti i gcónaí, mar sin féin. Bhí sí á phéinteáil le stuif donn éigin, gan suim dá laghad acu ina chloigeann, an áit a raibh sé tinn i ndáiríre. 52

Tagann an bholscaireacht isteach arís in diaidh na n-eachtraí a pléadh thuas. Tugtar seanmhóir ar obair a rinneadh sa Bhreatain de bharr na n-Éireannach. Sampla eile é seo den teagasc a chuireann isteach ar fheidhm na gcarachtar. Bheadh an tÚrscéal níos fearr le cothromaíocht idir é agus forbairt na gcarachtar. (AD lch. 133)

Feictear a chumas grinn nuair a thosnaíonn sé ag insint scéalta arís. Insíonn an triúr scéalta eatarthu féin. Ní fhágtar an bholscaireacht ar lár mar is follasach ón scéal faoin mbean rialta:

Tamall ina dhiaidh sin agus é ar a bhealach amach as an gclochar casadh an bhean óg air. "Bhfuil do bhreithiúnas aithrí déanta fós agat?" ar sé léi. "Ní bhfuair mé deis fós," ar sí. "Tá an Mháthairab ina suí san umar." 53

Taispeántar a ghrá d'Alison i rith na hoíche ar an mbóthar. Téann Muiréad a luí leis. Cé gurb í Muiréad a dhéanann an gníomh, ceapann Pádraig gur Alison atá ann. Comhartha é seo de thionchar Alison air. Tugtar le fios go bhfuil an bás ag druidim leis freisin:

D'airigh sí éagoin — 'Alison, Alison...' ⁵⁴

Feictear í freisin i bhfreagra Phádraig tar éis dó Maigh Nuad a thabhairt faoi deara.

Tagraíonn sé don chaoi ina bhfuil an tír faoi ghreim na háite. Níl an frithchléireachas lochtach ann féin, ach tá sé amscáí nuair a chuireann sé isteach ar fhorbairt na carachtrachta:

'Daigear trí chroí na hÉireann.' Den chéad uair leis na blianta, thug Pádraig spuaic an tséipéil mór i Maigh Nuad faoi deara i bhfad rompu amach. 'Sin é a thug an Casaideach, Seán O'Casey, ar an spíce sin, ach is minicé sáite i gcroí na hÉireann é ó bhásaigh sé ná roimhe sin. I ndiaidh sin féin, tá an-chion agam ar an áit, m'alma mater fada an lá ó shoin, do choláiste féin i láthair na huaire. Faraoir nach anois atá mise ann.' ⁵⁵

Feictear í freisin i bhfreagra Phádraig tar éis do Mhuiréad cuntas a thabhairt faoi smacht na cliarscoile. Dogmachas aon-taobhach é seo a chuireann isteach ar an gcarachtracht. Níl ann ach an gnáthchlaonadh chun leadráin (A.D. lch. 149).

Cé go bhfulangaíonn sé cruatan, ní staonann sé ón mbolscaireacht. Feictear é seo sa socrú a dhéanann sé faoi shagart. Ní shonraítear mórán lasmuigh den ghnáthphraetseáil.

Leantar leis an mbolscaireacht go bhfaigheann sé bás. Tagraítear dó seo i rith a thréimhse i Maigh Nuad. Luann sé 'Ré na saoirse' a tháinig chun cinn sna seascaidí. Cé go bhfuil léiritíú áirithe ar na mothúcháin, leagtar níos mó béime ar an mbolscaireacht:

*'An chéad lá de Mhárta, an chéad duine... an t-aon lá fichead d'Aibreán an darna duine... naoi mbliana déag ina dhiaidh... 1860...
'Ard Aifreann absento corpore... Choinnigh siad amach as an séipéil iad ach níor choinnigh siad as an reilig iad... Tá siad in áit níos fearr agus ní call inní a bheith ar éinne faoina gcuid spiorad.. D'fhéadfaí seomra na naomh a bhaisteadh ar sheomra na dtaibhsí.'* ⁵⁶

Seosamh

Déanfar anailís ar fheidhm Sheosaimh thíos. Cé go luaitear é go minic ní carachtar doimhin é. Níl

ann dáiríre ach scáil mar a mhíníonn Iarla Mac Aodha Buí:

"Is féidir glacadh le carachtar an tseanfhir Pádraig sa leabhar. Oireann an ghraostacht agus an frithchléireachas dó, ach níl sa bheirt eile ach scáileanna, leithscéal do Phádraig a scéalta a insint agus a dhearcadh a chur in iúl. 57

Ceapann an léirmheastóir céanna gur tábhachtaí na ceisteanna sóisialta ná na laigí seo, ach caithfear iad a lua agus an charachtracht faoi scrúdú.

Sampla maith é Seosamh den charachtar maol. Ní bhaineann mórán leis ach a choimeádachas, cé go dtagann forbairt bheag air ag an deireadh.

Taispeántar é seo nuair a bhuaitear leis. Feictear nach dtaithníonn drochiompar leis. Tá codarsnacht idir é féin agus Pádraig. Ceapann sé gur cóir dó bheith dílis don Eaglais. Is léir na tréithe seo — coimeádachas agus dílseacht eaglasta mar achoimre air. Feictear a thréithe lárnacha nuair a bhagraíonn sé do Mhuiréad staonadh ón alcól. Ní nochtar doimhneacht dá laghad, rud a fhágann leamh é de réir na teoirice liteartha:

'Ní ólfaidh mise aon deoir go deo, arsa an fear, 'ná tusa ach an oiread, má bhíonn aon bhaint agat liomsa.'
"Ag bossáil aríst! ach nach mbeadh fonn ort é a thriall?"
"Tá mo sháith agamsa nuair a fheicim an bhail a chuireann sé ar dhaoine. 58

Déantar cuntas ar na tréithe céanna nuair a labhraíonn sé le Pádraig don chéad uair. Tuigtear an coimeádachas óna dhearcadh i leith Phádraig. Cuireann ráitis an tseanfhir déistín air go háirithe nuair a dhéanann sé comparáid idir an bheirt agus an "Teaghlach Naofa". Ní thaithníonn an cineál seo cainte leis mar tá a thuairimí á maslú. Ní dhéantar iarracht aon ghné eile dá charachtar a lua.

'Tuige?'
'Níl 'fhios agaibh céard é peaca.'
'Rómhaith atá 'fhios againn.' Dhírigh an buachaill é féin ina chathaoir.
'Cuirfidh mé geall nár rinne ceachtar agaibh peaca ariamh. 59

Feictear na claonta céanna agus é ar a bhealach go Clár Chluinne Mhuirís. Tosaíonn sé ag magadh faoi Phádraig. Ní thaithníonn na scéalta leis. Cuireann siad as dá chreideamh:

Bhí Seosamh ar buile. "Ní hé sin an cineál scéalta a bhí ar intinn

againn.'
'Nár iarr sibh orm an bóthar a ghiorrú.'
'Ní hé sin an dóigh ab fhearr liom é a ghiorrú' 60

Treisiútar ar an argóint sna tagairtí dá mheon i leith na scéalta gairsiúla. Déantar pictiúr de mar fhear coimeádach agus leanbaí. Laige é seo — cruthaíodh é ar son na bolscaireachta:

'Millfidh sé Seosamh bocht.'
'Caithfidh sé go bhfuil tusa milte cheana aige.'
'Mura bhfuil tú in ann cluas a thabhairt do scéal barúil.'
'Barúil? Scéal graosta, gairsiúil, grán... Is masla é do Shacraimint na hAithrí.' 61

Feictear na tréithe céanna ina chaint le Muiréad. Luaitear a ghrá di agus cuid dá chúlra ag an am céanna. Tugtar le fios, ámh, nach dtaitníonn iompar an tseanfhir leis. Sampla eile é seo dá ghnáthfheidhm:

'Bhuel, cheap mé nach bhféadfadh ach an diabhal teacht idir mise agus tusa.'
'Dheamhan dochar ann. Tá an fear bocht uaigneach. Níl sé go maith ina shláinte, déarfainn. Féach an bolg atá air. Shílfeá gur ag iompar cúpla atá sé. Ní fhéadfadh sé sin a bheith folláin.'
'Atá ag préataí, b'fhéidir, nó ag fuisce. Ní bheadh sé ag siúl go Baile Átha Cliath muna mbeadh sé ar fónamh.' 62

Dírítear aird an léitheora ar agus é ag caint le linn na hoíche céanna. Cuirtear i láthair é mar fhear chráifeach a dtaitníonn creideamh leis. Ní dhéanann sé aon rud dá chomharsa, ámh. Tá sé seo searbhúsach mar déantar parailéalachas idir Seosamh agus na Fairisínigh. Sampla é de gháthchaonadh na bolscaireachta:

'Tá caint is caint ann... Is féidir mise a ghortú freisin, bíodh 'fhios agat. Ní cloch mé. Hu... Ní dhéanaim dada don té atá thíos. Dá mbeadh 'fhios agat.' 63

Tá na saintréithe le fáil nuair a chlóiseann sé an scéal faoi Veronica agus Íosa. Bíonn sé ar buile toisc go mbíonn a chreideamh á mhaslú:

Phléasc Seosamh, a bhí ag breathnú sách neamhshuimiúil sa gcomhrá suas go dtí sin. 'Cuir uait an táireacht sin anois.'
'Cén "táireacht" atá i gceist agat?'
'Veronica a bheith i ngrá le hÍosa?' 64

Briseann an claonadh amach arís le linn na conspóide ar an Eaglais. Níl ann ach a gnáthfheidhm mar scáil, claonadh a fhágann éadrom é. (AD lch. 107)

Déanann sé a dhícheall chun tacú leis an gcoimeádachas. Neartaíonn sé seo thuairim Mhic Aodh Búf (lch. 86). Leantar ar aghaidh leis seo agus an triúr ar a mbealach go Baile Átha Cliath. (A.D. 114)

Faightear é arís sa chonspóid ar na móideanna geanmnaíochta. Feictear arís é agus é ag déanamh a dhíchill chun iad a chosaint. Sampla é seo den chaoi ina bhfuil sé á chur i láthair sa leabhar:

*'Ach, deir an Eaglais...'
"Deir an Eaglais", "deir an Eaglais..." Sin é réiteach na ceiste i gcónaí.
Ní chloiseann muid tada sa tír seo ach "deir an Eaglais".'
'Bhuel, tá na Eaglais sa tír seo chóir a bheith míle sé chéad bliain.'
'Ach ní raibh sí ina máistir chomh mór ariamh is atá sí anois.'⁶⁵*

Luaitear é freisin i ndiaidh an scéil bhrocaigh. Iarrann Seosamh air gan an scéal a mhilleadh. Tá an doimhneacht in easnamh le béim leagtha ar a bhallraíocht de lucht éisteachta Phádraig:

'Ná lig don tsoiniciúlacht do scéal a mhilleadh.' Is beag nár múchadh na focail i mbéal Sheosaimh le torann aer-bhus ag gabháil thar bhráid.'⁶⁶

Tugtar an claonadh céanna faoi deara sa scéal a insíonn sé féin. Sampla follasach é dá ghnáthfheidhm (AD lch. 123)

Tagann forbairt air i ndiaidh na n-eachtraí seo, ach ní forbairt réadúil é. Cé go dtagann athrú ar a dhearcadh, ní athraíonn a fheidhm. Ní dhéantar iarracht na lochtanna a ghabhann leis a réiteach (AD lch. 125)

Cé go dtagann forbairt air, ní fheictear é ach ag éisteacht le cómhra na gcompánach. Léiríonn sé seo nach bhfeidhmíonn sé lasmuigh den ghrúpa:

Ní raibh Seosamh sásta leis sin. 'Nuair atá an t-eolas agus na pleananna ar fáil, caidé a stopfas duine, nó dream nó tír ar bith a thograíonn é, na hairm sin a dhéanamh arís?'⁶⁷

Tá an gnáthloch ar an sceal a insíonn sé sula n-imíonn sé go Cionn Átha Gháid. Cé gur athrú iompair é, ní forbairt í — cloíonn sé leis an ngnáthchlaonadh:

'Ar chuala tú an ceann,' arsa Seosamh, agus é ar bís lena inseacht, 'faoi dá tharbh, seantarbh agus tarbh óg a bhí ag ithe féir ar chnocán glas, in aice na háite a raibh chuig bhó is fiche ag iníor. Arsa an tarbh óg leis an seantarbh: "Goitse, rithfidh muid síos agus beidh an chreaic againn ar chúpla cheann acu sin." ⁶⁸

Leantar ar aghaidh leis seo agus sinn ag gabháil i dtreo an deiridh. Úsáidtear é anseo díreach mar a baineadh feidhm as i rith an úrscéil:

Thug Seosamh faoi deara nach raibh scioltar fanta ar a éadan, nach raibh ann ach an craiceann is an chnámh. Bhí sé tite siad go mór le cúpla lá. Bhíodh sé nóiméad amháin ina chodhladh, gáire air an chéad nóiméad eile. ⁶⁹

Ní carachtar neamhspléach é fiú nuair a fhaigheann Pádraig bás. Tuigtear é seo ó mholtaí Mhuiréid chun tórramh a chur ar an seandúine. Briseann an coimeádachas agus an chuthaileacht amach arís díreach mar a tharlaíonn ag tús an leabhair:

'An as do mheabhair atá tú?'
'Tá flasc fuisce ina phóca.'
'Cuir folach isteach ar fhuinneog an dorais. Scáile na ngloineacha sin a sceith ar lucht na gcártaí fadó.' ⁷⁰

Muiréad

Carachtar maol í Muiréad a ghlacann páirt in imeachtaí an úrscéil go minic. Níl sí gan locht, áfach. Baineann na lochtanna céanna léi mar a pléadh i gcás Sheosaimh. Feidhmíonn sí mar scáil mar a deir Mac Aodha Buí (féach Ich. 8^o thuas) Sin é an locht is suntasaí a ghabhann léi; bhfianaise an úrscéil.

Feictear é seo agus í i dteannta Sheosaimh. Cuirtear níos mó béime ar a dearcadh í leith an chreidimh ná mar a leagtar ar a forbairt mar charachtar:

'Tóg go réidh é — nó gabhfaidh rudaí níos faide!'
'Geallúintí, geallúintí!'
'Murach na geallúintí... Séard a bhí mé á rá fá na taibhléadaí — ní hé an scéal céanna a bhíodh ag na dochtúirí ná ag saineolaithe aon dá lá as a chéile. Beidh a athrach de phort acu an chéad bhliain eile.'
'Tá mise ag gabhail a chodladh chomh luath is a bhéadh mé nite. Déan cupán tae, maith an fear. Ní bheidh mé dhá nóiméad sa seomra folctha.' ⁷¹

Faightear é freisin nuair a labhraíonn sí le Pádraig. Gabhann gnáthlocht an Standúnaigh léi — carachtar cruthaithe chun bolscaireacht a dhéanamh. Cuireann an claonadh seo toirmeasc ar a forbairt le linn an úrscéil (AD lch. 15)

Tuigtear é freisin óna meon i leith na scéalta. Cé nach dtaobhann sí le Seosamh an t-am go léir, ní ghlacann sí páirt sna himeachtaí ach gáire a dhéanamh. Ní nochtar aon tréithe substaintiúla dá cuid féin (AD lch. 15)

Bhéifeá ag súil le tuilleadh nuair a phléitear a cúlra. Ach ní tharlaíonn a leithéid. Ní ligtear dá mothúcháin teacht chun cinn ach ar leibhéal éadrom an chómhra oscailte. Fágann an easpa doimhneachta lochta ^{chí} ó thaobh na teoirice liteartha de:

Bhí Muiréad cúpla céad slat taobh thiar de, a cloigeann uirthi, cuthach feirge uirthi, feargach le Seosamh, feargach í féin. Nach éasca a d'iompaigh sí óna creideamh, ó na gealltanais a thug sí nach n-éistfeadh sí le gáirsiúlacht, nach gcaillfeadh sí a cloigeann le fearg. Ach cén fáth a ligfidís do strainséara theacht eatarthu, an caradas a bhí eatarthu a bhriseadh? ⁷²

Nochtar cuid dá 'Beatha Cheilte' ina dhiaidh seo. Tugann an Reacaire eolas beathaisnéis ^{uif} dúinn fúithi. Ach tugtar é, gan ornáideacht, gan iarracht dul níos doimhne sa scéal. Ní phléitear aon ghné eile dá pearsantacht mar is gnáthach i scríbhneoireacht chruthaitheach an Standúnaigh:

Bliain is fiche a bhí Muiréad, meánairde inti, í beagáinín trom in uachtar a colainne, cé nach raibh cíocha móra aici. Bhreathnaigh a corróga caol, ach b'iad na gcuilí leathana thug an cuma sin uirthi. Cois Fharraige i gConamara rugadh is a togadh Muiréad, an dara hiontán agus an cúigiú duine clainne ag Joe Ó Loideáin, Joe Chuim, mar ab fhearr aithne air, agus ag Áine Davoren, Áine Dhaibhí. ⁷³

Luaitear a grá do Sheosamh ach ní ligtear dúinn mórán de a fheiceáil. Briseann an bolscaireacht isteach arís. Leagtar níos mó béime ar a dearcadh i leith Phádraig ná a grá don fhear óg. Sampla sa bhreis é seo den locht a bhaineann léi mar charachtar. (AD lch. 30)

Dírítear aird an léitheora ar seo agus í ar oilithreacht i gCnoc Mhuire. Bíonn sí ag smaoineamh ar Phádraig agus ag dul i gcoinne Sheosaimh. Ní fheictear doimhneacht inti, ámh, mar déantar an díospóireacht ar leibhéal leamh. Teipeann ar theacht chun cinn na forbairte dá bharr:

'Is dóigh go mbeidh sé ceart go leor. Má théann muid go Cnoc Mhuire féin, nach dtiocfaidh muid suas leis arís ar ball.' 'Tá an fear céanna ag cur an-ímní ort. Faraoir gur casadh ariamh orainn é.' 74

Briseann na claonta céanna amach nuair a bhailtear léi arís. Feictear í mar chuid den slua, ag trácht ar Chnoc Mhuire mar scrín oilithreachta. Cuireann sí ceisteanna ar Phádraig gan stad. Tagann an bholscaireacht amach sna freagraí, rud a léiríonn nach n-athraíonn an chaoi ina n-úsáidtear í:

Bhí Muiréad fiosrach: 'Cá bhfuair tusa an t-eolas seo ar fad. Do dhuine a deir nach bhfuil aon chreideamh aige, tá tú an-eolach ar fad ar chúrsaí creidimh.' 75

Tugtar suntas dó freisin nuair a bhíonn sí ar a bealach ó Áth Luain. Labhraíonn sí amanta mar bhail den slua, ach ní ghlacann sí páirt dháimhin sna díospóireachtaí:

Muiréad a bhí tar éis siúl amach rompu, ach a d'iompaigh siar nuair a d'airigh sí cé chomh láidir is a bhí an argóint a chuir ladar isteach: 'Nár vótáil formhór mhuintir na hÉireann don rialtas seo?' 76

Tá an fheidhm chéanna le feiceáil sa díospóireacht faoin Eaglais agus an Stát. Glacann sí páirt anseo is an siúd chun cur leis an tseanmhóireacht:

'Níl sé oibríthe amach i gceart i mo chloigeann fós agam. Níor mhaith liom díospóireacht a thosnú le ollamh nó le léachtóir gan an t-ábhar cainte a bheith an-soiléir i m'intinn féin. Ní bheidís sin i bhfad ag déanamh ceap magaidh dhíom...' 77

Tugtar na claonta le fios óna hiompar ar an mbealach ó Mhóta. Impíonn sí ar an seandúine a scéalta a insint. Feictear an ghnáthbholscaireacht sna scéalta sin:

'Inis scéal dhúinn. Giorróidh sé an bóthar dhúinn,' arsa Muiréad, cúpla míle soir ó thuaidh den Mhóta. 'Tá turas fada romhainn inniu. Chaith Pádraig tamall ag smaoineamh. 'Inseoidh mé dhaoibh faoin gcuairt a thug mé ar na Flaithis aréir.'
'Shíl mé nach ligfí thar an gheata 'chor ar bith thú.' Bhí Seosamh ag magadh.
'Éist leis.' Bhí Muiréad ar bís leis an scéal a chloisteadíl. 78

Leanann na claonta ar aghaidh sa díospóireacht faoin mBagairt Eitneach. Nochtar an fheidhm ar an ngnáthbhealach (A.D. lch. 126)

Tagann athrú ar an suíomh nuair a insíonn sí scéal. Ní forbairt í áfach ach treisiú ar a feidhm mar

scáil (A.D. lch. 137)

Faightear na saintréithe céanna le linn dí a bheith le Pádraig ar an an mbóthar. Tugtar le fios gur duine goilliúnach í. Tá eagla, ciontacht agus áiféala le sonrú uirthi. Sampla eile é den ghnáthbholscaireacht. D'fhéadfaí úrscéal den chéad scoth a scríobh dá ndíreóidh an tÚdar a aird ar an ealaíon in ionad na seanmhóireachta a fheictear ins an leabhar. (A.D. lch. 145)

Tagtar ar na lochtanna céanna i ndiaidh na tagairte thuas. Léirítear í mar charachtar leamh sa dfospóireacht faoi Mhaígh Nuad. (AD lch. 189)

Tugtar a cineáltas faoi deara san aire a thugann sí do Phádraig i gCill Choca. Ní nochtar doimhneacht maidir léi agus leagtar an bhéim ar na gnáththréithe:

Mhínigh Muiréad i stáisiún na ngardaí og raibh Pádraig an-tinn, gur dóigh go raibh an iomarca taibhléidí tógtha aige agus gurb in iad a chuir ag ráimhaillí é. Bheidís féin sásta aire a thabhairt dó sa stáisiún traenach. Ní raibh an garda sásta leis sin. Seirbhís phoiblí a bhí sna brúnna agus ní raibh cead ag éinne a bheith ag cur as d'aon duine eile iontu.

'Ach má fhaigheann sé bás anseo?' 79

Feictear forbairt bheag ag teacht uirthi ins an radharc deireanach. Bíonn sí coimeádach ag tús an leabhair le drogall uirthi a tuairimí a nochtadh. Ach athraíonn a hiompar anseo. Ní leasc léi dinnéar a fháil don othar, cé gur lá troscadh is tréanas atá ann. Feictear i gceannas í. Réitíonn sí na cúrsaí sochráide i ndiaidh an bháis. (AD lch. 165).

B

Na Fo Charachtair

Déanfar anailís ar fheidhm na bhfocharachta r thíos:

Tom Connor:

Tá athrú tagtha ar sheasamh Tom sa saol. Tá an fear raidiceach ina ardeaspag ar an deoise. Carachtar íorónta é, ámh, cé gur easpag é, tá a chreideamh cailte aige. Is é an carachtar is doimhne san úrscéal é lasmuigh de Phádraig. Nochtar a dhearcadh i leith an tsaoil mar aon lena mheon i leith imeachtaí éagsúla.

Baineann fimíneacht lena ról, áfach. D'ainneoin gur Easpag é tá a chreideamh cailte aige. Níl ann ach cnámharlach ar an leibhéal pearsanta:

'Níl creideamh ar bith fanta agat?'
'Níl, ná le tríocho bliain.'
'Cén fáth an cur i gcéill?'
'Céard eile a d'fhéadfainn a dhéanamh?'
'D'fhéadfá éirí as mar a rinne na mílte romat.'
'Bhí mé stalcanta, ceandána ariamh. Bhí mé — tá mé i gcónaí ag súil go bhfaighe mé ar ais é ... mo chuid creidimh' 80

Fear ciniciúil é, stálaithe leis an saol gan bheocht dá laghad fágtha ann. Feictear a chineáltas, ámh, óna dhearcadh tuisceanach i dtaca le sagairt óga:

"Cuimhním, cinnte. Bhím ag iarraidh mé féin a chur ina bhróga. Ag an am céanna, bím ag tabhairt buíochais do Dhia nach bhfuil 'fhios aige cé mé féin, nach bhfuil 'fhios aige na rudaí a d'inis mé dhuitse inniu. Róle atá agam, rôle mar atá ag chuile dhuine atá i gceannas. Ní haon Dia beag mé. Cosa cré atá faoi mo sciorta. Fíor-chorruair a chuimhníonn an té atá faoi mháistreacht nach bhfuil cóta ar bith ar an rí, go bhfuil an t-impire nocht. Glacann daoine leis go gcaitheann máistreacht a bheith ann. Ní théann siad níos doimhne ná sin leis an scéal. Má tá croí ag an té atá i gceannas, is amhlaidh is fearr é.' 81

Baineann buanna leis mar charachtar ach níl sé gan locht. Tá rian na bolscaireachta le sonrú nuair a labhraíonn sé le Pádraig. Níl an t-athrú atá tar éis teacht air ó SLB sochreidte. Claonadh neamhliteartha é seo atá glan in éadan thuairimí Forster ⁸². Caitheann carachtair a bheith sochreidte, rud nach dtarlaíonn anseo:

*Duirt tú ar ball nach é an dea-cháil a bhí orm. Tá an ceart agat. Bhí scannal ann a scuabadh i leataobh cúig bliana déag is fiche ó shoin. Cill Chrónáin... cailín Marion... í ag iompar mo pháiste-sa...
Bhí mé páirteach i chuile shórt gluaiseachta a raibh dul chun chinn ann. Labhair mé amach gan chás gan náire nuair ba bheag é mo bhuíochas,. Sin é a sheas dhom nuair a bhí easpag ag teastáil, easpag a bhí difriúil a bhí ábalta déileáil leis na meáin chumarsáide. 83*

Alison

Tagraitéar d'Alison trí shúile Phádraig ar dtús. Tugtar le tuiscint gur bhuaill sé léi in Oileáin Árann. Faightear amach gurbh í ba chúis lena imeacht ón gliarscoil. D'iarr sé uirthi é a phósadh ach dhiúltaigh si dá thairiscint:

Phléasc sí amach ag gáirí, gáire a bhí cosúil le scréachaíl fhaoileáin. Thairis sin, bhí sí go deas múinte leis. Thug sí póigín dó. Ní raibh aon chuimhneamh aici ar phósadh, a dúirt sí. Níor chreid sí sa bpósadh. ní raibh a fhios aici an bpósfadh sí go deo. Thaithnigh sé thar cion léi, ach grá... B'in scéal eile ar fad. ní raibh a fhios aici céard a bhí sa ngrá. Nach bhféadfaidís leanacht ar aghaidh mar a bhíodar... 84

Dheimhnigh an diúltiú sin an chaoi in ar chaith sé a shaol. Tá feidhm Alison mar shiombail níos tábhachtaí ná a páirt sa leabhar.

Léirítear í mar ealaíontóir a bhfuil spéis aici ina hobair. Ní fheictear mórán dá pearsantacht lasmuigh de sin. Gabhann suntas leis an gcur síos uirthi i láthair Phádraig, áfach. Deirtear go raibh siad cosúil le lánúin a bhí posta le leathchéad bliain.

Baineann tábhacht shiombalach lena tairiscint dó. Ní ghlacann sé leis ach leanann sé air ag imeacht. Cé go raibh siad in grá, ní ligtear don léitheoir dul níos doimhne sa scéal. Trua é seo mar bheadh sé níos fearná an tseanmhóireacht aon-taobhach. Feictear gné eile den siombalachas sa mhéid a deir Pádraig fúithi:

'Ar mhaith leat an chuid eile de do shaol a chaitheamh anseo?'
'Bhfuil tú i ndáiríre?'
'Ní haon bhanaltra mé, ach bheinn in ann aire a thabhairt duit mura mbeifeá ródhona.' 85

Tuigtear é seo freisin ón bpáirt a ghlacann sí i mbrionglóidí Phádraig. Nochtar a leithéid sa cheann a

bhíonn aige i mbaile Átha an Rí. Sampla follasach é seo dá feidhm:

Tháinig Alison chuige i mbrionglóid na hoíche. Bhí sé ina sheasamh ar shlat Dhroichead Uí Chonaill. Ba é an lá céanna é ar dhiúltaigh sí dá thairiscint phósta. Bhí a gáire ag déanamh macalla ina chluasa. Léim sé. Bhí sé ag titim, titim ar nós cleite. Thit sé síos i leaba mhór théastair mar a bhíodh sna tithe móra fadó. ⁸⁶

Faightear é freisin sa bhrionglóid ina bhfeidhmíonn sí mar bhanaltra. Taispeánann na brionglóidí seo a tionchar ar Phádraig. (AD lch. 131)

Stan Cunnane

Baineann lochtanna le Stan. Tá feidhm bolscaireachta aige i gcómhthéacs an leabhair.

Feictear é nuair a bhuailtear leis don chéad uair. Deánann sé a dhícheall chun cabhrú lena chómhleacaithe, ach tá an cineáltas seo millte ag an mbolscaireacht a chuireann bac air:

*Bhí sé faoi chaibidil ceart go leor deich mbliana ó shoin nuair a bhí an Deasúnach ina aire. Níor tugadh chun críche ariamh é.
'Nach raibh sé i gceist an dream a bhí in áit mar seo a chur amach i measc an phobail?'
'Níl sé seachtain ó bhí mé ag breathnú ar na pleananna sin sa leabharlann. Nach lena aghaidh sin a dhéantar pleananna, le dusta a bhailiú?' ⁸⁷*

Léirítear a chreideamh in ainneoin an chruatain a d'fhulaing sé rud atá i gcodarsnacht leis an mbeirt eile, Tom agus Pádraig:

'B'fhéidir go bhfuil mise ag cur dallamullóg orm féin. B'fhéidir nach bhfeicim ach na daoine atá istigh anseo, na daoine atá briste brúite ag an saol, ach feicim Íosa Críost i bhfulaingt na ndaoine sin. ⁸⁸

Ní ligtear d'fhorbairt teacht air de thoradh na bolscaireachta. Tugtar suntas dó sin nuair a ionsaíonn sé polasaithe na hEaglaise, a chuireann cosc le gníomhachtaíocht na sagart sa pholaitíocht:

'Bhris an t-easpag mé, ar ordú na Róimhe, ar ndóigh, an lá ar toghadh mé. Thug mé suas mo shuíochán ansin, agus sheas mé sa bhfóthoghchán arís ar ais, ag súil leis go seasfadh na daoine liom le 'spáint don easpag gur mé a bhí uaidh na daoine mar Theachta Dála agus nár cheart dhó mé a chur ar fionraí. Nach beag an chiall a bhí agam. Sin é an t-am ar tháinig na péisteannar fad amach as an adhmad — Ridirí Cholombáin... Opus Dei... Gluaiseacht na Tíre Caitlicí. ⁸⁹

Tugtar seans dúinn aithne a chur air in ainneoin na bolscaireachta. Taispeántar go gcreideann Stan i soiscéal an Tiarna, rud nach bhfuil fíor maidir lena chomhleacaithe:

*'Is dóigh gurb é an bhua is mó atá againn — th'éis chomh suarach is atáimid — ná go n-éillonn muid grá... gur féidir grá a thaispeáint... grá a thabhairt dúinn... go gcorraíonn muid grá i gcroí Dé féin... nach bhfuil sé in ann breathnú orainn gan ghrá.'*⁹⁰

Tagann an bholscaireacht isteach arís sa mhéid a deir sé faoi na geallúintí. Tá sé ina n-aghaidh. Locht é an bholscaireacht a théann i bhfeidhm chomh mór sin air. (AD lch. 83).

Mary Guiney

Feictear fo-charachtar eile sa leabhar — Mary Guiney. Ní luaitear í ach uair amháin agus níl sí, domhain. Tá sí lochtach i gcomhthéacs an úrscéil — Níl sí sochreidte. Ba é Tom Connor an raidiceach in SLB agus bhí sise ina aghaidh. Ach tá an roth casta anseo le híse ag obair dó. Tá dul amú ar an údar anseo i dtaca leis an gcómhairea mh. Ba sheanbhean í in SLB ach tá sí ag obair go fóill cúig bhliana fichead ina dhiaidh. Lúb ar lár é seo a léiríonn an gá atá le heagarthóireacht.

Conclúidí

Nochtar na príomhcharachtair le hionracas in AD. Gabhann lochtanna leo, ámh. Cé go seasann Pádraig mar phríomhcharachtar an leabhair, scriosann an bholscaireacht a fhorbairt. Teipeann orainn aithne a chur air dá bharr. Feidhmíonn Seosamh agus Muiréad mar scáileanna nach ndéanann tada ach ligean do Phádraig a bholscaireacht a chur chun cinn.

Baineann lochtanna leis na fo-phearsna freisin. Níl cuid dóibh sochreidte, claonadh a théann i gcoinne na teoirice coinbhinseanta. Milleann an bholscaireacht a bhforbairt freisin.

Tá carachtar AD lochtach de dhásc na lochtanna a chuireann as dá lámhseáil.

CAIBIDIL 5

Mná i nGrá Struchtúr, Plota agus Carachtracht

Déanfar anailís ar Struchtúr agus ar phlota an úrscéil MnG (1) ins an gcéad chuid den chaibidil agus scrúdófar an charachtracht ins an dara cuid.

Struchtúr

Níl an leabhar roinnte ina naonaid faoi leith. D'fhéadfadh sé sin cur as don léitheoir. Déanfar iarracht thíos a léamh ar an úrscéal a roinnt de réir na míreanna atá le feiceáil ann.

	Igh	Radharc	Carachtair
1	1	Seomra an Údaráis	Therese agus an Bord
2	4	Teach Therese	Bridie, Caomhan
3	7	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
4	15	Teach Therese	Bridie
5	21	Teach Therese	Bridie, Therese
6	23	John i Londain	John
7	26	Teach Therese	Bridie, Suasán, Caomhan agus Terese
8	29	An Teach Ósta	Bridie, Therese, Peadar Ó hAllúráin
9	33	Teach Therese	Bridie, Therese
10	39	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
11	43	An Turas Domhnaigh	Bridie, Therese, Caomhan agus an bheirt fhear.
12	46	Teach Therese agus An Turas	Bridie, Therese, Caomhan agus an bheirt fhear
13	52	John i Londain	John
14	58	Oifig an Údaráis	Therese, Lucht an údaráis
15	61	Teach Therese	Bridie, Caomhan
16	62	Oifig an Údaráis	Therese
17	62	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
18	64	Gaillimh	Peadar, Bridie, Therese
19	65	Turas	Therese, Bridie
20	66	Teach Therese	Bridie, Caomhan agus Therese

	Igh	Radharc	Carachtair
21	72	Teach na muintire	Athair Bhríde, Máthair Bhríde, Bríde, Caomhan, Johnny, Susan
22	81	Oifig an Údaráis	Therese
23	83	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
24	85	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
25	89	John ar a bhealach	John, an tseanbhean
26	99	Teach Therese	Bridie, Therese, Caomhan
27	104	Teach Therese	Therese, Bríde, Caomhan
28	108	An teach ósta	Therese, Bríde, Caomhan, John
29	110	Teach Therese	John, Bríde, Caomhan, Therese
30	114	Teach Ósta	Therese, Bríde, John, Bríde
31	118	Teach Therese	Therese, Bríde
32	119	Bás athair Bhríde	Bridie, Máthair Bhríde, Susan, Johnny agus John
33	125	Teach Therese	Bridie, Caomhan, John
34	130	Teach Therese	Bridie, Caomhan Therese
35	132	Teach Therese	Bridie, Therese, An Sairsint, Caomhan
36	140	Teach John	John, Mathair John
37	151	Teach ósta	John, Therese, Seáinín, Pháidín
38	158	Teach Therese	Therese, Bríde, Caomhan
39	161	Teach Therese	Therese, Bríde, Caomhan
40	171	Bord an Údaráis	Therese, Lucht an Bhoird
41	178	Teach Therese	Therese, Caomhan
42	188	Oifig an Údaráis	Therese, An tAire
43	190	An Cluiche	An fhoireann pheile
44	193	An teach ósta	Bridie, Caomhan, Therese, John
45	195	Teach Therese	Bridie, John
46	197	Teach Therese	Bridie, John

Achoimre ar an sceál

Tosnaíonn an tÚrscéal le Therese, príomhfheidhmeannach an Údaráis. Bean chumasach í a oibríonn go diograiseach ar son na Gaeltachta. Tá cailín aimsire aici, Bridie a d'fhill ó Shasana tar éis dá fear í a bhascadh. Fásann cumann eatarthu mar tá Therese i gcoinne na bhfear toisc go raibh a hathair ag plé léi nuair a bhí sí óg. Filleann John, fear Bhrídie ó Shasana agus tugtar le fios go bhfuil sé ag staonadh ón alcól, d'fhonn Bridie a mhealladh ar ais chuige. Tugann sé cuairt ar Bhrídie agus ar a mhac ach teipeann orthu teacht le chéile. Tosnaíonn sé ag ól arís agus bíonn sé ar nos cuma liom. Socraíonn sé chun a leanbh a fháil ar ais agus éigníonn sé a bhean i ndeireadh na dála.

Bíonn easaontas idir Therese agus lucht an Údaráis de bharr an leispiachais ach faigheann sí an bua nuair a bhagraíonn sí díobháil a dhéanamh dóibh. Nuair a thagann sí ar Bhrídie i ndiaidh an éignithe tugann sí lán tacaíochta di. Seasann an bheirt bhan mar shiombail den dúshaothrú a dhéantar ar mhná.

Críochnaíonn an sceál le glaoch ón sairsint ag cur in iúl go bhfuarathas corp John ar an trá.

Anailís ar an bplota

Tosnófar le bunú na gearachtar. Buailtear le Therese, príomhfheidhmeannach an Údaráis. Bíonn sí an-tábhachtach níos moille. Taobhaíonn sí le Bridie san aighneas lena fear céile. Tugtar leid nach dtaitníonn a nósanna le daoine áirithe sa mhaorlathas. Cruthaítear an suíomh dona himeachtaí a bheas ag tarlú níos moille:

Bhí fhios aici gur Thatch a thug chuile dhuine in oifig an údaráis uirthi. Ní raibh sé soiléir an mar gheall ar an gceanntuá de ghruaig ghear fionn a tugadh an leasainm sin di, nó mar bhídís á gcur i gcosúlacht le Margaret Thatcher iar-phríomhaire na Breataine, nó meascán den dhá fháth. ²

Leanann an plota ag forbairt nuair a thagann Bridie isteach sa sceál. Tugtar le fios go bhfuil leanbh aici, Caomhan. Nochtar cuid de 'bheatha cheilte' na mná gan an ghnáthbholscaireacht. Sampla maith é de réiteach an tsuímh:

Ba é Caomhan an rud is fearr a tharla riamh di, cé go raibh an ghráin aici air agus é ina broinn. Nach iomaí tríoblóide a tharraing sé uirthi sular tháinig sé ar an saol ar chor ar bith, pósadh, bualadh bataráil, éigniú cearta pósta a thug sé air. ³

Tá forbairt tar éis teacht ar stíl an Standúnaigh. Tugann sé níos mó eolais ná mar a tharlaíonn in SLB nó AD. Leanann an claonadh seo ar aghaidh sa chuntas ar dhearcadh Bhríde i leith an phoist. Tugtar léargas úsáideach dúinn ar a pearsantacht:

Smaoinigh sí go raibh an t-ádh uirthi nuair a d'fhreagair sí an fógra sin a chonaic sí ar an gCuradh Chonnachtach i Londain. Theastaigh uaithi bheith i bhfad ón áit sula ligft John amach as an bpríosún. Dhá bhliain a fuair sé as an mbatteráil a thug sé di an oíche a baisteadh an páiste. ⁴

Feictear é freisin nuair a dhearbhaíonn sí go bhfuil brón uirthi. Miníonn sí an méid atá fulaingthe aici de bharr an linbh. Tá an tÚrscéalaí sásta níos mó eolais a thabhairt dúinn faoin mbeirt, rud atá maith de réir na teoirice liteartha:

Nífinn níos minicí iad, ach bíonn oiread sin deifir ort. Bheadh dodh chroí ormsa dá n-éireoinn chomh scioptha ón mbord. Is iomaí oíche a mbíonn orm freisin fáil réidh le cruinniú. ⁵

Tá an claonadh céanna le sonrú sa chúntas ar phósadh Bhríde. Luaitear na fáthanna ba chúis lena scaradh. Léirítear an t-eolas ar bhealach dhíreach, rud a chuireann le gluaiseacht na hinsinte:

Fuair siad a gcuid páipéirí óna sagairt sula ndeachaigh siad go Londain agus phós siad i gCricklewood cúpla mí ina dhiadh sin. Páirtí a bhí mar bhainis acu. Oíche an phósta agus é ólta mháigh John go raibh, mar a chuir sé féin é 'beirt eile curtha suas an phole' aige. ⁶

Tagann an plota ar ais chuig Bríde arís. Díritear an bhéim curthí agus í ag déanamh na n-ullmhúcháin don oíche. Cleas maith é seo in ionad scéalta nach gcuireann leis an bplota a bheag ná a mhór:

Bhí sé chomh fada sin ó bhí Bríde amuigh le haghaidh na hoíche gur chaith sí an lá ag cuimhneamh ar cén saghas éadaí a chaithfeadh sí, céard a dhéanamh lena cuid gruaige. ⁷

Tá céim eile le feiceáil nuair a ghlacann John páirt in imeachtaí an scéil. Forbairt thábhachtach í seo — gabhfaidh suntas leis níos moille.

Nochtar cuid dá phearsantacht. Cuirtear in iúl gur scaoileadh saor ón bpríosún é agus go bhfuathas post dó i gCamden Town. Socraíonn sé chun filleadh abhaile agus a chlann a mhealladh ar ais chuige:

Bhí fhios aige gur buachaill beag a bhí ag Bridie. Bheadh sé ag siúl faoin am seo, tosaithe ag caint nach mbeadh sé go deas dada a chloisteáil. Cibé céard faoi cónaí in éindí leis is dóigh go dtabharfadh sí cead dó é a fheiceáil, tamall a chaitheamh leis. Chaithfeadh sí. Sin é an dlí. 8

Déanann sé cinneadh chun airgead a sheoladh chuig Bridie. Beidh an t-airgead freagrach as imní Bhrídie faoina cinniúint. Cé nach bhfuil ann ach fo-eachtra, gabhann tábhacht leis nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an gcuid eile den phlota.

Déantar iniúchadh ar thréithe na mban le linn dóibh a bheith sa teach tabhairne. Taispeántar cuid de 'bheatha cheilte' Bhrídie. Buaileann sí le Peadar Ó hAllúráin. Sampla maith é den chaoi ina bhfuil a saintréithe á gcur i láthair:

Bhain sé craitheadh asam nuair a chonaic mé í ag teacht aníos Sráid Uí Chonaill idir bheirt ghardaí. Agus dúirt tusa go raibh sí cosúil le Íosa Chríost idir bheirt ghadaí. Bhí mé sna tríthí ag gáire. 9

Tugtar le fios go bhfuil Therese cáirdiúil le chuile dhuine. Téann sí chun cainte le gach éinne, ag iarraidh a bheith mór leis an bpobal.

Beidh an t-eolas a luaitear sa mhír seo tábhachtach sa 'Rising Action'. Teipeann ar Bhrídie chun dul amach le Peadar rud a spreagann na ráflaí ar ball. Nochtar an mhistéir a bhaineann le Peadar i rith an úrscéil.

Éiríonn an plota leamh i ndiaidh an chuntais. Sampla eile é le ghnáth locht an Standúnaigh an claonadh chun na bolscaireachta. Tá sí seo le sonrú in admháil Therese go raibh a hathair ag plé léi:

Chúig bliana go raibh mé trí déag. Cuireadh ar scoil chónaí ansin mé. níor casadh duine ar bith orm gur thaithin scoil mar sin ró-mhór leo, ach b'é an lá is fearr i mo shaol ar cuireadh mise ar scoil. 10

Déantar forbairt ar an ngné seo sa bhéim a leagtar ar fhuath na mban dos na fir.

Tugtar an seanbhealach cumadóireachta isteach i bhfoirm na scríbhneoireachta dogmaí. Pléitear an cheist go macánta, ach tá rian na seanmhóireachta le sonrú ar an insint.

Cuireann sé seo deireadh leis an dea-obair atá déanta ó thaobh fhorbairt an phlota de. Spreagann an claonadh seo ceisteanna tábhachtacha maidir le healafon an úrscéil. An cóir go ndéanfaí pointí áirithe tríd an Ealaíon? nó an chóir go ndéanfaí iad tríd na Meáin Chumarsáide? Ní bhaineann na ceisteanna seo le haidhmeanna an tráchtais. Cloífead le hanailís i bhfianaise na teoirice liteartha:

Tá an ghráin agat ar na fir mar sin? Ní thaithníonn duine ar bith acu leat? Chuir Bridie a lámh os cionn a gloine. Ní bheidh go raibh maith agat. Tá mo dhotháin agam. Ach ghéill sí nuair a chuimhnigh sí gur theastaigh cluas le h-éisteacht ó Therese. ¹¹

Ullmhaítear an suíomh don leispiachas. Déantar comparáid idir an leatrom a rinneadh ar mhná agus cairdeas na beirte. D'ainneoin go mbíonn déistín ar Bhríde, ní tharlaíonn a leithéid níos moille. Céim thabachtach í dá thoradh:

Dhúisigh mé i do leaba aréir, do lámh timpeall orm. Labhair Bridie trína fiacra lena guth a choinneáil ó bhriseadh. B'fhéidir nach dtaitíonn fir liom ar chúinse áirithe, ach ní duine acu sin mé, bíodh fhios agat... ¹²

Leanann an insint ar aghaidh. Feictear Therese ar an trá le Caomhan. Mír lárnach í seo — déantar iarracht cuid dá 'beatha cheilte' a nochtadh. Sampla é d'easpa ccothromaíochta an úrscéil. ní chuireann bolscaireacht isteach ar an insint.

Tá sé seo iorónta, áfach. Déanann an tÚdar é d'aon ghnó chun cur lena iarrachtaí seachliteartha. Teastaíonn sé uaidh tabhairt faoi dhúshaothrú na mban, contrárthacht í seo. D'ainneoin gur cuspóir neamhliteartha atá i gceist láimhsáiltear uirlís ealaíonta leis an mbeart a chur i gcríoch:

An chéad oíche eile rug sí lámh air agus chuidigh sí leis an rud a rinne sé an oíche roimhe sin a dhéanamh arís, mar gur thaithin an pléisiúr sin léi. Tar éis tamaill lúigh sé isteach sa leaba os a cionn agus thosnaigh sé á mbrú féin suas agus anuas taobh amuigh de na héadaí leapan, agus á pógadh. ¹³

Briseann an bolscaireacht amach arís, ámh, i gcamhchuaire na beirte ar an Domhnach. Tagraítear do nósanna na sagart maidir leis an ngnéas, — luaitear an t-aighneas sa tSraith Shalach. Ní bhaineann an t-aighneas le plota an úrscéil ar chor ar bith. Níl ann ach eachtra neamhriachtanach, claonadh a théann i gcoinne na teoirice liteartha (Féach lch. 35 thuas):

Nuair chuir Therese ceist orthu faoi aighneas a bhí san áit deich

mbliaina roimhe faoi Aifreann lán Ghaeilge agus an mhuinteoir sa scoil náisiúnta dúirt duine acu go raibh sé sin ar fad san aimsear a caitheadh agus go raibh dearmad déanta anois air. D'imigh siad chomh luath is a bhí na piontaí ólta acu. 14

Leanann an gníomh ar aghaidh le tagairt don bheirt mar chlann. Briseann scéalta nach bhfuil gá leo isteach ar an insint arís. Teipeann ar an údar deireadh a chur le nithe nach mbaineann le healaíon an úrscéil:

Ní raibh fhios agam, a dúirt sé, céard iad na cojones go dtí go ndeachaigh mé féin agus í féin go dtí an Spáinn an tseachtain céanna. Bhí cojones ar an mbiachlár, nó ar an menu mar a thugann muid féin air. 15

Tagann forbairt ar an bplota diaidh ar ndiaidh mar a thaispeánann an cur síos ar uaigneas John. Tugtar cuntas ar a chuid oibre agus ar a chinneadh chun staonadh ón alcól. Éiríonn leis a bheart a chur i gcríoch. Déantar codarsnacht idir a shean nósanna agus a iompar nua.

Tugtar le fios, ámh, go mbeidh sé sa bhaile um Nollaig. Forbairt thábhachtach í seo:

Lúigh sé siar ar an leaba ag caitheamh toitín deireanach an lae. In ainneoin an uaignis bhí sé sásta leis féin. D'fhan sé ón ól. Chreid sé gurb in cúis a thrioblóide ar fad. Lá amháin ag an am a dúirt sé leis féin. B'fhéidir le Dia go n-éireoidh liom é a dhéanamh, mo bhean agus gasúir a fháil ar ais. 16

Baineann éifeacht leis an mír ina dhiaidh seo. Nochtar dearcadh Therese ar Theilifís na Gaeltachta. Bíonn an tionscnamh seo freagrach as an aighneas níos moille. Cé go mbeidh an leispiachas ina ábhar cainte, bainfear feidhm as an tionscnamh chun troid ina coinne. Sampla é den mhistéir a luaitear de réir a chéile. Tá Bolscaireacht measctha san insint, bolscaireacht a bhriseann amach nuair a labhraíonn sí le lucht an Údaráis:

Teilifís ceart Gaeltachta is mó a bhí ag déanamh tinnis di. Cheap sí gur slánú na Gaeilge a bheadh ann. Bhí sí den tuairim gur ghlac lucht na Gaeilge le leathbhúilín ag deireadh na n-ochtóidí nuair ghlac siad le dhá uair a chloig Gaeilge tráthnóna. De réir a chéile maolaíodh sin le dátheangachas. Ní fhaca sí go raibh mórán maith i bheith ag brath ar R.T.É. nó ar lucht an Rialtais. Bhí ómós béil don aisling ach ní raibh toil ná tuiscint ann. 17

Milltear é arís nuair a éiríonn an bholscaireacht níos measa. Tagraítear don 'leathrom a rinneadh ar

dhaoine a raibh spéis acu i ndul chun cinn na tíre. Briseann an bolscaireacht isteach ar an insint, áfach, rud a fhágann an plota liobarsnach.

Cuirfidh mé mo mhuintir i muintir na Gaeltacht a dúirt si léi féin. Cuireadh cor coise in Éirinn ariamh i duine ar bith araibh ag éirí go maith leis nó léi. Cén fáth go ndéanfaí eisceacht ina cás féin. ¹⁸

Tá an taobh dearfach de le sonrú freisin i suaitheadh intinne Bhríde. Sampla maith é de chaighdeán atá gann i saothar an Standúnaigh. Bheadh an saothar níos fearr lena thuilleadh samplaí de:

Ach bhí Peadar níos cosúla le dearthair, dáirtre, nó le duine de na Cailíní. Dá gcloisfeadh sé mé. Ach nár fhás siad suas in éindí? ¹⁹

Nochtar cuid de 'bheatha cheilte' Therese ina dhiaidh seo. Tá MnG níos fearr ar an mbealach seo ná na húrscéalta eile. Cé go bhfuil bolscaireacht ann, ní chuireann si bac iomlán ar ár n-eolas faoi na carachtair. Níl an tÚrscéal foirfe, ach tá forbairt tar éis teacht ar an Standúnach mar scríbhneoir.

Faightear leid eile den leispiachas i ndiaidh na míre seo. Déantar í ar bhealach Chliste. Glaonn Peadar ar Bhríde ag tabhairt cuiridh di. Ach diúltaíonn sí dó. Buaileann sí leis an tSeachtain ina dhiaidh sin nuair a tugtar leid eile den leispiachas. Cé nach bhfuil ann ach magadh de réir dealraimh, tá sé tábhachtach nuair a chuirfear i gcomparáid é leis an Rising Action:

Is fearr leat isí ná mise a dúirt sé i chogar ina cluas nach gcloisfeadh Thatch. Tráthúil go maith, arsa Bridie, tháinig mo dheirfiúr beag aniar tráthnóna agus tá si ag fanacht na hoíche. ²⁰

Cuireann scéal eile san ghá isteach ar ghluaiseacht na hinsinte. Sampla eile é de ghnáthchlaonadh an Standúnaigh.

Sroicheann bunú na gcarachtar pointe tábhachtach nuair a fhaigheann Bridie an airgead ó John. Cuireann sé seo eagla uirthi. Tá an tÚrscéalaí ag ullmhú do chomhnáscadh an dá phlota.

Déanann sé é sin sa Rising Action. Glacann Bridie le comhairle Therese faoin airgead agus luaitear a heagla faoin Cré na Cille tchomh maith:

Má thagann sé ar ais chun na tíre seo, is féidir ordú cúirte a fháil len é a choinneáil uait. Má leagann sé méar ort ina dhiadh sin tá sé i Muinseo. Sea agus mise i gCré na Cille. ní mórán muinine a chuirfinnse sa dlí.

Tá an iomarca cloisteagam ar raidió agus ar theilifís faoi na cásanna seo. Ar thaobh na bhfear amháin atá an dlí. ²¹

Buaileann an léitheoir le muintir Bhríde. Taispeántar coimeádachas an athar agus tuiscint na máthar. Déantar cur síos ar an gcoimhlint idir an dá dhearcadh. Ceapann a hathair gur cóir di géilleadh do John ach sula mbíonn sé críochnaithe, briseann a bhean chéile isteach air. Tá an suíomh beagnach cruthaithe anois do na himeachtaí a bheas ag tarlú ag an deireadh:

Tá a chuid ama curtha isteach aige, a fíochta íochta, ceacht foghlamtha aige. Caithfear seans a thabhairt dó. Bíonn trioblóidí mar sin i chuile theaghlach. ²²

Tá an Bholscaireacht le feiceáil i gcaint na máthar. Ní féidir é seo a lochtú. Ach níl sé easca é a mheas. Sampla é den chaoi ina bhfuil an plota éadraom:

D'iompaigh sí i dtreo Bhríde. Tá fhios agam athaireacha agus máthaireacha a bhris cos scuaibe ar dhroim a hinne nuair a fógraíodh ón altóir iad mar go raibh siad ag iompar agus ní raibh siad pósta. Cén saghas chreidimh ná Críostaíocht a bhí ansin? An sagart ag dul timpeall lena mhaide dhroighin ag cur scaipe ar fhir agus ar mhná óga. ²³

Tá an méid céanna le tabhairt faoi deara in óráid Therese le lucht an Údaráis. Cé go bhfuil buanna áirithe ag an bplota, níl sé gan rian na bolscaireachta. Feictear é sa ráiteas ar Theilifís na Gaeltachta. Níl sé chomh dona sin, ach gabhann locht leis ag an am céanna:

Ní thuigim cén fáth a bhfuil daoine áirithe ina haghaidh seo. Tugaim foláireamh do cibé duine nó dream atá ag iarraidh an togra seo a scrios, éirigh as, éirigh as an eagraíocht chomh maith. Níl do leithéid ag teastáil. ²⁴

Tá sé deacair feidhm na míre ina bhfuil na mná ag troid a mheas. Cé nach maireann an choimhlint a feadh i bhfad — eachtra shuntasach í, mar ní théann Bridie amach le fear tar éis na hargóinte. Ní fheictear iasmuigh de chomhlúadar Therese don chuid is mó. Beidh sé seo tábhachtach níos moille leis an leispiachas mar chúis leis na fadhbanna a chuirfidh as dóibh.

Tosnaíonn an gníomh ag éirí sa Rising Action i ndiaidh na n-imeachtaí a pléadh thuas. Cuirtear in iúl go bhfuil John ar a bhealach go hÉirinn. Tá an plota níos casta anois le heachtraí John á gceangal

le scéal Bhrídie. Feictear a dhiongbháilteacht chun aithrí a dhéanamh:

Tarlaíonn na rudaí sin. Uisce faoin droichid atá sa rud sin ar fad anois. Tá an t-ól tugtha suas agam agus táim sásta lá maith oibre a chur isteach. B'fhéidir go mbeidh sí sin ag iarraidh dul ina bealach féin. ²⁵

Tosnaíonn an gníomh ag éirí ina dhiaidh seo. Feictear na carachtair i dteannta a chéile. Cloistear glór an teileafóin. Tá an dá scéal á shnaidhmiú le chéile. Mír thábhachtach í mar glacann John páirt ghníomhach in imeachtaí an scéil as seo go dtí an deireadh. (MnG lch. 101)

Tá an cuntas faoin oíche éifeachtach. Briseann an lespiachas amach arís. Cuid lárnach den phlota é seo — mar ní théann Bridie i gcoinne na mná eile. Cé gur luadh an lespiachas ag tús an leabhair, ní for cuireadh mórán béime air. D'ainneoin go mbíonn áiféala ar Bhrídie an mhaidin ina dhiaidh, ní chuireann sé sin cosc le forbairt an chumainn:

Nuair a phog Therese Bridie ar an mbéal bhí sí ag súil le leidche san éadan. Fuair sí póg ar ais. Sheas siad ansin, leiceann le leiceann, a lámha timpeall ar a chéile, gan rud ar bith a rá ag cheachtar acu. Ar deireadh bhris Therese amach as an mbarróg, chuir sí an scathlán ar aghaidh an tine, mhúch sí na soilse a bhí lasta timpeall an tí, agus lean sí Bridie isteach chuig a leaba. ²⁶

Briseann an Bholscaireacht amach sa chonspóid ar imeachtaí na hoíche — Níl sé seo ró-olc — Ach sampla é de locht, ar an bplota. Tá dul chun cinn le feiceáil ag pointí áirithe. Ligtear don chonspóid fás rud nach dtarlaíonn sna húrscéalta eile:

'B'fhéidir gurb ea, ach ní dóigh liom é. Ní cheapaim go gcuirfeadh Dia in aghaidh beagáinín sásaimh a bheith ag daoine, cibé céard déaras an Eaglais. Ach ní hin é. Is rud i bhfad níos doimhne, rud a airim i mo chroí agus m'anam, níl sé nádúrtha domsa, tá fhios agam sin.'
'Ní hé an chaoi a bhreathnaíom air, gur ag sásamh mianta nádúrtha ghnéasaigh a bhíomar. Níl mé ag rá nach raibh sé sin ann, ach i mo chroí istigh tá fhios agam gur ag iarraidh mo ghrá duit a chur in iúl a bhí mé. ²⁷

Tá an cuntas faoin teach tabhairne an-tábhachtach. Buaileann Bridie le John anseo. Bíonn eagla uirthi an t-am go léir faoina cinniúint ach níl an insint leadránach. Sampla maith é d'úirlís an chomhtharlaithe (The Device of Coincidence) Téann an bheirt bhan chuig an teach ósta go sona sásta, ach bíonn John san áit cheanna. Trua é nach mbaintear a thuilleadh úsáide as gléasanna den

tsórt seo in ionad an claonadh chun leadráin:

Bhí rud éicint ag caint leis... Peadar Ó hAllúrain, ach ní raibh Peadar chomh hard. 'Níor chaill tú ariamh é.' a dúirt sé agus daithin sí ar an bpointe é, John.

'Nach é atá go hálainn.' a dúirt sé faoi Chaomhan. 'Cá'id a n mbeidh mé in ann é a fheiceáil ceart?'

'Má thagann tú ag an teach amárach idir a thrí agus a chúig.'

'Is beag a cheap mé go gcaithfinn coinne a dhéanamh le mo bhean féin. 28

Leanann an plota ag forbairt mar a léiríonn cuairt John ar a chlann. Eachtra éifeachtach í — sroicheann an plota céim eile leis an bhfear agus a chlann in aon chomhluadar. Leagtar béim ar na mothúcháin — go háirithe ar mhearbhall intinne Bhríde. Feictear idir dhá chomhairle í mar gheall ar an bpósadh:

Níor chuir John brú ar bith uirthi. Níor chaintigh sé ar rudaí pearsanta, nó faoi rud ar bith, ach Caomhan. Dúirt sé go raibh sé ag brath ar fanacht sa mbaile ar fad agus go raibh síil aige go bhfeicfeadh an triúr acu a chéile go minic. Bhí an tráthnóna chomh taitheamhach sin gur chuir sé iontas ar Bhríde Therese a bheith ar ais chomh luath, 'an raibh sé an cúig cheana?' Bhrath sí ag an nóiméad sin iarraidh air fanacht le ha ghaidh an dinnéar, ach bhí rud éigin taobh istigh ag cómhairle di gan fáil ró-mhór leis. 29

Cé go bhfuil caighdeán measartha sa chuntas thuas tagann an bholscaireacht isteach san argóint ar neamhniú ar phósta. Ní dhéanann sé ach cur isteach ar ghluaiseacht an phlota:

'Ní thabharfaí jab mar sin ach don té nach bhfuil tada faoi dhá chois aige. Baol orthu sagart tuiscineach a chur i bhfeighil na hoibre sin. Bheadh sé ag scaoileadh chomh héasca is a bheadh an cuid eile acu dá phósadh. 30

Éiríonn an plota níos casta sna heachtraí a thiteann amach sa teach ósta. Buailéann Bridie le Peadar arís agus cuireann sé ina leith gur lespiach í. Beidh an lespiachas tábhachtach nuair a shroichfear athmheisiúnacht an tsuímh — tabharfaidh sé seans do John cabhair na máthar a fháil chun Bridie a mhealladh chuige. Cé nach n-éiríonn leis san fheachtas sin, cuid thábhachtach den phlota é:

Is mó cosúlacht fir atá uirthi ná bean. Tá sé ráite gur ceann acu sin atá inti. Sin é an fáth an bhfuil sí in aghaidh na bhfear. Is gearr go mbeidh deontas le fáil as. 31

Tá sé deacair feidhm na sochraide a mheas, ach tugann sé léargas dúinn ar mhothúcháin Bhrídie. Tarlaíonn rud amháin le linn na sochraide nuair a sheasann John léi in am an bhróin. Tá sé seo forónta lena namhaid ag tabhairt tacaíochta di. Cé nach maireann an caidreamh i rith an scéil, is sampla é den chaoi ina bhfuil buanna áirithe ag an Standúnach nuair a dhéanann sé an iarracht:

Leagadh lámh ar a gualainn. Bhí John ina sheasamh taobh thiar di, ag seasamh lena bhean agus a mhac in am an bhróin. Ba deas uaidh é. Níor dhúirt sé tada. Bhí a dhóthain ráite. Marach an slua a bhí timpeall d'iompodh sí thart an nóiméad sin. Ghabhfadh sí i bhfolach ina lámha móra traena. An raibh sí ró-chrua air mar gheall ar aimsear a bpósta? An raibh sé atraithe? ceacht fóghlamta aige? Arb é a háit ceart in éindí lena fear agus a pháiste? In áit a bheith ag pleidhctocht le bean eile. ³²

Briseann an t-aighneas amach eatarthu arís le linn na cuairte ar an domhnach. Cinntíonn sé seo fios Bhrídie nach bhfillfidh sí chuige choíche. Treisíonn sé seo an leispiachas, rud atá tábhachtach ó thaobh an phlota de. Réitítear an suíomh don choinbhleacht idir John agus na mná:

'Tá fhios agat cá raibh mé. Bhí mé sa phriosúin mar gheall ar do chuid spiadóireachta.'
'Ní mise a d'inis ort. Tá fhios agat sin go maith. D'fhéadfainn a bheith maraithe agat. Agus céard a rinne tú? Chuaigh tú isteach i do chodladh.'
'Foc é seo mar chraic.' Shiúil John ar aghaidh rompu chomh scioptha is a bhí sé in ann. ³³

Nochtar eolas faoin triúr, Therese, Caomhan agus Bridie. Faightear a thuilleadh eolais faoi phearsantacht Therese. Cuid eile é seo den easpa cothromaíochta a ghabhann leis an úrscéal. Tugtar an t-eolas gan aon rian den bholscaireacht le brath ar an insint (MnG lch. 132)

Baineann suntas leis an nglaoch bagrach. Tá an plota ag druidim i dtreo an an chéid chasta, (The First Turning Point). Méadaíonn an teannas go dtí spuaic an scéil mar a fheictear i bhfocail Bhrídie:

'Ní cúrsaí ghnáithe a tharraingíonn glaoch mar sin, cuirfidh mé geall leat, ach cúrsaí ghrá.'
'John?'
'D'fhéadfadh sé tarlú, dá mbeadh sé sách ólta.'
'Ach níl sé ag ól faoi láthair?'
'Níl. Ní chuirfeadh sé iontas orm é ag caint liomsa mar sin. ³⁴

Sroictear an chéad chasadh nuair a thosnaíonn John ag ól arís. Eachtra éifeachtach í — déanann

John athbhreithniú ar an gcás i ndiaidh an chasta. Socraíonn sé chun a chlann a fháil ar ais ar bhealach amháin nó ar bhealach eile:

B'fhada roimhe sin ó leag sé lámh ar bhean ar bith. Chuimhnigh sé go raibh a lámh taobh istigh de bhrá dhuine acu agus nár chuir sí ina aghaidh sin. Thriail sé zip a cuid jeans a oscailt leis an lámh eile. Níor lig sí leis cé nár stop sí óna cuimilt tríd an bríste. D'imigh na cailíní uathu ansin in aon léim amháin nuair a thosaigh Joe ag casadh 'Jailhouse Rock.' Chaith sé gur chodail sé ina dhiaidh sin sa suíochán deireadh mar deamhan rud eile a chuimhnigh sé air go dtí gur dhúisigh sé ar maidin. ³⁵

Feictear athmheisiúnacht an tsúimh ina dhiaidh seo. Tá imní John faoi thuairim Bhrídie soiléir. Cailleann sé a phost de bharr an iompair. Leanann sé do bheith ag smaoineamh agus ag déanamh breithiúnais ar an gcás. Athraíonn sé a intinn faoin gclann. Eachtra lárnach í mar spreagann sé seo a iarrachtaí chun 'ceacht' a mhúineadh dá bhean ag an deireadh. Maireann an suaitheadh intinne seo go dtí an dara casadh nuair a shocraíonn John feidhm a bhaint as an lámh laidir, más gá:

'An chunt... tá fhios agam céard a theastaíonn uaithi sin. Chroc sé suas an fón. Bhí deireadh leis an phost sin an chaoi ar bith, agus le chuile phost faoi chúram an Údarais, is doigh. Cén fáth an raibh an oiread sin chumhachta tugtha do bhean amháin, nach de bhunú na Gaeltachta ar chor ar bith í? Bhí an chunt sin ag teacht roimhe chúil threo a chasadh sé. Chaithfeadh sé a bhean agus amhic a fháil amach as an teach sin. Bhí drochthionchar ag an mbean sin ar Bhrídie, a cloigeann lán aici le neamhspléachas agus le saoirse na mban. Ní raibh Bridie mar sin mar sin nuair a bhí aithne aige uirthi. ³⁶

Deanann John cinneadh an an leanbh a bhaint di. Seo é an dara casadh den phlota. Cuireann John an scéal faoi na ráflaí in iúl dá mháthair. Cé go mbriseann aighneas amach faoi chlaonta Therese, réitítear na deacrachtaí sin gan dua. Feictear comhnáscadh idir scéal John agus Bridie. Ligeann John air go bhfuil sé ag múineadh ceachta dá bhean ag an deireadh, iompar a bhfuil dlúth bhaint aige leis an mír seo:

'Dá gceapfainn ar feadh soicind go raibh obair ghránna mar sin ar siúl, thiocfainn leat cinnte gur cheart duit do mhac a thógáil amach as an teach sin láithreach.'
'Theastódh aturnae uaith, dlíadóir maith uaim.'
'Má theastaíonn cúnamh ar bith mar sin uait, beidh mise taobh thiar duit. Ach thabharfainn seans do Bhrídie teacht leat i dtosach. B'fhéidir nach bhfuil uaithi dáiríre ach deis imeachta ón mBean sin. Nó d'fheadfadh sé nach bhfuil sa chaint ar fad ach ráflaí. ³⁷

Tosaíonn an gníomh ag isliú i ndiaidh an chasta, rud a thiteann amach sa Falling Action.

Feictear John sa teach tabhairne ag caint le Seáinín Pháidín. Leanann sé leis an ól. Teip mhorálta é seo — Éiríonn a iompar níos measa nuair a fhilleann sé chuig a dhrochnósanna. Bíonn sé ar meisce níos moille nuair a éiríonn sé a bhean. Tá dhá imeacht eile sa mhír a bhfuil baint acu leis an insint:

1. An t-aighneas idir John agus Therese faoin nglaoch.

2. An argóint idir é agus Bridie. Bagraíonn Bridie nach bhfeicfidh sé Caomhan arís má leanann sé lena iompar. Pointe lárnach den phlota é seo. Tugann sé cur síos úsáideach ar an troid agus é ar siúl. Easaontas a bhfuil baint aige le himeachtaí deireanacha an phlota:

'An raibh tú ag glaoch aréir? an chéad rud a dúirt Bridie leis nuair a ghlaoigh sé.

'Is tú an darna duine a chuir an cheist sin orm. Caithfidh sé gur aisteach an glaoch a bhí ann.'

'Tá na gardaí ag fiosrú an scéil,' a dúirt sí.

'Glaoch brocach, nó cén sort ghlaoch a bhí ann?'

'Is cuma faoi anois..'

'Má bhéarfaidh mise ar an gcunt..'

'Ar chéard?'

'Caint nár chéart dom a úsáid os comhair mná. 38

Cé go gcuireann bolscaireacht isteach ar an aighneas, éiríonn an insint níos fearr le heolas faoi 'bheatha cheilte' Therese. Faightear a tuairimí os ár gcomhar, cé nach mbéifí ag súil lena leithéid sa (Falling Action), sampla maith é d'easpa cothromaíochta an phlota:

Níl aon dhrochchroí agamsa do máthair, nó do mo mháthair mar ní dearna sí rud ar bith faoin mhéid a bhí ag tárlú. Níl mé iarraidh go dtitfidh mallacht orthu ná tada mar sin. Má théann sé go dtí sin tá súil agam go mairfidh siad go deo. Bhainfeadh siad cheachtar acu an iomarca ar fad asam. Bhí mé ag cuimhne orthu le linn socraide t'athair. Cén chuma a bheadh ormsa dá mba gur m'athair a bhí ag dul síos i chré na cille? Réabadh chroí. 39

Titeann an caighdeán arís le cuntas ar thréimhse Therese i Londain. Gabhlán neamhriachtanach é a fhágann an reacaireacht lochtach. Éiríonn sé níos measa fós, ámh, sa bholscaireacht ar chleachtaí na mban rialta:

Bhí an-bhéim sa teagasc chríostaí ar an dlí nádúrtha. Dúradh linn go mion agus go minic gur lean dlí na hEaglaise an dlí nádúrtha.

'Cé rinne an dlí nádúrtha sin ach iad féin? Tógadh mise mar Chaitliceach chomh maith céanna leat.

'Meas tú céard a dhéanann na mnárialta iad féin nuair a bhíonn... chrom Bridie a cloigeann, mar a bheadh comh cheilg ar siúl, nuair a

bhíonn dáir orthu...

'Nach bhfuil méaracha acu chomh maith leis an chéad duine eile.'

"Tá tú chomh brocach." 40

Leanann an gníomh ag isliú sa chuntas faoi aighneas Therese leis an Údarás. Tá contrárthacht anseo ó thaobh an phlota de. Cheapfá ar an gcéad amharc gur mír thábhachtach í seo. Ach léiríonn eachtraí ar ball nach bhfuil ann ach bolscaireacht thréan le hionsaí gear ar stádas, mórálta na tíre. Tá sé seo le sonrú i gcaint mhasla Cl. Therese:

*Tairneáilfidh mé bhur n-intinn brocacha caolaigeantactha don chrois.
Ní ar mo shon féin amháin a dhéanfas mé é ach ar aon mná uilig na hÉireann.*

An cailín a fuair bás sa grotto agus í ag tabhairt paiste ar an saol, an bhean thíos i Chiarraí ar dearnadh fíosrucháin poiblí faoina páiste, an bhean a dibríodh as an post, múinteoireachta mar go raibh sí ina cónaí le fear pósta agus mar go raibh a pháiste aici. 41

Feictear an bheirt ag plé na ceiste eatarthu féin. Níl ann ach eachtra neamhriachtanach i dtéarmaíocht Forster — mar réitítear an fhadhb nuair a labhraíonn an tAire le Therese:

Ní hí an tír seo amháin i a chuireann suim sna rudaí sinn. Cé méid de pholaiteoirí Shasana agus Meiriceá ar b'éigean dóibh éirí as de bharr cúrsaí craicinn.

Is fíor dhuit.

Ní hí an tírín seo amháin mar sin. 42

Cuirtear cosc tobann leis an eachtra nuair a labhraíonn Therese leis an Aire. Sampla é seo den (Falling Action) — tá an tÚrscéal ag druidim i dtreo an deiridh. Déantar é ar bhealach leadránach leis an iliomad tagairtí don bolscaireacht:

Ráflaí. Ná habair go dtugann tú aird ar ráflaí. Nach bhfuil an oiread ráflaí thart i mo leith fhéin... Marach go bhfuil bean fhoighdeach agam, nach dtugann aird ná súntas ar a leithéid bheadh an pósadh s'againne imithe as a chéile fadó... 43

Leanann an gníomh ag isliú sa chuntas ar an gcluiche peile. Buaileann na carachtair le chéile sa teach ósta tar éis an spóirt. Socraíonn sí imeacht nuair a fheiceann sí John ag ól. Cinneadh tábhachtach é seo — le cinnteacht Bhríde gan bhaint a bheith aici leis a thuilleadh (MnG lch. 194).

Tá ísliú an ghnímh le tabhairt faoi deara sa mhir ina n-éignítear Bhríde. Tá cuid mhaith den úrscéal

bunaithe ar fhadhbanna na beirte. Sroichtear Spuaic na faidhbe nuair a éigníonn John a bhean chéile. Cuirtear d'iachall uirthi géilleadh dó ar mhaithe le Caomhan. Críoch chinnte é ar an gcumann eatarthu, cé nach dea-thoradh atá ann:

Bhí an iomarca faitíos uirthi mar gheall ar Chaomhan go háirithe le cur ina aghaidh. Lúigh sí siar ar nós an chorpáin, na deora ina sruth óna súile nuair a bhí sé á bhrú féin idir a cosa ghortaigh sé í mar go raibh sí tirim. Ach ba bheag an ghortú sin i gcomparáid leis an ngortú intinne a bhain lena héigniú. ⁴⁴

Athraíonn an suíomh tar éis na heachtra seo. Bheifeá ag súil lena thuilleadh eolais ar na himpleachtaí a bhaineann leis an mbanéigean. A mhalairt a thiteann amach de réir dealraimh. Críochnaíonn an tÚrscéal le glaoch an tsairsint ag cur in iúl gur thángthas ar chorp John. Sampla é seo den chasadh a luann Forster ⁴⁵. Níl sé chomh dona sin lasmuigh den chríoch thobann:

Coinnigh do lámha timpeall orm ar feadh na hoíche a dúirt sí. Guth an tsairsint a bhí ar an bhfón nuair a dhúisigh an cligearnach Therese ar maidin. Bhí droch scéala aige do Bhríde. Fritheadh corp a fhear chéile ar an gcladach ó dheas ar maidin. Fear a bhí amuigh ag tóraíocht raic. ⁴⁶

Conclúidí

Taispeánann plota MnG go bhfuil feabhas ag teacht ar an Standúnach mar scríobhaí. Ligtear d'fhorbairt teacht ar na míreanna rud nach dtiteann amach sna húrscéalta eile. Cuirtear isteach ar an gcothromaíocht amanta, le heachtraí neamhriachtanacha nach mbaineann leis an scéal.

Cé nach bhfuil an bholscaireacht chomh dona sin sa chéad chuid den leabhar, briseann sí isteach ar ghluaiseacht na hinsinte ins an dara cuid.

D'ainneoin dul chun cinn an Standúnaigh mar údar, níl an leabhar gan locht de bharr na gconstaicí a chuireann as dó.

An Charachtracht

Déanfar anailís ar charachtracht an úrscéil ins an gcuid seo den chaibidil.

Bainfear feidhm as carachtair mhaola ins an leabhar mar a tharlaíonn sna húrscéalta eile.

Déanfar mionscrúdú ar na carachtair. Déanfar anailís ar úsáid na bpríomhcharachtar in **A** agus scrúdófar na fó-charachtair in **B**.

A Príomhcharachtair:

Therese

Feidhmíonn Therese mar dhuine de na príomhcharachtair. Príomhfheidhmeannach an Údaráis í. Tugtar le fios go bhfuil obair éachtach déanta aici ar son na Gaeltachta. Carachtar dhá thaobhach í a bhí sí. Dhá ghné dlúthcheangailte léi, an ról póiblí agus an saol príobháideach.

Tá ómós ag muintir na háite di, ach tá roinnt go géar ina coinne, mar is léir óna dearcadh ag tús an leabhair:

Chruthaigh sí i Sasana i gcúrsaí gnó, agus ó tháinig sí ar ais do Chonamara mar phríomhfheidhmeannach an Údaráis, chruthaigh sí arís gur duine éifeachtach fadbhreathnaíodh a bhí inti... 47

Tá an meascán le tabhairt faoi deara nuair a théann sí isteach sa teach tábhairne. Téann sí ó dhuine go duine mar taithníonn atmasféar an chraic agus an cheoil léi:

Thosaigh sí ag dul thart ó dhuine go duine. Beach a chuir sí i gcuimhne do Bhrídíe í ag dul ó bhláth go bláth, ach go raibh rudaí bun os cionn sa chás seo. 48

Déantar iniúchadh ar an ngné seo dá carachtar sa mhéid a deirtear faoina dúthracht i leith na hoibre. Duine cairdiúil í nuair a bhíonn am saor aici. Ní contrárthacht í seo ach deighilt idir a saol gairmiúil agus a beatha phríobháideach:

Tá mé ar nós chuile dhuine. Teastaíonn baile agus comhlúadar uaimse chomh maith le duine ar bith. Níl mé in ann sin a bheith agam, faraoir le aon fear. 49

Feictear na tréithe seo freisin le linn an pháirtí in Oifig an Údaráis. Cé go bhfuil greann le sonrú ina horáid, is cumasc den mhagadh agus den dáiríreacht atá ann, rud a fheictear sa rabhadh a thugann sí

do naimhde na Gaeilge. Níl drogall uirthi labhairt amach nuair a fheiceann sí gá lena léithéid:

D'iompaigh sí ón ngreann ar aitheasc spridiúil faoi thír agus faoi fhear agus faoi chultúir. Is mó arís an bualadh bos a fuair sí ón chaint sin no as an craic a bhí ar siúl aici roimhe. Ghlac sí buíochas lena lucht éisteachta agus lean sí uirthi :

'B'fhéidir nach seo an t-am nó an áit leis na rudaí seo a rá, ach ní bheidh sibh ar fad le chéile ós mo chomhair arís do cheann tamaill maith. Tá fhios agaibh go bhfuil iarracht láidir ar bun ag an eagraíocht seo le teilifís ceart Ghaeilge agus Gaeltachta a chur ar fáil. Tá duine nó daoine san eagraíocht nó ar an mBord ag scaoileadh ruin leis na meáinchumarsáide. 50

Tarraingáítear aird an léitheora ar an ngné seo arís nuair a bhíonn sí san óstán i rith na Nollag. D'aineoin go gcuireann fadhbanna pearsanta as di cloíonn sí lena hiompar agus téann sí ann. Sáraíonn sí an chúthaileacht nuair a shroicheann sí an láthair. Sampla é seo dá tréithe mar dhuine í mbéal an phobail:

Daithin Bridie nach raibh Therese chomh haerach, spraoiúil an tráthnóna sin is a bhí sí beagnach i gcónaí, ach tháinig athrú uirthi nuair a shiúil sí isteach sa teach ósta. Bhí sí i lár na ndaoine arís, féileachán chun an tsolais, fáilte roimpi, lámha timpeall uirthi, caint agus magadh. 'Dheanadh sí an-pholaitéir' a cheap Bridie, ag brathnú uirthi, 'ach nach bhfeadfá a rá gur polaitéir i cheana. Tháinig sí ar ais le deoch di féin agus do Chaomnan, agus d'imigh sí arís ar a camchuairt timpeall an tigh ósta, ag caint le chuile dhuine. 51

Cé go dtugtar cuntas ar an bpearsa póiblí faightear eola s faoin duine príobháideach freisin. Tugtar léargas úsáideach dúinn ar a 'beatha cheilte'. Forbairt nua í seo í saothar an Standúnaigh nach bhfeictear mórán di sna húrscéalta eile. Scrúdófar an saol rúnda thíos

Bean í a dtaitníonn compord léi. Tá sí goilliúnach freisin in ainneoin na fearúlachta. Tá sé seo le feiceáil óna dearcadh i leith Bhrídie. Ní bhíonn sí dian uirthi d'ainneoin a stadas sa saol. (MnG lch. 7)

Nochtar tréithe eile maidir léi. Deirtear nach n-éiríonn sí ró-cháirdiúil leis na fir. Gabhann íoróin leis seo, mar ní ligeann sí lena rún féin le linn di a bheith ag caint ar fhadhbanna Bhrídie. Léirítear an dá thaobh dá charachtar nuair a thugann sí cuireadh do Bhrídie chun dul amach ag ól, Sampla é den chaoi ina bhfuil an cumann eatarthu ag dul i méad:

'B'fhéidir gur m'ath leat dul amach le deoch in éindí liom anocht, a Bhríde.'

'Ní fhéadfaidh mé.. an páiste.' 52

Taispeántar cuid eile den mhistéir a bhaineann léi nuair a fhilleann sí ón óstán. Faightear an céad chomhartha gur lespiach í. Ní cruthú cinnte é ach tá rian de ann má chuirtear i gcomhthéacs na fianaise eile é. (féach lch. 116 thíos)

Feictear sampla eile i rith na heachtra a pléadh thuas nuair a dhúisíonn Bridie i leaba na mná eile. Cuireann sé sin as di. D'ainneoin go séanann Therese cuisíú Bhríde, ní tharlaíonn a leithéid níos déanaí nuair a éiríonn siad an mhór lena chéile. Leagtar leideanna ós ár gcomhair diaidh ar ndiaidh. Tagann forbairt ar Therese ar bhealach a léiríonn é sin:

Thosnaigh Therese ag gáire. Chraith sí le gáire. Chaith sí i féin siar ar a droim ar an leaba á gáire. Léim Caomhan isteach uirthi sa leaba. Is gearr go raibh Bridie ag gáire tríd a cuid déora, í ag iarraidh dáiríreacht a choinneáil ina guth ag an am céanna..

'Céard a thug isteach i do leaba mé, mar sin?' 53

Faightear amach cad is cúis lena meon i leith na bhfear nuair a nochtar a thuilleadh eolais dúinn faoin 'mbeatha cheilte'. Cuirtear in iúl gur éigníodh í i rith a hóige, eachtra a d'fhág a rian uirthi. Sampla maith é de dhoimhneacht charachtair atá gann i saothar an Standúnaigh:

Bhí a máthair san ospidéal ag breith linbh an chead uair a thosaigh sé. Bhí sí suite ar a ghlúin ag éisteacht le scéal. Ansin thug sé isteach ina seomra codlata i agus nuair a leag sé isteach sa leaba i thosnaigh sé ag cuimilt a cosa agus ansin idr dá cois uirthi. Déirigh sé de phreab agus rith sé amach as a seomra agus isteach sa seomra folctha. 54

Briseann an bholscaireacht amach, áfach, sa chur síos ar Theilifís na Gaeltachta. Ní chuirtear bac ar a forbairt anseo ach éiríonn sé níos measa de réir a chéile.

Tugtar pictiúr maith di san eolas faoina teacht chuig an nGaeltacht, léargas maith é ar a pearsantacht:

"Bhí sé ar a hintinn aici ón lá ar fhág sí Éireann gur ar an nGaeltacht a bhfillfeadh sí dá mbeadh sí le teacht ar ais nuair a fograíodh post an phríomhfheidhmeannaigh ar an Irish Post is beag a cheap sí go mbeadh seans ar bith aici. 55

Tá gné eile dá flaithiúlacht le feiceail nuair a thugann sí bronntanas airgid do Chaomhan. Léiríonn an eachtra go bhfuil an teagmháil idir í agus Bridie ag treisiú:

'Níl aon duine ag iarraidh ort glacadh leis. Nach do Chaomhan thug mé é. Idir mé féin agus é féin atá sé.'
'Táim, Táimid fíorbhuíoch duit. Caomhan, Tabhair póg do Therese. Abair ta ta... Ní thuigeann sé é.' 56

Déantar cur síos ar an leispiachas freisin i rith na Nollag. Forbairt thábhachtach í seo — úsáidfean an claonadh chun bolscaireacht a scaipeadh ar ball. Níl sí chomh dona sin anseo, ámh, mar tagann forbairt uirthi:

Nuair a phóg Therese Bridie ar an mbéal bhí sí ag súil le leidche san éadan. Fuair sí póg ar ais. Sheas siad ansin, leiceann le leiceann, a lámha timpeall ar a chéile, gan rud ar bith a rá ag ceachtar acu 57

Briseann sé amach freisin i ndiaidh ghechraid atha r Bhrídie. Cur síos íoronta é seo le bean phósta atá scartha ag éirí cairdiúil le leispiach.

Tarraingítear aird an léitheo ra ar fhadhbanna Therese sa chonspóid ar mhaithiúnas na bpeacach, tugann sé seo léargas dúinn ar a fadhbanna. Grinneas é ar a coimpléasc isleachta freisin.

Tá an fheidhm bholscaireachta le tabhairt faoi deara san ionsaí, a dhéanann sí ar theagasc na hEaglaise. Sampla í de ghnáthlaige an Standúnaigh.

Faightear é freisin san fhogha a dhéantar ar Therese de bharr an leispiachais.

Sampla é seo den rud a luann E. M. Forster agus an grá faoi chaibidil aige:

I believe that these are the reflections of the novelist's own state of mind while he composes, and that the predominance of love in novels is partly because of this. 58

Feictear é seo ina caint le lucht an Údaráis. Chonaiceamar feidhm Tom Connor i gcaibidil a trí, claonadh atá níos measa i gcás AD. Cé nach bhfuil an laige sin chomh forleathan in MnG, tá rian de ann go háirithe ó leathanach céad ar aghaidh:

'Feicim go bhfuil triall curtha orm agus mé damnaithe agaibh cheana,' a dúirt Therese, damnaithe agaibh le linn séasúir beannaithe na Nollag. Damnaithe ag bhúr ráflaí. Bhfuil fhios agaibh gur thug mise suas post maith i Lonain le filleadh ar an jab seo. Tháinig mé ar ais mar go raibh

mo chroí sa nGhaeilge agus sa Ghaeltacht. ní raibh mé ach ag bun an dréimire thall, ach níl dabht ar bith agam ach go mbeadh comhlucht de mo chuid féin agam faoin ama seo. 59

Leantar leis an mbolscaireacht i ndiaidh na heachtra thuas nuair a phléann Therese an cheist le Bridie, ach cuirtear deireadh tobann leis nuair a fhaigheann sí tacaíocht ón Aire. Ní ghlacann sí mórán páirte sa leabhar tar éis na bolscaireachta mar tá an chuid eile tógtha suas le heachtraí John agus Bhrídie (MnG lgh. 188-189)

Briseann an charthanacht amach arís nuair a thagann sí ar Bhrídie agus í éignithe. Déanann sí a dicheall dí agus feictear le chéile iad i ndeireadh na dála (MnG lch. 197)

Bridie

Bean phósta í Bridie ar batralaíodh í i Londa. Tá cuid dá carachtar bunaithe ar a heagla roimh John. Tá sé seo measctha leis an leispiachas a thagann chun cinn le linn an úrscéil. Tá sí sáinnithe i gcruachás idir a fuath dá fear agus a grá do Therese.

Ní fheictear an leispiachas ag tús an scéil. Léirítear í mar chailín aimsire nach bhfuil drogall uirthi togha na hoibre a dhéanamh. Feictear a haiféala toisc nár chríochnaigh sí a cúrsa oideachais:

'Tá boladh bréan ort, a Chaomhain.' Chuir sí a méaracha ar á thaobh a srón agus thosaigh seisean ag gáire. 'Caithfear Caomhan a athrú roimh am dinnéar nó bheith boladh aisteach ann. Boladh níos measa ná mar atá ar an goulash atá réitithe agam. Chuir sé a chloigeann ar a gualainn, ag ligean air go raibh sé ina chodladh. 'Beidh cuddle beag againn i dtosach mar sin.' Chuir Caomhan a ordóg ian bhéal, agus leiceann le leiceann thosaigh é ag diúil as a mhéar. Ba é a domhan uilig é. Céard a dhéanadh sí dá uireasa? Dá dtarlódh rud ar bith de go deo ní mhairfeadh sí uair a chloig ina dhiaidh. 60

Taispeántar a himní faoina cinniúnt nuair a labhraíonn sí le Therese faoin bhfear céile. Tá cumha uirthi ina dhiaidh. Sampla é seo dá thionchar uirthi. Eolas úsáideach é ar a pearsantacht freisin:

Bhí Bridie ag cuimhneamh ar John, ag déanamh iontais cén uair a bheadh sé amach as an próstúin. Bliain go leith a dúirt duine éigin léi, da gcoinneodh sé na rí-lacha. Choinneadh sé, freisin. níorbh é an cinéal duine a theadh ag troid agus ag achrann in áit mar sin. 61

Tá doimhneacht dlúthcheangailte léi mar charachtar. Ligtear d'fhorbairt teacht uirthi mar a fheictear san eolas faoina 'beatha cheilte':

B'shin é an chéad uair le fada ar lig Bridie eachtraí na hoíche sin agus an bhliain dár gcion isteach ina cuimhne. Bhí faitíos uirthi anois féin ligean leis an sruth smaointe sin leanacht ar aghaidh, ach bhí sé deacair cosc a chur leo. Bhí fhios aici nach gcodladh sí go dtí go raibh an ríl sin rite amach go deireadh. Ní chuideodh an caife ach oiread ó thaobh codlata de, ach ba chuma léi. Chodladh sí lá arna mharach nuair bheadh a shuan tráthnóna ag Caomhan. D'éirigh sí agus réitigh sí cupán eile caife. ⁶²

Bíonn sí idir dhá chomhairle faoi John. Suaitheadh coinsiasa gan bholscaireacht é seo nach bhfeictear go minic sna húrscéalta seo. Sampla é den easpa cothromaíochta a ghabhann leis an úrscéal:

Shiúil sí Londain an uair sin. Ní raibh John gortach le hairgead agus chuaigh sí ar fud na cathrach ar an traein faoi thalamh. ⁶³

Bíonn sí cáirdiúil leis na fir rud a tharlaíonn ina comhrá le Peadar Ó hAlluráin. Ní bhíonn sí graosta ach fanann sí chun cainte lena sean chara:

Ní raibh Bridie i bhfad ina seasamh léi féin nuair a cuireadh lámh timpeall uirthi, agus bhí pog fligthe ar an leiceann aici sula bhfaca sí i gceart é, Peadar Ó hAlluráin a bhí sa rang céanna léi i scoil an phobail. ⁶⁴

Cosnaíonn sí í féin nuair a fheiceann sí éagóir á déanamh uirthi. Cé go bhfuil sí fostaithe ag an mbean eile, taispeánann sí a neamhspléachas. Sampla é den dhoimhneacht smaointe a bhaineann léi:

Ghabhfadh sí siar chuig a hathair agus a máthar go dtí go bhfaigheadh sí Jab eile. D'fhágfadh sí Caomhan acu go dtí go raibh post ceart nó, áit dá cuid féin aici. ⁶⁵

Ní chomhlíonann sí a bagairt ach déanann sí macnamh ar ábhar sula gcuireann sí a beart i gcríoch. Tá sé seo le sonrú ina socrú chun dul amach le Peadar, iompar a théann i gcoinne na mná eile.

Tugtar suntas dá meon nuair a labhraíonn sí lena hathair faoi John. Ní leasc léi a cearta a cosaint, ach déanann sí é ar bhealach neamhchonspóideach ionas nach ngortfaí é:

Dá mbeadh tusa, a Dheaid tríd an méid a ndeachaigh mise tríd leis an bhfear sin ní labhrófá leis go deo. Ní thuigeann daoine a raibh an saol go bog acu féin na rudaí seo.' ⁶⁶

Bíonn sí searbh amanta. Cuirtear a leithéid in iúl san easaontas idir í agus Therese faoi na fir. Níl sí cúthaileach, rud a léiríonn a neamhspléachas:

'Gheobhaidh mé an caife daoibh mar sin, ach shíl mé gur chríochanaigh mo chuid dualgaisí ag méanoíche, ar a dheireannaí.' ⁶⁷

Tá sé seo le feiceáil fosta le linn na Nollag. Ligeann sí do Therese dul a luí léi. Ach ní shfleann sí gur iompar ceart é.

Taispeántar an doimhneacht i rith shocraid a hatha r. Tugtar grinneas faobhrach ar a pearsantacht sa chuntas seo le béim leagtha ar an mbrón agus ar an lagar spride.

Feictear an claonadh céanna ina dearcadh i leith John. Ceapann sí go bhfuil sí ag titim i ngrá leis arís, léargas é seo ar a suaitheadh coinsiasa:

Roimh dheiridh na seachtaine bhí sí ag tnúth leis an trí a chlog tráthnóna Dé Domhnaigh, nuair a thioctadh John arís. Níor thaithnigh sé léi ligean uirthi go raibh sé sin fíor. Ní fhéadfadh sí é a rá le Therese, ach bhí faitíos uirthi go raibh sí ag titim i ngrá leis arís. Cinnte bhí níos mó eatarthu ná mar a lig sí uirthi féin le fada.' ⁶⁸

Níl sé ar a cumas gan bacadh le John. Tá sé seo le mothú sa léasadh teanga a thugann sí dó de thoradh an alcóil (MnG lch. 156)

Gabhann lochtanna le Bridie, ámh, in ainneoin a buanna mar charachtar. Nochtar é seo sa chaoi ina gcuireann sí le bolscaireacht Therese. Tá an fheidhm sin an soiléir san argóint faoi na mná rialta:

*Ag caint ar na mná rialta, meas tú cén chaoi an mbíonn sé i Clochar má bhíonn pereod acu ar fad in éindí?
Mála easóig is dóigh. Ní bheadh sé sin ró-dhona, bheadh sé curtha díobh ar fad in éineacht...
An dtugann tú faoi deara ag an obair go gcuireann an PMT sin as do chúrsaí oibre?* ⁶⁹

Déantar iniúchadh air seo sa raic a fheictear faoi chlaonta Therese. Cuireann sí le bolscaireacht an

charachtair agus ní phléitear aon taobh eile dá pearsantacht (MnG lgh.185-188)

Déanann Bridie íobairt di féin chun Caomhan a chosaint. Cuireann sí a dinít féin faoi chois ar son an mhic. Comhartha í seo dá máthaireachas. (MnG lch. 196)

Cuireann sí a muinín i Therese i ndeireadh na dála. Tá an roth casta anseo leis an mbean phósta faoi anáil an lespiachais anois:

Bhí sí fós ina lúf ar an leaba ag caoineadh, a cosa scartha nuair a tháinig Therese ar ais. An chéad rud a rinne sise ná bheith ar an bhfón le glaoch ar na gardaí, ach ní ligfeadh Bridie léi. ⁷⁰

John

Níl ról John inchurtha leis na mná, ach tá páirt thábhachtach aige san úrscéal. Siombail é de dhuáilcí na bhfear. Tá a mhí-iompar i gcodarsnacht le saoirse agus neamhspléachas na mban, ach carachtar traigéideach é ag an am céanna. Déanann sé a dhícheall an ceacht a fhoghlaim ach teipeann air in ainneoin na n-iarrachtaí.

Feictear na claonta seo nuair a bhuailtear leis sa leabhar. Tá a aiféala le mothú toisc gur chaith sé chomh dona sin le Bridie. Socraíonn sé staonadh ón alcól agus a chlann a fháil ar ais. Déanann sé féin anailís air féin agus taispeánann sé go bhfuil plean athnuachain aige:

An lá ar fhág John an príosún bhí a intinn socair aige nach bhfeicfeadh an taobh istigh d'áit mar sin arís. D'fhanfadh sé glan ar an ól. Bhí an ceart ag Bridie cé nár thug sé aon aird uirthi ag an am. ⁷¹

Dírítear aird an léitheora ar na tréithe seo nuair a bhuailtear leis í lár na cathrach. Smaoiníonn sé ar a chlann agus ligeann sé air go dtabharfaidh sé aire dóibh. Tá sé ag iarraidh é féin a chur ar bhóthar a leasa:

D'ith sé pizza i mbialann mór milteach, shílfeá go raibh sé chomh mór le páirc peile, é lán go doras tar éis chomh mór leis. D'airigh sé uaigneach i lár na ndaoine sin. ⁷²

Léirítear na saintréithe céanna nuair a fhilleann sé go hÉirinn. Feictear é nuair a dhiúltaíonn sé deoch a thairgíonn a mháthair dó. Cloíonn sé leis an socrú i dtaca leis an alcól:

Ní fear talmhaíochta a bhí ariamh ionam, ach ar ndóigh, d'fhéadfainn

*bheith ag obair agus cúpla beithloch ar an talamh agam.
Tá praghas maith orthu faoi láthair. Tá an-éileamh ar feoil na tíre sin ó
bhris an galar chruib agus béil sin amach sa Ghearmáin. 73*

Feictear casadh, ámh, nuair a bhíonn sé i láthair Bhrídie. Crosaire é seo dáiríre mar téann a iompar in olcas as seo amach. Réitíonn siad a n-argóint ag an bpointe seo, ach briseann sé amach arís níos déanaí san úrscéal:

*'Tabharfaidh mé amach liom féin é níos mó.'
"Má fhaigheann tú céad.'
'Cé stopfas mé? Is mé a athair.'
'Athair maith. Cá raibh tú ó rugadh é?'
'Tá fhios agat cá raibh mé. Bhí mé sa phríosúin mar ar do chuid
spiadóireacht a.' 74*

Leanann an claonadh ar aghaidh nuair a thosnaíonn sé ag ól arís. Déanann sé a dhícheall é a cheilt óna mháthair. Filleann sé ar a dhroch nósanna de réir a chéile. Socraíonn sé chun an páiste a thógáil ó Bhrídie muna bhfilleann sí chuige. Geallann a mháthair tacaíocht dó nuair a chloiseann sí faoin leispiachas:

'Níl deatach gan tine. Tabharfaidh mé seans di cinnte. Ach muna dtagann sí ar ais beidh mé ag ceapadh go bhfuil níos mó sa chaint ná ráflaí. Thuigfinn a cás go dtí seo. Mé féin is ciontach leis i ndáiríre. Bhí uirthi bealach maireachtála a fháil an pháiste a thógáil léi féin. D'éirigh léi, agus fair play di. Ach tá mise ar ais anois.' 75

Tá an roth casta anois mar a fheictear i ndiaidh an chluiche. Ní bhíonn áifeála air nuair a imíonn Brídie ón óstán. A mhalairt atá fíor. Socraíonn sé díoltas a bhaint amach uirthi. (MnG lch. 194)

Tugtar an méid céanna faoi deara i rith an é-ignithe. Bagraíonn sé dochar a dhéanamh do. Chaomhan muna ngéilleann sí dó. Tá a fhonn aithrí imithe agus tá sé chomh dona is a bhí sé ag tús an scéil. Teip mhorálta é freisin ar leibhéal eile a léiríonn gur carachtar tubaisteach é.

Na Fò-charachtair

Scrúdófar na fò-charachtair thíos.

Mathair Bhríde

Níl í máthair Bhríde ach mionphearsa. Duine ciallmhar í nach leasc léi cur isteach ar phraetseálaíocht an fhir chéile nuair a labhraíonn sé ar laethanta a óige. Úsáidtear í chun bolscaireacht a dhéanamh agus chun cur le cás Bhríde. Tugtar a leithéid faoi deara san ionsaí a dhéanann sí ar chleachtaí na hEaglaise san aois seo caite. Seanmhóireacht thréan í seo nach bhfuil gá léi ó thaobh an úrscéil de:

Tá fhios agam ar athaireacha agus máthaireacha a bhris cos scuaibe ar dhroim a hiníne nuair a fograíodh ón altóir iad mar go raibh siad ag iompar agus ní raibh said pósta. Cén saghas chneidim na Críostaíocht a bhí ansin? sagart ag dul thart lena mhaide dhroign ag cur scaipeadh ar fir agus ar mná óga. Tháinig an lá nach raibh mórán acu fanta thart san áit le pósadh. D'fhág siad an tír agus is acu a bhí an ceart. Ní cursaí airgid na oibre a bhí i gceist leath den am. ⁷⁶

Feictear é freisin ina dearcadh i leith na sagart. Ionsaíonn sí iad go fíochmhar, rud a thaispeánann go bhfuil feidhm bholscaireachta ceangailte léi.

Briseann an daonnacht amach inti nuair a fhaigheann a fear céile bás. Ceapann sí gur cóir di tosnú ar shaol na baintrí. Ní ghlacann sí páirt san úrscéal i ndiaidh na n-imeachtaí mar tá a ról mar bholscaire comhlíonta aici.

Athair Bhríde

Carachtar maol é athair Bhríde a sheasann mar shiombail den seansaol, é sáinnithe san am atá imithe agus scartha ó luachanna nua-aimseartha.

Téann a dhearcadh i gcoinne mheoin Bhríde, ach mothaítear a ghrá di ag an am céanna.

Cabhraíonn sé leis an bhfeidhm bholscaireachta, tugann a iompar seans do na carachtair eile an ghnáthsheanmhóireacht a chur chun cinn.

Ní ghabhann tábhacht leis ina dhiaidh seo lasmuigh den chuntas ar a shochaird. Grinneas úsáideach é seo ar mhothúcháin Bhríde.

Susan

Tagann Susan isteach nuair atá gá léi agus imíonn sí arís. Níl sí domhain mar charachtar, feidhmíonn sí mar bhall den slua.

Tá sé seo le sonrú go luath sa leabhar nuair a thagann sí chun aire a thabhairt do Chaomhan. Ní thaispeántar aon tréithe substaintiúla dá cuid féin, rud a fhágann éadrom í:

Thábhairfainn rud ar bith bheith i do chuid bróga inniu ná bheith ag staidéir don Árdteist. Tá sé chomh boring. 77

Feictear freisin nuair a fhaigheann a hathair bás, ach leagtar an bhéim ar Bhríde. Ní thagraítear don chlann lasmuigh den chuntas ar an tsochaird fhéin (MnG lch. 123)

Máthair John

Duine tuisceanach í máthair John a mhaitheann droch iompar an mhic. Taithníonn sé léi go ndéanann sé iarracht é féin a chur ar bhóthair a leasa. (MnG lch. 97)

Cuireann sí a críonnacht in iúl tar éis di an scéal faoin lespiachas a chloisteáil. Geallann sí tacaíocht do John, ach molann sí dó gan an dlí a chur ar Bhríde. Ní nochtar tréithe substaintiúla lasmuigh de seo, rud a léiríonn nach bhfuil inti ach ball den phlód:

Ach tóg go reidh é i dtosach. Abair léi go bhfuil tú ag tosnú ar theaichin beag a thógáil do mhaimo. B'fhéidir le Dia go mbeadh sí sásta teacht leat nuair a bheas mise imithe as an mbealach. 78

Peadar Ó hAllúráin

Níl i bPeadar ach ball den slua. Feictear é seo nuair a labhraíonn sé le Bríde sa teach tabhairne. Ní thugtar mórán eolais dúinn ar a phearsantacht easnamh a fhágann leamh é' (MnG lch. 30)

Déanann sé iarracht bheith cáirdiúil le Bríde mar a léiríonn a chuireadh di chun dul amach le haghaidh béile.

Nuair a theipeann air í a sharú éiríonn sé tarcaisneach sa chaoi go gcuireann sé ina leith gur leispiach í. Cuirtear a dhuáilc í i gcomparáid le suáilcí Bhríde. Móitíf í seo a fheictear i gcás John freisin. Feidhmíonn sé mar shiombail de dhrochthréithe na bhfear.

Tugann a iompar seans do John bualadh le Bridie arís. Cleas cliste é seo ar leibhéal na reacaireachta le húsáid an fhó-charachtair chun cur leis an insint.

Conclúidí

Tá na príomhcharachtair réasúnta. Níl siad gan locht, ámh, de thoradh na bolscaireachta a chuireann isteach orthu amanta. Tagann forbairt orthu, áfach, rud nach dtarlaíonn sna húrscéalta eile.

Tá na fó-charachtair gan doimhneacht. Carachtair dá thaobhacha iad atá leamh de bharr na bolscaireachta a chuireann isteach orthu.

Léiríonn carachtracht MnG go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Standúnach mar scríobhaí. Níl sé gan locht go fóill, ach tá feabhas ag teacht ar an scéal.

CUID III

Téamaí na n-úrscéalta

CAIBIDIL 6

An Sagart sa saothar

Déantar iniúchadh ins an gcaibidil seo ar an sagart in úrscéalta Phádraig Standúil. Tá gá leis seo os rud é go bhfuil SLB bunaithe ar fhadhbanna an tsagairt agus téama é a shonraítear in AD freisin.

Tá trí phríomh ról ag an Sagart de réir na hEaglaise Caitlicí. Idirghabhálaí é idir Dia agus an Pobal ar an gcéad dul síos. Teagascóir morálta é sa dara áit agus feidhmíonn sé mar mhineastára láir na sacraimintí ina theannta sin. Amharcfar ar fheidhm an tsagairt ar an dóigh sin agus déanfar iarracht é a mheas is a mheá.

An Sagart mar Idirghabhálaí

Tá oifig an tsagairt dlúth cheangailte le móid na haontumhachta ins an Eaglais Laidineach, móid is cúis le díospóireacht ghéar anois is arís san Eaglais. Ní hé aidhm an tráchtais seo, ámh, tabhairt faoin aontumhacht go ginearálta ach amháin i gcomhthéacs na n-úrscéalta.

Admhaíonn lucht fhreasúra na móide go bhfuil buanna ag baint leis mar gheallúint thoilteanach. Ní fhaightear an tuiscint seo in SLB; áfach, mar a mhíníonn Louis de Paor:

Leis an seasamh láidir a ghlactar i gcoinne mhóid na haontumha sa leabhar, is léir feidhm bholscaireachta a bheith le cuid mhór den scríbhneoireacht ann. ¹

Scrúdaítear an aontumhacht a ghlacann páirt chomh mor sin sa leabhar thíos.

Déanann Paul M. Conner cur síos ar dhaoine arbh fhéidir leo bheith cairdiúil le chéile in ainneoin na móide ina leabhar Celibate Love. Tráchtann sé ar dhaoine ar nós Teresa d'Avila agus Jerome Gracian, Proinsias de Sales agus Jane de Chantal.

Níorbh ionann cás na ndaoine seo agus gnáthlánúin phósta mar bhí gach duine acu ceangailte leis an Eaglais agus níorbh choill siad a móideanna riamh.

Molann Conner ina ainneoin sin, ámh, gan dul ar thóir cairdeas den chineal seo muna bhfuil sé le fáil ag an duine cheana féin. Ní oireann cumann den chineál seo, dar leis, do dhaoine nach bhfuil fréamhaithe ina gcreidimh daingean féin mar teipfidh orthu a ngeanmnaíocht a choimeád slán:

Any developing friendship between a consecrated man and woman must be fundamentally honest and generous on both sides. A one sided or mutual relationship of utility or pleasure cannot be truly friendship. ²

Cé nach cairdeas den chineál sin atá i gceist maidir le Tom agus Marion, is soiléir go bhfuil cuid de ann, mar níl Tom ar a shuaimhneas. Cuirtear i láthair é mar dhuine a bhfuil tríoblóidí aige leis an údarás ón am ar oirníodh é i leith. Feictear é seo ina agallamh leis an Easpag Caulfield. (SLB lch. 85)

Tugtar cuntas dúinn ar a ghrá do Mharion. Ní nochtar mórán dá phearsantacht lasmuigh dá fheidhm mar bholscaire. Ach is follasach go bhfuil sé i ngrá ag an am céanna. Ní smaoiníonn an bheirt ar éinne lasmuigh dóibh féin agus sin é bun tobar na tríoblóide.

Léiríonn C.S. Lewis go bhfuil ceithre ghné ag baint leis an ngrá — Mothú, Cairdeas, Eros agus Carthanacht.

Ciallaíonn Eros go bhfuil daoine i ngrá dar leis. Tá sainteideal speisialta aige don taobh gnéasúil — 'Venus' mar a thugann sé air. Ceapann sé gur maith an rud é an Eros ach go bhfuil contúirtí áirithe ag baint leis:

Eros honoured without reservation and obeyed unconditionally becomes a demon. ³

Faightear é seo i gcás Tom agus Marion mar teipeann orthu srian a choimeád ar a n-iompar. Feictear féinamhras Tom, ceart go leor ag tús an leabhair, ach ní dhéanann sé mórán ina dhiaidh sin chun cosc a chur leis an gcaidreamh.

Leanann an bheirt ar aghaidh ar nós cuma liom in ainneoin ról Tom mar shagart. Léirítear é mar ghrá riachtanach nó 'need love' i dtéarmaíocht Lewis le rud éigin in easnamh i saol na beirte a choimeádann le chéile iad. Mothaítear é sin ón gcuntas orthu lena saol compordach i gcodarsnacht le beatha aonarach na haontumhachta.

Leanann tríoblóid iad de thoradh an Eros gan chiall mar feicimid Marion agus í cinnte go bhfuil sí torrach ag cur ceiste ar Tom ar a chumas chun obair thuata a dhéanamh (SLB lch. 85)

Léiríonn Lewis go bhfuil fadhb eile ag baint le hEros ins an gcomhthéacs seo:

It seems to sanction all sorts they would not otherwise have dared. 4

Tarlaíonn sé seo i gcás na beirte. Briseann Tom an gnáthnós. Socraíonn sé chun fanacht agus freagracht a ghlacadh as a ghníomhartha. Tá sé deacair a leithéid d'iompar a thuiscint muna gcuirtear an taobh seo san áireamh. Déanann an bheirt socrú chun troid in ainneoin an chruatain a fhlungaíonn siad. Ní chuireann an náire as do Tom agus briseann easaontas amach idir é agus an t-easpag fiú.

Is é a ghrá do Mharion is cúis leis seo, ach feictear easpa aibíochta ag briseadh amach freisin mar tugtar le fios gur oirníodh Tom sa chéad áit i gcoinne chomhairle na cliarscoile. Cuireann sé seo le tuairim Conner go bhfuil fadhbanna ann maidir le gnéas i gcás duine neamhfhásta.

Níorbh duine é Tom a bhí ar a shuaimhneas, rud a chuir as dá fhorbairt ó thaobh na haontumhachta de. Tá sé chomh gafa le Marion go dteipeann air srian a choimeád ar a iompar, rud is cúis lena bhuairt i ndeireadh na dála.

An Sagart mar theagascóir

Déantar scrúdú ar fheidhm an tsagairt mar theagascóir thíos.

Baineann tábhacht leis seo in SLB — leagtar a lán béime ar shuim an tsagairt sa phobal áitiúil, rud a thaispeántar ó thús an leabhair ar aghaidh.

Feictear é ar an gcead dul síos ins an scéal faoi fhadhbanna Mharcais Phaddy le 'Coimisiún na Talún'. Tugtar cur síos ar iarrachtaí Tom chun cabhrú lena phobal mar a léiríonn a iarratas ar an deontas dífhostaíochta (SLB lch. 33)

Cuirtear an sagart i láthair mar dhuine ar féidir leis bheith báúil lena phobal, ar a shuaimhneas ina gcomhluadar. Faightear é seo ina chomhrá le Shamey Fitz. ar shaol na n-imirceach sa Bhreatain. Labhraíonn sé leis ar a leibhéal féin gan rian na maorgachta nó na huaisleachta.

Cuireann drochstádas na háite as do. Feiceann sé go bhful si ag meath agus go mbáinff é muna ndéanfaí rud go práinneach. Ullmhaítear muid don agóidíocht a bheas ann níos déanaí — feachtas a spreagann Tom as ucht a spéise i ndul chun cinn na háite.

Bíonn sé mar cheannaire ar an bpobal in am an ghátair. Glacann sé páirt sna hiarrachtaí chun teacht ar Theresa Phádraig Mhicilín. Taispeántar taobh eile anseo, ámh, a chuireann as dá ról mar ionadaí Chríost sa pharóiste ina chlaonadh chun an tsochaí a scoilteadh. Ní réitíonn sé leis an gcliarlathas sóisialta san áit, go mór mór lena ionadaí Tom Jennings. Cé go gcomhoibríonn siad le chéile le linn na tóra, briseann an t-easaontas seo amach arís níos déanaí. Feidhmíonn Tom mar chabhróir i rith na círéibe, mar is follasach ón gcomhairle a thugann sé do Phádraig gan Teresa a chur san ospidéal — tugann sé tacaíocht dó in am na héigeandála. (SLB lch. 57)

Tá gné eile dá iompar le sonrú ina iarrachtaí cosc a chur leis an troid lasmuigh de theach an tórraimh. Ní thaitníonn easaontas leis agus déanann sé a dhícheall fáil réidh leis. (SLB lch. 75)

Léirítear suim an tsagairt ina chonspóid le Doc Jennings ar chinniúnt an oileáin. Cuireann éiginnteacht as dó mar teastaíonn gníomh de réir a bharúil. Comhartha é seo dá spéis i ndul chun cinn na háite.

Bíonn sé gníomhach ag gríosadh na n-oileánach chun agóid a dhéanamh. Ní ról mar phátrún atá aige ach ról lárnach ag treisiú mian na saoirse iontu.

Tá taobh eile ann maidir le sagart a bheith páirteach i ngníomh den chineál seo. Deir sagairt áirithe⁵ go bhfuil iompar Tom lochtach ins an úrscéal mar tá claonadh aige chun a phobal a scoilteadh. Cé nach ndéantar é seo d'aon ghnó feictear aighneas géar idir é agus an siopadóir áitiúil. Éiríonn le Tom fearg a chur ar dhream amháin lena iompar, rud nach mbaineann lena ról mar 'ionadaí Chríost'. D'fhéadfá a rá gan bheith ró-dhian ar Tom go mba chóir dó seasamh neodrach a ghlacadh ins an bhfeachtas. Deirtear a lán anois faoi dhaoine ar imeall na sochaí. An ceart do shagart cur leis an bhfadhb seo go coinsiasach nó neamhchoinsiasach. Ní dóigh liom go ndéanann Tom a leithéid d'aon ghnó ach caithfear an dá thaobh den scéal a chur i láthair ar son na hoibiachtúlachta.

Ní ghlacann sé an príomh ról i mBaile Átha Cliath. Ligeann sé do bhall dá thoscaireacht labhairt. Sampla é dá iarrachtaí chun a phobal a spreagadh. (SLB lch. 115).

Coimeádann sé a shuim i ndul chun cinn an oileáin go dtí an deireadh. Feictear é i measc an phobail le linn don suirbhéir a bheith ag déanamh a mheastúcháin. Sampla é seo dá ról mar cheannaire an phobail.

Tá stadas an tsagairt mar theagascóir in SLB suimiúil. Scrúdófar anois é i gcomhtheács AD.

Faightear gné de seo maidir le Tom, an t-ardeaspag. Gabhann fóróin leis i gcomhthéacs an leabhair. D'ainneoin gur ceannaire na fáirche é tá a chreideamh cailte aige. Contrárthacht í seo mar dearbhaíonn an Eaglais Chaitliceach go bhfuil an tSagartóireacht comhlíonta in oifig an Easpaig. Déantar pictiúr de mar fhímíneach a mhaireann ar leibhéal an chraicinn. Tugtar le fios gur chaith sé a chreideamh uaidh chun céim níos airde a bhaint amach dó féin sa saol. (AD lch. 49)

Leanann an fóróin ag aghaidh mar a fheictear i gcás Stan Cunnane. Cé gurbh é an chéad sagart a sheas in olltoghchán agus in ainneoin an chruatain atá fulaingthe aige, is é an duine is giorra é don sagart readúil. (Leachtann sé an Chríostaíocht agus feidhmíonn sé mar ionadaí Chríost, ach feictear an fóróin chomh maith ó thaobh an chreidimh de. Is é an t-aon duine den triúr nár chaill a mhuinín i nDia. (AD lgh 75-77)

Ní fheiceann sé aon rud ach grá Chríost dá chomhdhaoine, iompar atá fréamhaithe sa Chríostaíocht.

An Sagart mar mhineastrálaí na sacraimintí

Cé go gcuirtear a lán beime ar ról an tsagairt mar mhineastrálaí na sacraimintí san Eaglais Chaitliceach, ní léirítear mórán den ghné seo i saothar an Standúnaigh. Níl ann ach cúpla tagairt, rud a fhágann an cur síos liobarsnach.

Faightear an chéad leid nuair a bhuailtar le Tom don chéad uair. Cuirtear in iúl go bhfuil deacrachtaí áirithe aige maidir leis an tseanmhóireacht. Athraíonn an t-ábhar cainte, ámh, i ndiaidh na tagairte sin agus leantar le gnáthbholscaireacht ar fhadhbanna na háite (SLB lch. 5)

Níl ach tagairt amháin don sagart i dtaca leis an Aifreann laethúil. Tugtar é seo le fios sa chuntas ar fhadhbanna an oileáin. Léann Tom an tAifreann ach ritheann an t-ábhar cainte ar aghaidh sula dtéann sé níos doimhne sa scéal. (SLB lch. 24)

Déantar pictiúr de Tom mar mhineastóir arís nuair a fhaigheann Bríd Hughie bás. Cuirtear níos mó béime ar na cúinsí sóisialta ná mar a leagtar ar an sagart.

Feidhmíonn Tom mar mhineastóir anseo is ansiúd. Ach ní chuirtear mórán béime ar an tsacraimint féin nó ar ról an tsagairt. Fágтар an t-aiceann ar na himeachtaí a ghabhann leis an ngníomh ina ionad.

Conclúidí

Seasann grá an tsagairt mar chomhartha don duine nár fhás aníos i gceart. Cuireann sé seo in iúl go bhfuil gá le forbairt shíceolaíoch agus fhisiciúil, rud atá in easamh i gcás Tom Connor.

Tá láimhseáil an tsagairt mar cheannaire spéisiúil. Níl na carachtair seanfhaiseanta agus cuirtear i láthair mar dhaoine daonna iad le súailcís agus dúailcís dá gcuid féin. Ach cuireann a n-iompar le himeallachas na sochaí.

Fágann an bhéim a leagtar ar na gnéithe seo ról an tsagairt sna húrscéalta truailithe le hiliomad tagairtí don aontumhacht agus don cheannaireacht ach le heaspa forbairte ar ghné thábhachtach eile — ministréalais na sacraimintí.

CAIBIDIL 7

Ualach na Croise

Déantar iniúchadh ins an gcaibidil seo ar mhóitíf a bhfuil dlúthbhaint aici le saothar an Standúnaigh — ualach na croise.

Feictear í go minic ins an saothar cruthaitheach. D'fhéadfá í a aicmiú mar a leanas.

A.) An Chrois in SLB

B.) An Chrois in AD

C.) An Chrois in MnG.

A.) An Chrois in SLB

1. Teresa & Pádraig Mhicilín

Léirítear Teresa mar chailín lagintinteach a bhfuil crois aici. Cé go bhfuil an fhadhb seo aici, glacann a muintir léi agus déanann siad a ndícheall di.

Grá tábhachtach é seo, grá a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gcrois mar a mhíniann Joseph Fuchs:

That self denying love which translates itself into caring for the terminally ill or the needy or into forgiving ones's enemies will also be cross or experienced as cross in so far as the egotistic tendency of fallen man is still alive. ¹

Tá sé seo le sonrú maidir lena muintir nuair a bhíonn sí ar iarraidh. Feictear gné de thitim an duine nuair a iarann Pádraig comhairle ón sagart i dtaca leis an gcailín. Síleann Pádraig gur cóir í a chur san ospidéal intinne. Cé go gcuireann Tom cosc tobann leis seo, is follasach go bhfuil crois ag Pádraig crois na himní mar gheall ar an infon. (SLB lch. 66)

Taispeánann dearcadh Cháit i leith Phady McEvelly an méid céanna. Tá sí i bhfabhar an ghaoil mar tabharfaidh an lánúin aire do Theresa. Tugann a hiompar léargas ar a haigne atá ciaptha le himní faoi chinniúint na hiníne (SLB lch. 66)

2. Tom Connor (mar shagart)

Baineann crois Tom leis an bhféinfhreagracht. Socraíonn sé chun freagracht a ghlacadh as a ghníomhartha agus fanacht mar shagart ag an am céanna.

^{debatable}
Ní cinneadh morálta é, ámh, mar cuireann cúiseanna seachtracha isteach air. Léiríonn sé seo nach breith fhuarchúiseach í in dáiríre mar a deir Fuchs:

It is not a person's most profound self made decisions but other Manifold aspects of his being whether interior or exterior that to a great extent determine or codetermine his various thoughts and actions. ²

Tá a leithéid fíor i gcás Tom — cuireann imeachtaí eile isteach ar a chinneadh. Déanann a sheasamh mar shagart i measc an phobail é sin. Síleann sé go bhfuil sé de dhualgas air maireachtáil ar nós gnáthpheacach agus freagracht a ghlacadh as a ghníomhartha. (SLB lch. 126)

Cuireann imeachtaí eile isteach ar a iompar, áfach. Ceapann sé go seasfaidh sé le Marion chun troid i gcoinne na haontumhachta. Ní bheadh faoiseamh do na sagairt, dar leis, go dtí go seasfaidís i gcoinne na haontumhachta éigeantaí (SLB lch. 128)

Nil saoirse iomlán aige agus é ag déanamh a chinneadh de thoradh na n-imeachtaí a pléadh thuas. Cuireann an easpa faoisimh seo bac iomlán ar a chumas chun socrú saor ó bhrú a dhéanamh, claonadh atá pléite ag Joseph Fuchs ina leabhar ar an bhfreagracht:

Thus that freedom which allows man to be a personal self is truly his only when it causes him to decide about himself as a whole and not when it allows' him to make individual decisions and enables him to select a particular option. ³

Ní fheictear an tsaoirse seo i gcás Tom. Tá sé faoi bhrú na bolscaireachta agus a dhualgaisi mar fhear póiblí, brú a chuireann constaic ar chinneadh oibiachtúil. Socrú atá riachtanach chun saoirse choinsiasa a bhaint amach mar a léiríonn Fuchs:

It is only through objective decisions and behaviour and not through whimsical acts, that human freedom can legitimately realize itself. ⁴

B.) An Crois in AD

3. Tom Connor (mar easpag)

Tá crois dá chuid féin ag Tom Connor in A.D. Cuirtear i láthair é mar dhuine atá tar éis a chreideamh a thréigint chun céim níos airde a bhaint amach dó féin.

Ligeann sé air gur críostaí é ag feidhmiú mar cheannaire tréadúil gan chreideamh (AD lch. 49)

Síleann Fuchs go bhfuil sé ar chumas an duine nach bhfuil leithleasach a bheith sásta, agus saol morálta á chaitheamh aige:

The man who is selfless and who gives of himself to his neighbour in the presence of his heavenly father will begin to be a genuine human person, that is to live a truly moral life. ⁵

Déanann Tom a mhalairt,áfach, tréigeann sé na luachanna morálta a bhíodh aige. Fághtar é mar chámharlach ó thaobh na moráltachta de. Cé go dteastaíonn sé uaidh, ligtear dó a bheith ciniciúil agus uaigneach. (AD lgh 50-51)

Nochtar crois Tom mar rabhadh don fhimíneach leithleasach. Muna gcuireann an duine a mhuinín in Dia níl ach buairt aigne agus crá chroí i ndán dó.

4. Stan Cunnane

Is folasach go bhfuil crois ag Stan, é gafa in ospidéal intinne. Gabhann lochtanna leis ó thaobh teoiric liteartha de ach léirítear tréithe maidir leis atá dlúthcheangailte leis an gcrois.

D'ainneoin a thrioblóidí ní duine leithleasach é. Féachann sé air féin mar shagart a fheidhmíonn mar 'ghealt i measc ghealt' ag comhlíonadh a dhuailgaisí mar ionadaí Chríost. Glacann sé lena chrois agus déanann sé a dhícheall ar son na n-othar eile. Sampla é seo den duine a dhéanann fobairt ar son a cháirde i dtéarmaíocht Fuchs. (féach thuas) Cleachtann sé an truly human moral life ⁶ a bhfuil ceangail aige le forbairt réadúil an duine dhaonna. (AD lch. 74)

Tá sé le feiceáil freisin óna dhearcadh i leith Pádraig. Déanann sé a dhícheall chun teachtaireacht Chríost a chur in iúl dó. Feiceann sé a dhualgas i leith a chomhdhuine (AD lch. 75)

5. Pádraig

Tá dlúthcheangal idir Pádraig agus móitíf na croise.

Feictear é sna tagairtí a dhéantar don chrois. Nochtar Pádraig mar dhuine a fhulangaíonn cruatan ar a thuras réamhbháis díreach cosúil le hÍosa. Cé nach ionann na turasanna, tá cosúlacht eatarthu —

an fhulaingt agus an t-anró (AD lch. 2) a leanann iad.

Tagraítear don chrois arís le linn do Phádraig a bheith ag caint le hAlison. Cé nach sampla díreach é den mhóitíf, seasann sé mar shiombail den chruatan a d'fhulaing na mná. (AD lch. 69)

Briseann an téama amach arís agus é a bhealach go hÁth Luain. Baintear feidhm as chun léargas a thabhairt ar a shuaitheadh coinsiasa mar gheall ar eiseadh Dé (AD lch. 87)

Tugtar é faoi deara freisin sa chonspóid idir an triúr ar stáisiún na croise. Pléann an triúr na stáisiún go háirithe sa chúntas ar Íosa i lámhanna máthar. Feidhmíonn an mhóitíf mar bholscaireacht, ámh, chun cur le ráitís leadránacha an tseandúine (AD lch. 100)

Faightear é sa chonspóid ar phianta Phádraig in a theannta sin. Deirtear go gcuireann na pianta isteach air ar nós tairní. Tugtar sampla eile de le fios óna chruachás i gCill Choca an oíche roimh a bhás. Déantar comparáid idir anachair an tseanfhir agus fulaingt Íosa i nGetsimine. Sampla sa bhreis é den chlaonadh a fheictear ag tús an leabhair (AD lch. 157)

Feictear é in aistear na gcarachtar go Maigh Nuad. Is follasach é anseo ar dhá bhealach:

(A) Deirtear linn go dtógann sé trí huairé arís an bealach a shiúil, an idir linn chéanna a bhaineann le bás Íosa.

(B) Faigheann Pádraig bás ar Aoine an Chéasta díreach cosúil lenár Slánaitheoir. Ní bhíonn Seosamh nó Muiréad ró-chinnte faoi na cúrsaí sochraide mar a bhí lucht leanúna Íosa. Parailéalachas é seo idir páis Íosa agus bás Phádraig a dhéantar ar bhealach dhíreach.

Tá gné eile den chrois le tabhairt faoi deara i gcás Phádraig sa bhéim a leagtar ar a choinsias.

Tá coimhlint in aigne an fhir idir an t-aindiachas agus a dhúil chun Dia a bhaint amach. Tógann sé í chomh dáiríre sin ná go mbuaileann sé leis an diabhal chun an cheist a phlé. (AD lch. 94.)

Tugtar suntas dó freisin nuair a bhuaileann sé le Dia. Feictear é idir dhá chomhairle faoin gceist ins an agallamh samhailteach mar briseann an féinamhras amach arís i ndiaidh na heachtra. (AD lch. 95)

Seanfhear frithchléireach é Pádraig. Léirítear a shuim sa chreideamh ina ainneoin sin. Seasann a amhras mar choimhlint idir féinaithe agus an Coimhthíos:

The Human person is characterised by a self consciousness which allows him to view himself as a person growing to greater maturity through encounters with other persons. 7

Is é an caidreamh idirpearsanta seo an rud is suntasaí a ghabhann leis. Léirítear é mar agóideoir ar thóir Dé. Déanann sé iarracht é a bhaint amach ina shaol pearsanta. Pléann sé ábhair éagsula leis an mbeirt. Tugann sé cuairt ar a sheancháirde Tom, Stan agus Alison. Teipeann air, áfach, a sprioc a bhaint amach, socraíonn sé chun bás a fháil gan ola gan aithrí. (AD lch. 152)

Tá cinneadh den chineál seo lochtach dar le Fuchs, mar ní cinneadh é a rinneadh gan bhrú seachtarach. Cuireann stádas na tíre agus na hEaglaise isteach air, rudaí a chaitheann constaicí ina threo. Ní cinneadh oibiachtúil é ach whismical act a fhágann lochtach é ó thaobh na moráltachta de (féach lch. 133³ thuas)

6.) Seosamh agus Muiréad

Feictear gné eile de láimhseáil na croise i gcás Sheosaimh agus Mhuiréid.

Tá cosúlacht idir Seosamh agus Síomóin, An Ciréanach. Ní ghlacann Seosamh leis an seandúine ar an gcéad dul síos. Ní dhéanann an seanfhear ach déistín a chur air, ach athraíonn a mheon diaidh ar ndiaidh agus tugann sé lán tacaíocht dó go dtí go bhfaigheann Pádraig bás. Bíonn áifeála air nuair a scarann siad óna chéile (AD lch. 125)

Tá cosúlacht le mothú idir Muiréad agus Veronica ins an úrscéal. Faightear é seo san aire a thugann sí don seanfhear i rith thinneas na hoíche. Tagraítear go díreach don mhoitíf mar a léiríonn focail Sheosaimh.

Fanann an bheirt leis go dtí go bhfaigheann sé bás. Tugann siad cúnaimh dó chun a chrois a iompar. Tá cosúlacht eatarthu agus lucht cabhrach Íosa.

(C) An Chrois in MnG

7. Bridie

Sampla é cruachás Bhríde atá cosúil le Teres^o, Phádraig Mhialín (c.f. lch. 132) mar faigheann sí a crois de thoradh a grá dá mac.

Theith Bridie ó ansmacht an fhir chéile. Caitheann sí a mac a thógáil agus é a chosaint óna athair. Bíonn sí ciaptha de thoradh an dualgais seo. Sampla eile den ghrá i dtéarmaíocht Fuchs a bhfuil baint aige leis an gcrois a nochtar ins an suaitheadh coinsiasa (MnG lch. 20)

Ritheann leis an inní gach uair bheagnach a bhuailimid léi i rith an leabhair, briseann sé amach ag pointí eagsúla. Feictear sampla eile de nuair a fhaigheann a hathair bás. Cé nach é a mac atá i gceist. Sampla é den ghrá doimhin, grá na hiníne dá tuismitheoir — fulangaíonn an cailín as an gcaillteanas.

Tá sé le fáil freisin nuair a éigníonn John í. Cé go gcuireann an eachtra ghránna isteach uirthi déanann sí íobairt di féin ar son an mhic. Fulangaíonn sí ionsaí gránna gnéasúil a mhilleann a dínit phearsanta. (MnG lgh 196-197)

8. Therese

Tá cruachás Therese i gcodarsnacht le crois Stan. Cuirtear in iúl go raibh a hathair ag plé léi agus go bhfuil gráin aici do na fir dá thoradh.

Pléadh tuairim Fuchs ar an gceist seo cheana féin (c.f. lch. 133 ³thuas) Ní tharlaíonn a leithéid i gcás Therese mar fulangaíonn sí de bharr an dearcaidh atá aici i dtaca leis na fir.

Feictear gur lespiach í atá i ngrá le Bridie. Briseann an grá amach eatarthu le linn na Nollag. Cinntíonn an grá, áfach go mbeidh raic ann. Ní bhíonn mórán ann ar dtús ach leideanna gáirsiúla, ach éiríonn sé níos measa de réir a chéile. (MnG lgh 116-117)

Méadaítear an ghéarleanúint tar éis tamaill. Faightear rian de i gCineadh John ar úsáid a bhaint as na

ráflaí lena bheart a chur i gcríoch. Cuireann an Eachtra seo le cinneadh John chun 'ceacht' a mhúineadh don bheirt bhan, rud is cúis le trfobhlóid Bhríde ar deireadh. (MnG lch. 145)

Feictear spuaic na géarleanúna a fhulangáíonn Therese de thoradh a saoil pearsanta, saol nach mbaineann lena ról mar phríomhfheidhmeannach. Crois na hóige is cúis le seo go hindíreach — murach í, ní bheadh sí ins an ngábh seo ar chor ar bith. Déanann sí ionsaí ar nósanna na sochaí i gcoitinne. Gangaid í, ámh, a fáisceadh as taithí na hóige. Gangaid a bhaineann lena crois phearsanta, nach féidir léi glacadh le hionsaithe gnéasúla a hathar.

Éiríonn léi a crois phearsanta a shárú agus grá a bheith aici dá comhleacaí Bríde. Tugann sí lán tacaíocht do Bhríde tar éis an éignithe cúnamh a bhaineann lena grá don bhean, grá a d'fháisc as a gráin dos na fir.

Conclúidí

Tá láimhseáil na croise spéisiúil i saothar an Standúnaigh. Feictear socruíthe neamhfhoirfe i gcás Tom agus Pádraig de thoradh na gcúiseanna seachtracha a chuireann as don bheirt.

Taispeántar an chrois féinstaontha i gcás Bhríde agus Terese a fhulangáíonn anacair as ucht an ghrá.

Tá na contúirtí a bhaineann le heaspa moráltachta le sonrú maidir le Therese agus Tom Connor a sheasann mar rabhadh don fhimíneach leithleasach.

Tugtar parailéalachas le fios idir turas na croise agus eachtraí an triúir in AD

Cuireann an t-iomlán in iúd go bpléitear réimse leathan de Théama na Croise in úrscéalta Phádraig Standúin.

CAIBIDIL 8

An Tráchtairacht Shóisialta

Déanfar anailís ins an gcaibidil seo ar SLB mar fhoinsé den stair shóisialta. Cé nach é príomhaidhm na litríochta í seo is féidir deileáil léi ar leibhéal tánaisteach. Molann Pádraig Ó Fiannachta an leabhar as ucht an bhua sin:

Pléitear go foirmeallach lena lán d'fhadhbanna sóisialta na Gaeltachta anseo is ansiúd tríd an leabhar. ¹

Molann Tadhg Ó Dúshláine an Standúnach as a chumas mar thráchtair fosta:

Tráchtair sóisialta cumasach is ea é. ²

Pléann Micheál Ó Conghaile formhór na mbuanna a bhaineann leis sa chomhthéacs seo in Conamara agus Árainn 1880-1980 Gnéithe den Stair Shóisialta.

Déanfar anailís orthu siúd ina gcomhthéacs liteartha mar aon le samplaí nach bhfuil luaite aige.

1. An Imirce

Pléann Ó Conghaile dhá ghné den imirce. Deir sé gurbh iad scoth na ndaoine a thréig an Ghaeltacht ar son na hoibre. Déanann sé tagairt do chlann Phádraig Mhicilín. Baineann tábhacht leis an imirce i gcomhthéacs na litríochta mar níl fanta ag Pádraig ach beirt dá chlann, Teresa agus Bairbre. Tugtar le fios go bhfuil Teresa lagintinneach. Bíonn a tuismitheoirí buartha faoina cinniúil. Ligeann siad do Bhairbre dul amach le Paddy McEivilly dá bharr ionas go dtabharfaidh an bheirt aire di sa todhchaí. Eachtra éifeachtach í seo a bhfuil baint aici leis an imirce. (SLB lch. 156)

Faightear an claonadh céanna, ceapaim, i gcás Phaddy McEivilly fosta. Cáineann lucht na háite Paddy os rud é nach n-imíonn sé ar thóir na hoibre. Ceapann siad gur leisceoir é a fhanann diomhaoin sa bhaile. Ach cabhraíonn Paddy leis an sagart le fadhbanna an cheantair a réiteach, iompar a bhfuil dlúthbhaint aige le forbairt an phlota thánaistigh. Ní ghlacann Paddy le meath na háite. A mhalairt atá fíor. Socraíonn sé chun maireachtáil ar an oileán, rud a sheasann mar chomhartha dóchais don áit.

Pléann Ó Conghaile claonadh a bhí ann maidir leis an imirce. Taispeánann sé gurbh iad na mná an grúpa ba mho a bhíodh ag imeacht leis na fir fágtha ina mbaitsilírf. Luann sé an chaoi ina gcuireann an easpa póstaí isteach ar shaol na háite. Síleann sé go bhfuil scáthánú le fáil in SLB ar fhadhbanna na Gaeltachta le béim leagtha ar líon na sochraidí agus ar an nganntanas breithe. Leagann an claonadh seo a rian ar na carachtair sa leabhar. Cuireann eachtraí isteach orthu amanta. Sampla maith é Mick Macen den bhaitisilírf, dar liom. Cuireann a stádas as dó i rith an leabhair. Téann sé chuig Tom Connor ag lorg cabhrach ach teipeann ar a mhisneach. Cé go bhfaigheann sé faoiseamh sealadach, cuireann sé lámh ina bhás féin i ndeireadh na dála. Gabhann gné eile lena ról sa leabhar, ámh, seasann sé mar shiombail den chaoi ina bhfuil an áit ag meath de réir a chéile.

2. Riachtanais clainne

Tráchtann Ó Conghaile ar an tábhacht a bhaineann le leanaí i stair na Gaeltachta. Deir sé go mbraitheann tábhacht an fhir ar a stádas pósta. Luaitear SLB mar leabhar ina bhfuil béim ar an easpa breithe ann. Cuireann an ghéarchéim seo isteach ar na carachtair mar a fheictear in iompar Jack Phaddy tar éis bhreith an pháiste mhairbh. Téann sé ar an ól i ndiaidh na sochraide. Déanann sé féin agus Tom Connor díospóireacht ar fhadhbanna na háite. Tugann sé seo seans do Tom an scéal faoi Mharion a insint dó sula gcuirtear é os comhair an tsaoil. Baineann tábhacht leis seo mar is é an chéad uair a scaiptear an scéal go hoscailte, rud atá éifeachtach i gcomhthéacs an phlota.

Feictear dom gur sampla eile é an óráid a thugann Jack Phaddy ar stádas na háite. Déantar é seo ina chaint le Tom Connor. Leagtar béim ar an easpa póstaí agus ar an nganntanas leanaí sa cheantar. Tugann sé seo léargas ar mhothúcháin na gcarachtair ar an gceist. Mothúcháin is cuis le haighneas níos déanaí. Tá sé seo lárnach sa phlota tánaisteach.

Feictear é freisin i dtuairim Tom i leith na scoile. Cuirtear in iúl go bhfuil líon na bpáistí ag laghdú go mór. Sampla soiléir den chaoi ina gcuireann an easpa leanaí as do Tom. Grinneas úsáideach é ar aigne an phríomhcharachtair.

Tugtar sampla eile de le fios sa chonspóid idir Tom Connor agus Doc Jennings ar an nganntanas póstaí agus ar an easpa breithe.

Is é an dearcadh seo is cúis le cinneadh Tom, tá dlúthbhaint aige leis an bhfo-phlota dá thoradh (SLB lgh. 95-96)

Tá sé le sonrú freisin maidir le Mary Jack. Bíonn sí ar bís ar eagla nach mbeidh sí in ann páiste eile a bheith aici. Gabhann íoróin leis seo mar níl aon bhean torrach anois ach bean an tsagairt amháin. Pointe tábhachtach den phlota é seo. Déantar codarsnacht idir toircheas na gcléireach agus meath na háite ina dhiaidh seo.

3. An Deontas dífhostaíochta

Tagraíonn Ó Conghaile do SLB ina chuntas ar an deontas dífhostaíochta. Deir sé go mbíodh daoine ag sceitheadh ar a gcomharsain amanta. Tarlaíonn sé seo in SLB nuair a sceitheann Patchenn John ar Jack Phaddy. Tugann an eachtra seans do Jack a thuairimí faoin deontas a mhíniú. Drochchlaonadh é seo ó thaobh na litríochta de, áfach, mar níl ann ach briseadh i ngluaiseacht na hinsinte.

Níor mhiste gné eile a chur leis an gceann a luann Ó Conghaile thuas. Titeann sé seo amach nuair a ionsaíonn Paddy an deontas, i rith chuairt an tsuirbhéara. Laige í seo i gcomhthéacs na litríochta mar tugann sé seans do Phaddy tabhairt amach faoi fhadhbanna na háite. Droch nós é le feidhm bholscaireachta ceangailte leis. Ach réitítear fadhb na ndeontas. Tá an tarfú seo ceangailte leis an bhfo-phlota.

4. Cinniúint Dé

Déanann Ó Conghaile plé an an gclaonadh atá acu glacadh le mí-ádh mar 'thoil Dé'. Luann sé SLB ins an iniúchadh seo maidir le Cáit Phádraig a ghlacfaidh leis an gcruatan is cuma cé chomh dona is a bheas sé. Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs na litríochta mar is soirbhíoch¹ in ainneoin an chruatain. Ní ligeann sí don éadóchas a saol a mhilleadh. Eascraíonn carthanacht agus leathan — aigeantacht as a hanró. Ligeann na buanna seo do Phaddy agus Bairbre bheith i dteannta a chéile. Imíonn an t-éadóchas agus tagann an soirbhíochas chun cinn.

Taispeánann sé claonadh eile atá tar éis teacht isteach le deireanas. Míníonn sé nach bhfuil an

litríocht chomhaimseartha ag glacadh le 'toil Dé' a thuilleadh. Faightear é seo in SLB de réir a bharúil. Ceistítear na seanluachanna agus déantar conspóid ar shaoirse an duine. Tá sé seo le tabhairt faoi deara i gcomhthéacs na litríochta mar úsáidítear an eachtra chun troid i gcoinne na haontumhachta (SLB lch. 10). Sampla é den bholscaireacht a fhágann a rian ar an leabhar.

Faightear é freisin i gcaint Mary le Tom. Deirtear a lán faoin milleán a chuirtear ar Dhia as an gcruatan a fhulangáíonn an duine. Baineann éifeacht leis ar leibhéal na litríochta freisin. Tugann sé seans do Jack an pósadh a athnuachan. Tugtar é seo faoi deara ina iarrachtaí bheith deas di. Glacann Mary páirt ina fheactas dá bharr — feachtas a chuireann deireadh lena bpáirteanna san úrscéal (SLB lch. 166)

5. Seasamh an tsagairt sa saol

Pléann Ó'Conghaile an t-ómós a tugtaí dos na sagairt. Bhí sé ar a gcumas dar leis, an pobal a stiúradh ar an leibhéal sóisialta agus morálta. Luaitear an dearcadh a bhí ag daoine ina leith. Bhreathnaigh daoine orthu mar neacha a bhí ar chéim ní ba airde ná iad féin. (Gnéithe den Stair Shóisialta lgh. 349-353.)

Tráchtann sé ar dhá shampla as SLB ins an gcomhthéacs seo. Tá sé le feiceáil sna turasanna a dhéanadh Pádraig Mhicilín leis na sagairt (féach Gnéithe den Stair Shóisialta lch. 352). Scéal éifeachtach é seo ar an leibhéal liteartha. Glacann formhor na ndaoine le Tom Connor mar shagart. Glacann siad a chomhairle go dtí go n-insítear an scéal faoi Mharion. Tá sé seo lárnach i dtaca leis an agóid a eagraítear. Ní dhéanann na carachtair aon rud ar a gconlán féin go gcabhraíonn sé leo.

Faightear é freisin i gcaint Mharcais leis an sagart ar an litir bhagrach. Glacann Marcas lena chomhairle gan ghníomhú go mbeidh fiosruithe déanta ag Tom. Cuireann an eachtra seo leis an bhfo-phlota mar glacann lucht an oileáin leis an gcomhairle. Eagraíonn siad agóid os comhair na Dála. Casaid is cúis le soláthar na n-áiseanna bunúsacha i ndeireadh na dála.

6. An Siopadóir san áit.

Pléann Ó Conghaile áit thabachtach an tsiopadóira sa chliarlathas áitiúil. Léiríonn sé gur duine mór-le rá a bhí sa siopadóir ar féidir leis dul i bhfeidhm ar an bpobal.

Deir sé go raibh sé mar 'chrann taca' ³ ag an bpobal.

Ní thagraíonn sé do SLB, ámh, cé go bhfuil sampla ann i bpearsa Tom Jennings.

Tá Tom Jennings mar cheannaire ar na carachtair ar an leibhéal liteartha. Feidhmíonn sé mar cheannaire ar an tóir le Tom ag sagart nuair a bhíonn Terese ar iarraidh.

Tá sé ar a chumas dul i bhfeidhm ar an bpobal nuair is mian leis, cuireann sé cosc le páirt na mórthíre san fheachtas atá á reachtáil. Briseann scoilt amach idir an dá ghrúpla dá bharr. Cuireann sé seo constaic ar láimhseáil an phlota thánaistigh mar laghdaítear lucht tacaíochta na hagóide de thoradh an tseasaimh. (SLB lch. 110)

Feictear a áit i saol na háite sa chuntas a tugtar air. Deirtear go raibh dlúthbhaint aige leis na daoine mór-le-rá. Tugtar é seo le fios sa tagairt a dhéantar dá chairdeas leis na sagairt sa tseanaimsir agus óna thionchar ar pholaitíocht na dúiche (SLB lch. 112)

Tá tionchar aige ar na carachtair amanta. Tugtar é seo faoi deara i gcás Tom Connor agus é buartha faoin gcinniúint. Ceapann sé go ndéanfaidh an seanfhear díobháil dó agus do Mharion. (SLB lch. 129).

Titeann sé seo amach freisin nuair a thagann an tAthair Gilmore chuige. Léiríonn sé a thuairimí faoin gceist gan fiacal á chur ann. Cé nach n-aontaíonn formhór na ndaoine leis, géilleann an tEaspag dó — cuirtear Tom ar fionraí. (SLB lch. 172)

7. An Aicme Shóisialta

Deir Ó Conghaile go raibh áit thábhachtach ag aicmi faoi leith sa Ghaeltacht:

I súile an phobail bhí daoine nó lucht gairmeacha áirithe sa bpobal a dtugtaí ómós faoi leith dóibh de ghnáth. ⁴

Luann sé an grúpa seo a leanas — An Siopadóir, an múinteoir agus an Sagart.

Cé nach dtagraítear do SLB faightear sampla de ann nuair a bhíonn Tom Connor ag smaoineamh ar fhadhbanna an cheantair. Leagtar béim ar an méid daoine atá ag brath ar an deontas dífhostaíochta.

Ach tagraítear do na daoine nach mbaineann leis an ngrúpa freisin, an sagart ina measc. Cé nach bhfuil ann ach fó-eachtra ó thaobh na litríochta de, fagann sé a rian ar na carachtair i rith an úrscéil. Cuireann sé seo le cinneadh Tom ar fheachtas a eagrú socrú a bhfuil baint aige leis an bhfo-phlota.

Conclúidí

Foinse mhaith í SLB den stair shóisialta. Tá sé seo ceart go leor chomh fada is a dhéantar é ar an leibhéal tánaisteach le béim cheart ar chritéir liteartha.

